# Cur chuige Cothromaithe i Leith
# na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile



## Treoir SNSO (*NEPS*) don Dea-Chleachtas

| |
|---|
| Síceolaithe oideachais a chuir Treoir SNSO (*NEPS*) maidir le Dea-Chleachtais le chéile. Tá sí bunaithe ar an eolas reatha sa réimse seo. Níl inti ach treoir. Ní bheidh na moltaí uile anseo oiriúnach i gcás gach aon pháiste ná gach aon cheist. |

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Buíochas**
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na pobail scoile a ghlac páirt sna físeáin Ghaeilge atá ar fáil san áis seo.

**Scoil Náisiúnta Mhuire**, Ruisín na Mainíoch, Carna, Co. na Gaillimhe. Gabhaimid buíochas speisialta le Treasa Uí Chuaig.

**Scoil Sailearna**, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Gabhaimid buíochas speisialta le Róisín Ní Loinsigh agus le Siobhán Seoige.

**Scoil Náisiúnta Chúil Aodha**, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Buíochas speisialta le Cathal Ó Riada agus Áine Uí Chúill.

Is é an Grúpa Oibre ar Litearthacht, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, a chuir an áis seo le chéile: Mary Nugent (Cathaoirleach); Lucy Gannon; Yvonne Mullan; Diarmuid O'Rourke.

Rinne a lán daoine obair le forbairt a dhéanamh ar acmhainn ar leith don Ghaeilge. Bhí Máire Leahy (NEPS) lárnach sa teagmháil le COGG agus i gcur chun cinn dea-chleachtais. Ba mhaith linn go háirithe aitheantas a thabhairt d'obair eisceachtúil Mhuireann Ní Mhóráin as idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis an gCur Chuige Cothromaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Thacaigh comhghleacaithe in COGG agus in eagraíochtaí eile le Muireann chun an saothar a chur i gcrích agus táimid an-bhuíoch as obair na daoine seo a leanas: Is í an Dr. Neasa Ní Chuaig a rinne forbairt ar an áis ar son COGG, le tacaíocht ó Nóirín Ní Ghrádaigh, Breacadh. Tá buíochas ag dul do Bhairbre Ní Ógáin as an mbunaistriúchán , do Phól Ó Cainín, COGG, freisin as a chuidiú le profú an tsaothair agus do Mháire Nic an Rí a d'oibrigh ar na hábhair thacaíochta, a rinne eagarthóireacht agus a thug an obair chun críche.

Tá buíochas ag dul don Dr Treasa Kirk as a cuid aiseolais chabhraigh agus moltaí dearfacha.

Gabhaimid buíochas leis an Dr Pádraig Ó Duibhir, le Tuismitheoirí na Gaeltachta, agus le Máire Marshall ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a roinn a gcuid eolais go fial sna físeáin Ghaeilge. Glactar buíochas le Breacadh a thug tacaíocht don fhoireann agus an áis Ghaeilge á forbairt, agus do Róisín agus do Shadhbh a bhí sásta páirt a ghlacadh sna físeáin.

Ba mhaith le SNSO buíochas a ghabháil le Siobhan O'Donoghue, Saineolaí ar Breith ar an Léitheoireacht leis an SFGM (*PDST*), Ionad Oideachais Luimnigh, a chuidigh leis an ngrúpa oibre leis an leagan Béarla agus le hAoife Olsthoorn, a rinne taifeadadh ar na físeáin Bhéarla agus a thug tacaíocht don ghrúpa oibre agus an leagan Béarla á chur i dtoll a chéile.

Gabhann SNSO buíochas freisin leis na pobail scoile a ghlac páirt sna físeáin Bhéarla a ndéantar tagairt dóibh san áis seo.

Tá buíochas ag dul don Beirní Ní Chuinn as a cuid aiseolais chabhraigh agus moltaí dearfacha.

**Presentation Primary School**, Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach, Kaye Twomey ach go háirithe.

## Mír 1 Réamhrá



### 1.1 Réamhrá

**Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag leanúint le réimse leathan beartas oideachasúil a chur i bhfeidhm chun na gnéithe oideachasúla i Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 a chur chun cinn. Cuirfidh na beartais seo cumais sa Ghaeilge chun tosaigh sa chóras oideachais, tacóidh siad leo, agus neartóidh siad iad. Foilsíodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 agus tá sin á chur i bhfeidhm anois ar bhonn céimnithe i gcomhar le Ranna eile Rialtais agus áisineachtaí. Is dúshlán é an *Polasaí* seo do scoileanna chun oideachas d'ardchaighdeán a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trí mheán na Gaeilge. Spreagann an *Polasaí* na scoileanna agus tacaíonn sé leo chun Gaeilge a úsáid, chun cleachtadh éifeachtach agus nuálaíocht a roinnt. Tacaíonn an *Polasaí* le tumoideachas agus le húsáid na Gaeilge mar theanga cumarsáide agus teagaisc chun cabhrú le foghlaimeoirí Gaeilge an teanga a shealbhú agus chun cabhrú le cainteoirí dúchais a gcuid Gaeilge a shaibhriú.**

**Chun bonn eolais a chur faoi Churaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2015) baineadh úsáid as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Réitíonn an curaclam an bealach chun cur chuige níos comhtháite a dhéanamh i bhfoghlaim teanga. Léiríonn an curaclam na prionsabail, na treoirlínte cleachtais, agus an bhéim ar chomhtháthú atá in *Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework* (CNCM, 2009) agus tacaíonn sé le leanúnachas idir foghlaim agus forbairt na bpáistí i suíomhanna luath-óige agus foghlaim agus forbairt na bpáistí sin i mbunscoileanna. Déanann an curaclam teanga athbhrandáil ar an nGaeilge mar dhara teanga le haghaidh tromlach daltaí**

**agus mar chéad teanga do mhionlach daltaí. Tá torthaí coitianta foghlama sa churaclam agus baineann siad le foghlaim teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon agus tá an curaclam bunaithe ar an bprionsabal go n-aistríonn páistí scileanna áirithe agus coincheapa áirithe ón gcéad teanga go dtí an dara teanga. Úsáideann an curaclam teanga contanam dul chun cinn freisin chun tacú le foghlaim daltaí. Déanann an curaclam freastal ar réimse foghlaimeoirí agus ar chastacht foghlaimeoirí trasna comhthéacsanna éagsúla scoileanna. Ansin is féidir le múinteoirí scileanna teanga daltaí a neartú agus cabhrú leo ginearalú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad i dteanga amháin ionas gur féidir leo an méid sin a chur i bhfeidhm i dteanga eile.**

**I nGaelscoileanna chun cleachtadh tumoideachais a éascú le hagaidh foghlaimeoirí Gaeilge, is féidir leis na scoileanna sin tréimhse luath-thumoideachais iomláin a chur i bhfeidhm suas go dtí deireadh na naíonán sinsearach. I limistéir pleanála teanga Gaeltachta, sna scoileanna a shocraigh go nglacfadh siad páirt sa scéim aitheantais do scoileanna Gaeltachta, chun tacú le leanúnachas i bhforbairt cumas cainteoirí dúchais, is féidir leis na scoileanna sin bogadh i dtreo clár tumoideachais iomláin dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, agus ní mhúinfear aon Bhéarla sa tréimhse sin, chun an aidhm a chur i gcrích go soláthrófar oideachas d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge.**

## 1.2 Cé air a bhfuil An Treoir seo dírithe?

Tá An Treoir don Dea-Chleachtas seo dírithe ar mhúinteoirí i Ranganna na Naíonán Beag agus Mór[1], den chuid is mó. Seans go mbeidh sí áisiúil do mhúinteoirí Rang a hAon freisin. Síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a chuir le chéile An Treoir chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, 2011. Is í an aidhm is mó leis An Treoir cabhrú le múinteoirí cur chuige cothromaithe a phleanáil agus a chur i gcrích sna luathbhliant, trí eolas ar chuir chuige teagaisc agus ar dhea-chleachtais teagaisc ar bhonn fianaise a chur ar fáil dóibh. Tá físeáin ghearra san áireamh, a

[1] Is ionann Naíonáin Bheaga/Naíonáin Mhóra agus Naíonáin Shóisearacha/Naíonáin Shinsearacha nó Leibhéal 1 den Churaclam Teanga Bunscoile

taifeadadh i scoileanna Gaeltachta éagsúla agus a léiríonn an dea-chleachtas in úsáid sa seomra ranga, leis an litríocht taighde mar thacaíocht.

Tabharfaidh an áis seo tacaíocht d'obair phríomhoidí, do leas-phríomhoidí do chomhordaitheoirí litearthachta i mbunscoileanna. Leagann an Straitéis Náisiúnta amach cuspóirí maidir le féinmheastóireacht scoile, cuir chuige éifeachtacha do mhúineadh na litearthachta agus do chur i gcrích na measúnachta mar thacaíocht don litearthacht. Cuirfidh an áis tacaíochta seo bonn faoin obair sin agus tacóidh sí léi.

Déanann Máire Marshall (SNSO) cur síos ar an áis san fhíseán seo.



Tá An Treoir don Dea-Chleachtas seo ag teacht le Curaclam Teanga na Bunscoile ón CNCM (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta) freisin. Leagann an curaclam reachtúil seo amach torthaí foghlama, na contanaim dul chun cinn agus na mórchéimeanna don teanga ó bhéal, don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon, ó Rang na Naíonán Mór go deireadh Rang a Dó. Is curaclam comhtháite teanga atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Is éard atá i gceist le curaclam comhtháite teanga, '… go bhfuil an struchtúr céanna agus na snáitheanna céanna ann don Ghaeilge agus don Bhéarla d'fhonn tacú le comhtháthú trasna an dá theanga' (CNCM, 2015: 8). Tacóidh An Treoir seo ó SNSO (*NEPS*) le scoileanna agus iad ag cur an churaclaim sin i gcrích agus iad ag baint na dtorthaí foghlama atá luaite amach, go háirithe maidir le gnéithe na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Cé go gclúdaíonn

curaclam an CNCM páistí ó Rang na Naíonán Beag go deireadh Rang a Dó (Céimeanna 1 agus 2), díríonn An Treoir seo ar Chéim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) agus ar na céimeanna luatha i gCéim 2 (Rang a hAon).

Bíodh is gur ar thaighde ar litearthacht an Bhéarla a bunaíodh an áis seo, cuireadh taighde ar an nGaeilge agus ar fhorbairt na litearthachta sa teanga mhionlaigh san áireamh agus an leagan Gaeilge den áis á cur le chéile.

Cé gurb í aidhm na hoibre seo tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i múineadh na litearthachta do pháistí sna luathbhlianta, tuigtear go maith go bhfuil roinnt páistí ann a mbeadh dúshláin os a gcomhair maidir le forbairt scileanna litearthachta, páistí a mbeadh fadhbanna céadfacha acu, páistí a mbeadh deacrachtaí urlabhraíochta agus teanga acu, páistí a bheadh faoi mhíchumas foghlama ginearálta, páistí a mbeadh fadhbanna éisteachta acu nó páistí a mbeadh radharc na súl lag acu, mar shampla. Athróidh an múnla oibre de réir riachtanais na bpáistí seo agus seans go mbeidh idirghabháil áirithe atá bunaithe ar a gcuid riachtanas de dhíth orthu. Tá tacaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí le fáil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ina leith seo www.ncse.ie

Cliceáil anseo chun iarratas ar thacaíocht a dhéanamh ar an NCSE http://www.sess.ie/support


Cliceáil anseo d'ábhair an SESS maidir leis an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol, 2011 http://www.sess.ie/lnll

Ar an 20ú Márta 2017, d'athraigh bainistíocht na Seirbhíse Tacaíochta don Oideachas Speisialta, na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do Leanaí atá Bodhar / a bhfuil Deacrachtaí Éisteachta agus do Leanaí atá Dall go dtí an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Beidh na sonraí teagmhála i ngach eagraíocht mar an gcéanna don scoilbhliain (2016-2017).

Ar deireadh, is féidir an acmhainn a chur san áireamh chomh maith i gcomhthéacs na dTreoirlínte nua maidir le Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu eisithe do bhunscoileanna i 2017 chun tacaíocht a thabhairt don tsamhail nua ar leithdháileadh múinteoirí.

Treoirlínte do Bhunscoileanna - Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

*Ó tharla go bhfuil cuid mhór fianaise ann go hidirnáisiúnta go mbíonn torthaí feabhsaithe ag daltaí mar gheall ar chláir luath-idirghabhála agus coisc, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna acmhainní cuí ar fáil chun cláir den chineál seo a chur i bhfeidhm.Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú ag scoileanna acmhainní breise teagaisc a úsáid i ranganna sóisearacha chun modhanna teagaisc stáisiún a bhfuil sé mar sprioc acu scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta a neartú. Nuair an bhaintear úsáid as cláir luath-idirghabhála agus coisc is amhlaidh go gcuidítear leis an maolú i bhforbairt na foghlama, agus le deacrachtaí sóisialta agus mothúcháin. Eiseamláir de chlár le haghaidh luath -idirghabhála agus coisc ar dheacrachtaí litearthachta is ea An Cur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunrangana na Bunscoile.*


Treoirlínte do Bhunscoileanna

Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Tá An Treoir roinnte ina míreanna, mar a fheictear thíos:

**Mír 1 – Réamhrá**

**Mír 2 – An Gá a bhaineann le Cur Chuige Cothromaithe**

Teip léitheoireachta a chosc, cleachtas oibre ar bhonn fianaise, an cur chuige cothromaithe a chur i láthair, creatlach an chuir chuige chothromaithe, am léitheoireachta

**Mír 3 – Bunriachtanais don Léitheoireacht**

Teacht ar leabhair, taithí ar an teanga ó bhéal, léitheoireacht sa bhaile, spreagadh

**Mír 4 – Foghlaim conas focail a aithint**
Fóineolaíocht, fónaic, amharcfhocail, straitéisí chun focail a léamh

**Mír 5 – Léitheoireacht a bhfuil brí léi**
Foclóir, tuiscint, líofacht

**Mír 6 – Cumarsáid Scríofa**
Peannaireacht, litriú agus scríbhneoireacht a bhfuil brí léi

**Mír 7 – Measúnú don Teagasc agus don Fhoghlaim**
An plean measúnaithe, measúnú chun foghlama, measúnú ar an bhfoghlaim

**Mír 8 – Taithí Shaibhir Léitheoireachta**
Ag scaoileadh leis an bhfreagracht de réir a chéile, léamh os ard idirghníomhach, léitheoireacht i gcomhpháirt, léitheoireacht faoi threoir, léitheoireacht ó bhéal ó théacsanna atá ar leibhéal 'díreach ceart', léitheoireacht neamhspleách

**Mír 9 – Forbairt do Mhúinteoirí**
Caighdeán na múinteoireachta, forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí

### 1.1 Cad iad na foinsí fianaise a úsáideadh?

Tógadh na torthaí taighde atá luaite sa Treoir seo ó réimse leathan foilseachán agus téacsanna tábhachtacha. Dírítear ar ábhar a foilsíodh le 15 bliana anuas. Tá liosta na dtéacsanna a úsáideadh le fáil i mír na dTagairtí.

## Mír 2 - An Gá atá le Cur Chuige Cothromaithe

> *It is possible today to help our youngest readers learn to read more successfully than ever before, particularly by taking advantage of what many years of conclusive evidence from research assures us about the effectiveness of a balanced approach to reading instruction.*
>
> Cowen, 2005, xiii

### 2.1 An léitheoireacht i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge

Faightear léargas fiúntach i dtuairisc dar teideal *Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge (2011).* Cuireadh 60 scoil Ghaeltachta (SG) agus 60 scoil lán-Ghaeilge san áireamh agus ba ar dhaltaí Rang a Dó agus Rang a Sé a díríodh sa tuairisc. Sa chomparáid a rinneadh, dúradh go raibh meánmharc dhaltaí Rang a Dó agus Rang a Sé i scoileanna arb í an Ghaeilge meán teagaisc na scoile, "… significantly higher …" (Shiel et al., 2011: 11) ná an meán náisiúnta. Cé nach raibh mórán de dhifríocht idir meánmharc na SG agus an meán náisiúnta i Rang a Dó, bhí meánmharc Rang a Sé sna SG "… significantly higher …" (Shiel et al., 2011: 11) ná an meán náisiúnta.

Mar sin féin, is beag mioneolas atá ar fáil maidir le caighdeán léitheoireachta na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

De réir thaighde de Brún (2007) ar nósanna léitheoireachta daltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is beag léitheoireacht a dhéanann daltaí sa Ghaeilge agus iad ag léamh go neamhspleách. Tuairiscíodh gur 10% de

rannpháirtithe an taighde a mheas gur i nGaeilge den chuid is mó a léigh na daltaí agus iad ag léamh go neamhspleách i gcomparáid le 48% a dúirt an rud céanna i dtaobh an Bhéarla (de Brún, 2007: 4).

Is beag leabhar Gaeilge a bhíonn ar fáil i dtithe theaghlaigh na Gaeltachta nó i dtithe theaghlaigh na ndaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge de réir thuarascáil Shiel et al. (2011). Luadh nach raibh ach 12% de dhaltaí Gaeltachta i Rang a Sé agus 9% de dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge a raibh idir 51 – 101 nó níos mó leabhar Gaeilge acu sa bhaile. Bhí 56% de dhaltaí Gaeltachta agus 64% de dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge nach raibh ach idir 0 – 10 leabhar Gaeilge acu sa bhaile (Shiel et al., 2011: 17-18).

Ar na deacrachtaí a luann Hickey agus Ó Cainín (2003) a bhíonn ag daltaí le léitheoireacht na Gaeilge tá: díchódú na Gaeilge; cungú ar chumas Gaeilge na ndaltaí; soláthar srianta de leabhair oiriúnacha; inspreagadh íseal; fadhb tacaíochta; agus easpa nós léitheoireachta sa teaghlach.

## 2.2 Deacrachtaí léitheoireachta

Meastar uaireanta gur minic a dhéantar diagnóis mhícheart ar dhisléicse mar mhíniú ar theip léitheoireachta. Ba é seo an tátal a bhain Vellutino, Snowling agus Scanlon (2004) as athbhreithniú cuimsitheach a rinne siad ar thaighde ar dhisléicse: '*recent intervention studies have clearly demonstrated that reading difficulties in most beginning readers are not invariably caused by basic cognitive deficits or biological origin',* agus mar sin, *'current estimates of the incidence of true reading disabilities are greatly inflated*'. Luann siad gur de bharr 'taismí teagaisc' go bhfuil daoine ann a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu. Tacaíonn Pressley & Allington (2014) leis an tuairim seo – luann sé go bhfuil disléicse bhitheolaíoch neamhchoitianta i gcomparáid le teip léitheoireachta a tharlaíonn mar gheall ar theagasc míchuí. Maidir le léitheoirí laga, is í an fhadhb atá acu

siúd, dar leis, nach bhfuair siad dianteagasc sa díchódú riamh nó gur múineadh an díchódú dóibh ar bhealach neamhéifeachtach, lag.

> *Every child can, in principle, learn to read and write.*
> Tuarascáil deiridh AE, 2012

**2.3 Cleachtas ar bhonn fianaise**

Is gá go mbeadh eolas cuimsitheach ag múinteoirí ar fhorbairt na litearthachta, bunaithe ar dhea-chleachtas ar bhonn fianaise (Morrow agus Gambrell, 2011). Tá an cleachtas seo bunaithe ar thaighde agus ba chóir go ndéanfaí modhanna múinte na litearthachta a thástáil go dian sa saol réalaíoch. Tá fianaise láidir ann ó fhoinsí éagsúla maidir le teagasc éifeachtach sna luathbhlianta. Seo a leanas deich gcinn de shamplaí dea-chleachtais ar bhonn fianaise do theagasc cuimsitheach na litearthachta ó Gambrell, Malloy agus Mazzoni, 2011. Tacóidh na samplaí seo le Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i bhfeidhm go héifeachtach:

1. Cultúr a chruthú sa seomra ranga a chothaíonn spéis sa litearthacht.
2. Aidhmeanna údaracha a bheith le léitheoireacht a mhúineadh: ar mhaithe le pléisiúr, le heolas a fháil, le gníomh nó jab ar leith a chur i gcrích.
3. Creatlach tacaíochta teagaisc a sholáthar do pháistí maidir le tuiscint fhóinéimeach, fónaic, stór focal, líofacht mar aon le tuiscint a spreagfaidh léitheoireacht neamhspleách.
4. Am a thabhairt do pháistí chun léitheoireacht a roghnaíonn siad féin a dhéanamh. (Ba cheart díriú ar an nGaeilge amháin i scoileanna a mbíonn an luath-thumoideachas i bhfeidhm iontu.)
5. Litríocht ar ardchaighdeán, agus thar réimse leathan ábhar, a sholáthar do pháistí.

6. Téacsanna éagsúla a sholáthar a chuireann le heolas a sealbhaíodh roimhe sin, a cheanglaíonn coincheapa éagsúla agus a mhéadaíonn stór focal na bpáistí.
7. Comhthéacs ranga a chothú a chuireann béim ar an bpobal agus ar an gcomhoibriú.
8. Cothromaíocht a bheith ann idir plé ar théacsanna a stiúrann an múinteoir agus plé a stiúrann an páiste féin.
9. Teicneolaíocht a nascann agus a mhéadaíonn coincheapa a shníomh isteach.
10. Teagasc Difreálach (*differentiated*) a chur i bhfeidhm trí mheasúnuithe éagsúla, ábhartha a úsáid.

Cé go gcuirtear béim ar chleachtas ar bhonn fianaise, aithnítear freisin an tábhacht atá le taithí agus ciall phroifisiúnta. Mar a luann Gambrell et al. (lch29): *No matter how well a particular practice is shown to be effective by research, optimal literacy teaching and learning can only be achieved when skillful, knowledgeable and dedicated teachers are given the freedom and latitude to use their professional judgement to make instructional decisions that enable students to achieve their full literacy potential*.

## 2.4 Cur Chuige Cothromaithe a chur i láthair

Aithnítear gur gá do thaithí luathlitearthachta pháistí bheith bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar thaithí fhairsing (Pressley & Allington, 2014, Morrow agus Gambrell, 2011, Cowen 2005). Chun go n-éireodh le teagasc na litearthachta, is gá meascán de theagasc ar bhonn scileanna agus teagasc na teanga iomláine a cheangal le chéile i dtimpeallacht atá spreagúil agus tacúil le tuiscint na ndaltaí a fhorbairt. (Pressley & Allington, 2006).

## 2.5 Sainmhíniú ar Chur Chuige Cothromaithe

Níl sainmhíniú daingean aontaithe ann ar cad atá i gceist le cur chuige cothromaithe i leith na litearthachta, cé go n-aontaítear ar na príomhghnéithe. Cuireann múnlaí éagsúla béim ar ghnéithe éagsúla nó úsáideann siad ceannteidil éagsúla. Tugann Cowen (2005) cur síos leathan air – féach thíos.

**Cur Chuige Cothromaithe**

> *A balanced reading approach is research-based, assessment-based, comprehensive, integrated, and dynamic, in that it empowers teachers and specialists to respond to the individual assessed literacy needs of children as they relate to their appropriate instructional developmental levels of decoding, vocabulary, reading comprehension, motivation and socio-cultural acquisition, with the purpose of learning to read for meaning, understanding and joy.*
>
> Cowen, 2005, lch10

## 2.6 An Litearthacht sna Luathbhlianta

Mínítear i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2015) go dtugann tréimhse tumtha sa Ghaeilge sna luathbhlianta deis do chainteoirí dúchais Gaeilge saibhriú agus

forbairt a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge agus go dtugann sí deis d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge, "… iad féin a thumadh sa teanga" (CNCM, 2015: 6). Creidtear go dtacóidh an cur chuige sin leis an dátheangachas suimitheach, is é sin "… go bhfoghlaimíonn duine an T2 gan aon dochar a dhéanamh don T1" (Ó Duibhir, Ní Chuaig, Ní Thuairisg & Ó Brolcháin, 2015: 7). Áitíonn Landry, Allard & Deveau (2007) go ndéantar treisiú ar an dátheangachas suimitheach nuair a dhéantar cúram faoi leith don teanga mhionlaigh. Fiú sa chás a bhíonn tumadh iomlán á dhéanamh sa Ghaeilge sna luathbhlianta, aithnítear go ndéanfaidh na daltaí traschur ar na scileanna teanga ó Ghaeilge go Béarla, "... go háirithe na scileanna litearthachta" (CNCM, 2015: 6). Cé go mb'fhéidir go mbeadh bunús maith cainte ag daltaí áirithe ag teacht chun na scoile dóibh, maíonn Ó Duibhir & Cummins (2012) gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt don teanga mhionlaigh (an Ghaeilge sa chás seo) chun cúiteamh a dhéanamh ar cheannas an Bhéarla sa phobal.

> Ar mhaithe le cleachtas an tumoideachais i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a éascú d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus chun tacú d'fhorbairt chumais i dteanga an chainteora dúchais, beidh sé de rogha ag na scoileanna seo tréimhse tumoideachais iomláin a fheidhmiú go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach, faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí. Ní thosófar ar mhúineadh an Bhéarla agus scileanna foirmiúla litearthachta in T2 na scoile go dtí tar éis tréimhse tumoideachais iomlán a shocraíonn an scoil. (CNCM, 2015:43)



Déantar tagairt i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2015) do dhaltaí nach iad an Ghaeilge agus an Béarla amháin a bhíonn le cloisteáil acu sa bhaile. Is féidir le múinteoirí tacaíocht a thabhairt do dhaltaí atá ag foghlaim na Gaeilge mar dhara, mar thríú teanga, nó ceathrú teanga fiú, má leantar na prionsabail a leagtar amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2015:41).

Déanann an Dr Pádraig Ó Duibhir cur síos ar Churaclam Teanga na Bunscoile, ar thraschur scileanna, agus ar an dátheangachas suimitheach.



**Séideán Sí**

Le freastal ar riachtanais daltaí sna scoileanna Gaeltachta agus sna Gaelscoileanna a ceapadh an clár Séideán Sí. Cúrsa comhtháite, taitneamhach, páistelárnach le haghaidh múineadh na Gaeilge atá ann. Tá idir áiseanna digiteacha agus clóite ann a fhéachann le cúram a dhéanamh de gach uile ghné den churaclam agus d'fhorbairt na litearthachta. Tá sé bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach agus déantar comhtháthú ann ar an éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Tá Foras na Gaeilge i gcomhar leis na comhpháirtithe, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus An Chomhairle um Scrúduithe Curaclaim agus Measúnachta (CCEA) ó thuaidh, i mbun tionscadail chun cur leis na háiseanna digiteacha a ghabhann leis an gclár, Séideán Sí. Táthar ag cur leis na háiseanna digiteacha ar www.seideansi.ie mar thoradh ar an gcomhfhiontar seo.

Séideán Sí

## 2.7 Creatlach don Chur Chuige Cothromaithe


**Crann na Litearthachta a chur i láthair**

Eascraíonn an chreatlach atá anseo as múnlaí éagsúla. Tá fíorthábhacht le Curaclam Teanga na Bunscoile, a luann trí phríomhsnáithe:

- Teanga ó bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht


Díríonn an áis seo ó SNSO (*NEPS*) ar shnáitheanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta ach go háirithe. Úsáideann an múnla léitheoireachta atá againn íomhá de chrann – rud atá orgánach, forásach, faoi bhláth.

Crann na Litearthachta



[Cliceáil anseo le héisteacht le Siobhán O'Donoghue, Saineolaí ar Breith ar an Léitheoireacht SFGM (*PDST*) ag labhairt faoi struchtúr Chrann na Litearthachta.]

Ar an iomlán, feicimid go bhfuil an teanga i gcroílár na léitheoireachta – is í corp an chrainn í. Is scileanna teanga iad an scríbhneoireacht agus an léitheoireacht. Tá na scileanna teanga – labhairt, éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht – ag brath go mór ar a chéile.




Bíonn an dátheangachas suimitheach i réim nuair a bhíonn forbairt chuí á déanamh ar an dá theanga (an Ghaeilge agus an Béarla sa chás seo). De bharr gur teanga mhionlaigh í an Ghaeilge, is gá tacaíocht bhreise a chur ar fáil di i gcomhthéacs na scoile.

Tá fréamhacha sláintiúla ag teastáil ón gcrann chun go bhfásfaidh sé. Is gá do na fréamhacha seo bheith ann sula gcuirtear tús leis an léitheoireacht, agus go leanfadh siad orthu ag fás agus ag forbairt de réir mar a fhorbraíonn an léitheoireacht. Is iad seo na **bunriachtanais don léitheoireacht** agus léirítear iad mar fhréamhacha an chrainn:

**.Bunriachtanais don léitheoireacht**

Teacht ar leabhair

Taithí ar an teanga ó bhéal


Léamh sa bhaile

Spreagadh




Fásann trí ghéag láidre as corp na teanga. Sin iad na scileanna léitheoireachta:

Focail a aithint




Cumarsáid scríofa




Léitheoireacht a bhfuil brí léi



Tá roinnt duilleog nó foscileanna ar na géaga ar fad – tá na duilleoga seo a leanas ar an ngéag a bhaineann le **Focail a aithint**:

Tuiscint ar an bhFóineolaíocht

Fónaic

Amharcfhocail

Straitéisí léite focal










Tá na duilleoga seo a leanas ar an ngéag a bhaineann le **Léitheoireacht a bhfuil brí léi:**

Stór focal

Líofacht (athléitheoireacht agus léitheoireacht faoi threoir)

Tuiscint








Tá na duilleoga seo a leanas ar an ngéag a bhaineann le **Cumarsáid scríofa:**

Peannaireacht

Litriú

Scríbhneoireacht a bhfuil brí léi








Chun go bhfásfaidh crann, bíonn rudaí eile ag teastáil freisin: solas na gréine, báisteach agus ithir mhaith.

Teastaíonn solas na gréine – sa chás seo, **taithí shaibhir léitheoireachta** – ón gcrann. Ina measc tá:




- Léamh os ard go hidirghníomhach
- Léitheoireacht i gcomhpháirt
- Léitheoireacht faoi threoir
- Léitheoireacht ar leibhéal 'díreach ceart'
- Léitheoireacht neamhspleách




Seasann an bháisteach, a chabhraíonn leis an gcrann fás, don **Mheasúnú don Teagasc, agus don Fhoghlaim**. Seasann na braonta báistí do chodanna an mheasúnaithe:




- Pleananna don mheasúnú
- Freagairt ar threoir
- Measúnú ar an bhFoghlaim

Cuimsíonn an roinn **Measúnú ar an bhFoghlaim** an dul chun cinn scríbhneoireachta agus léitheoireachta, mar atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus déantar tagairt do na mórchéimeanna agus do na mionchéimeanna dul chun cinn chomh maith.

Mar chríoch, is chun ratha a rachaidh crann na léitheoireachta má tá sé suite in ithir atá saibhir. Seasann an ithir don Teagasc:




- Caighdeán an teagaisc
- Forbairt gharmiúil mhúinteoirí



## 2.8 Cé mhéad ama a chaitear le gach ceann de na codanna?

Braithfidh an tábhacht atá le codanna éagsúla na creatlaí ar riachtanais na bpáistí. I gcás daltaí arb í an Ghaeilge an dara nó an tríú teanga acu, seans go mbeidh gá le níos mó béime a chur ar stór focal a fhorbairt agus ar an teanga ó bhéal. Beidh ar pháistí áirithe díriú níos mó ar fhónaic. Tá an measúnú a dhéantar ríthábhachtach maidir leis an gcaoi is fearr chun am teagaisc agus foghlama a úsáid. Féach Mír 8.

### 2.8.1. Cé mhéad ama ba chóir a chaitheamh ar an litearthacht?

Maidir leis an méid ama ba chóir a chaitheamh ar an litearthacht, tá an chomhairle soiléir – dá mhéad am a thugtar do theagasc na litearthachta, is ea is fearr na torthaí foghlama. Dírítear ar an nGaeilge amháin i ranganna na naíonán i scoileanna a chuireann an luath-thumoideachas i bhfeidhm. Déantar traschur ar scileanna áirithe go Béarla ina dhiaidh sin. Molann a lán saineolaithe gur chóir, sna luathbhlianta, 90 nóiméad de theagasc ar litearthacht a thabhairt do pháistí in aghaidh an lae (Kennedy et al, 2012, Shanahan, 2008). Is fearr é seo a sholáthar i dtrí chuid, 30 nóiméad an ceann, agus gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh i ngach cuid acu. Leag Ciorcalán 0056/2011 na chéad chéimeanna a bhí le tógáil sna bunscoileanna agus an straitéis náisúnta litearthachta agus uimhearthachta á cur i gcrích. Ó mhí Eanáir 2012 ar aghaidh, tá sé de dhualgas ar bhunscoileanna méadú uair an chloig in aghaidh na seachtaine a dhéanamh ar an tréimhse theagaisc a thugtar don litearthacht i gcéad teanga na scoile; ciallaíonn seo go bhfaighidh páistí atá i ranganna na naíonán (a bhfuil lá scoile níos giorra acu) 6.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine don fhorbairt teanga (sin 78 nóiméad in aghaidh an lae).

Tá fianaise mhaith ann go bhfuil buntáiste le teagasc rialta atá dáilte go cothrom (féach Solity, 2000 agus Solity, Deavers, Kerfoot, Crane agus Cannon, 2000). Ciallaíonn cleachtas dáilte go mbristear suas cleachtadh ar scileanna atá ag teacht chun cinn i rith an lae scoile ar fad, seachas é a bheith dírithe ar thréimhse ama amháin sa lá. Mar shampla, má tá fuaim litreach nua le múineadh, beidh cleachtadh beag, a mhairfidh trí nóiméad, a tharlóidh trí huaire sa lá, níos éifeachtaí ná tréimhse 10 nóiméad a chaitheamh ar an bhfuaim sin uair amháin sa lá.

## 2.9 Litearthacht Dhigiteach

Tagraíonn litearthacht dhigiteach do na scileanna, don eolas agus don tuiscint atá ag teastáil chun teacsanna ilmhódacha a aimsiú, a úsáid agus a chruthú. Scaiptear na téacsanna seo trí mheáin leictreonacha, ríomhairí, consóil, fóin phóca agus teicneolaíochtaí scáileán teagmhála. Uaireanta tugtar 'nualitearthacht' nó 'litearthacht don aois dhigiteach' air seo.



Cé nach ndírítear ar an litearthacht dhigiteach san áis seo, tá áiseanna digiteacha ar fáil sa Ghaeilge a chuideoidh le daltaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna litearthachta digití mar shampla:

[www.seideansi.ie/](http://www.seideansi.ie/)

[www.leighleat.com/](http://www.leighleat.com/)


[http://ccea.org.uk/curriculum/gaeloideachas](http://ccea.org.uk/curriculum/gaeloideachas)




www.anmuinteoir.ie

www.scoilnet.ie/

Tá CD-ROMannna le cluichí focal agus léitheoireachta ar nós Boghaisín na bhFocal agus Drochlá Ruairí ar fáil ó www.fiosfeasa.ie




Tá cur síos níos mine ar na háiseanna digiteacha atá ar fáil san eolaire d'áiseanna teagaisc na Gaeilge Oscail & Léigh ón gComhhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/oscail-leigh-2016.pdf

## Mír 3 – Bunriachtanais don Léitheoireacht


Teacht ar leabhair, taithí ar an teanga ó bhéal, léamh sa bhaile, spreagadh



Tá na bunriachtanais don léitheoireacht ag fréamhacha an chrainn léitheoireachta.

### 3.1 Teacht ar leabhair

> *A way to destroy a child's love of reading, of course, is to make sure there are no books around. And to give them nowhere to read those books.*
>
> The Reading Agency, 2013





Tacaíonn taighde leis an dearcadh coitianta go ndéanfaidh páistí, a bhfuil a lán leabhar acu sa bhaile, a lán léitheoireachta. Faraor, i gcás páistí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste is minic nach mbíonn teacht acu ar ábhar léitheoireachta atá ar ardchaighdeán. Dúirt Neuman agus Celano (2001) gur dóichí go mbíonn fuílleach ábhar léitheoireachta ag páistí ó chúlra meánaicmeach ach go mbíonn ar pháistí ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch dul ar thóir na leabhar de shíor. Lena chois sin, is beag leabhar Gaeilge a bhíonn ag daltaí ina gcuid tithe, beag beann ar chúlra socheacnamaíoch na ndaltaí (Shiel et al., 2011). Mar sin, tá sé riachtanach go mbeadh ról níos lárnaí ag scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge leabhair a aimsiú agus a chur ar fáil dá gcuid daltaí.

Tá ról fíorthábhachtach ag scoileanna lena chinntiú go bhfuil teacht ag gach páiste ar leabhair atá ar ardchaighdeán. Má bhíonn leabhar flúirseach timpeall ar pháistí atá i ranganna na naíonán beag agus mór bainfidh siad i bhfad níos mó úsáide astu nuair a bhíonn am saor acu. Bainfidh páistí an tairbhe agus an úsáid is mó astu nuair a bhíonn leabhair 'ar taispeáint' ar an seilf agus teacht ag na páistí orthu go héasca. Bainfidh naíonáin, ach go háirithe, sult as dul chuig cúinne na leabhar



agus leabhair a roghnú agus a 'léamh' – leabhair a bhfuil eolas acu orthu ó bheith ag éisteacht leo agus tuismitheoirí nó múinteoirí á léamh dóibh. Tá sé tábhachtach freisin go gceadófaí do pháistí leabhair a thógáil ar iasacht le tabhairt abhaile.

Mar sin, maidir le scoileanna (agus scoileanna DEIS ach go háirithe), tá sé tábhachtach:

- Go mbeadh leabharlann ranga acu ina mbeadh 15 leabhar, ar a laghad, do gach dalta. (I gcás scoileanna atá ag tabhairt faoin luath-thumoideachas, is ar na leabhair Ghaeilge amháin a dhíreofaí le linn na tréimhse sin).
- Go mbeadh leabharlann scoile acu, ina bhfuil neart leabhar (agus daoine fásta ar fáil inti a chabhródh leis na páistí téacsanna oiriúnacha a roghnú).
- Go mbeadh leabharlanna acu ina mbeadh leabhair a bhfuil tóir ag páistí orthu (*Clic! Clic! le Ruairí*, *Orla Uan*, *An Coileach Codlatach, Macán san Oíche Dhorcha, Cillian ag Comhaireamh, Báidín Fheidhlimidh* srl.).
- Go ndéanfaí uasdátú go rialta ar an stoc leabhar.
- Go spreagfaí páistí le bheith ina mbaill den leabharlann phoiblí
- Réimse leabhar ag leibhéil éagsúla deacrachta.

Tá ról lárnach ag leabharlanna in aon chlár litearthachta teaghlaigh. Is gá do thuismitheoirí leabhair a soláthar de shíor do pháistí, ón leabhar pictiúr don leanbh óg go dtí an leabhar bleachtaireachta is déanaí don pháiste níos sine.

Club Leabhar Thuismitheoirí na Gaeltachta

### 3.1.2 Roghnú Téacsanna

Tá sé an-tábhachtach téacsanna difriúla a chur i láthair páistí. Tá claonadh ag múinteoirí a mhúineann páistí óga leabhair scéalta a chur chun cinn, seachas ábhair eile. Léirigh suirbhé, a rinneadh i suímh réamhscolaíochta i S.A.M., nach raibh téacsanna faisnéise ach ar 10 -15% den ábhar a léadh amach os ard i seomraí ranga luath-óige (Yopp agus Yopp, 2000). Fágann sé sin páistí nach bhfuil mórán taithí acu ar théacsanna faisnéise faoi mhíbhuntáiste nuair a bhíonn ábhar den sórt sin le léamh acu.

Tabharfaidh téacsanna neamhfhicsin ar ardchaighdeán:

• Cúlra ar ábhair éagsúla: dineasáir, trucailí, feithidí srl.


• Foclóir sainiúil

• Samplaí de na céimeanna a bhaineann le nithe áirithe, e.g. ó thorbán go frog agus araile

• Deiseanna chun rudaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile

• Tuiscint bhunúsach ar chúis agus ar éifeach

Tá liosta leabhar léitheoireachta do dhaltaí bunscoile ar fáil ag: http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/leitheoireacht-na-gaeilge_web.pdf



### 3.1.3. Coincheapa an phrionta

Caithfidh páistí a thuiscint cad atá i gceist le leabhar agus conas a fheidhmíonn leabhar. Tagann roinnt páistí chun na scoile agus eolas maith acu ar leabhair, ach is gá na bunchoincheapa a mhúineadh do roinnt eile, mar shampla:


- Tuiscint a bheith acu go léitear leabhar
- Clúdach, cúl, barr agus bun leabhair a aithint
- Tuiscint a bheith acu ar conas leathanaigh an leabhair a thiontú i gceart
- An difríocht idir prionta agus pictiúir a aithint
- Tuiscint a bheith acu ar an áit a dtosaíonn duine ag léamh ar an leathanach
- Coincheapa bunúsacha a thuiscint; litir, focal & barr leathanaigh, mar shampla
- Poncaíocht shimplí a thuiscint
- Na téarmaí 'teideal', 'údar' agus 'maisitheoir' a thuiscint

(Curtha in oiriúint ó Morrow, L., Freitag, E., agus Gambrell, L.B., 2009)

Leabhar á chur i láthair



**Tugann an DVD Tús na Léitheoireachta a ghabhann le clár Séideán Sí moltaí do mhúinteoirí maidir le conas tabhairt faoin léitheoireacht sna bunranganna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá moltaí/comhairle ar an DVD maidir le suim sa léitheoireacht a chothú, eagrú ranga don léitheoireacht,chomh maith le samplaí maithe de mhodhanna teagaisc éagsúla ó mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta ISBN 978-1-85791-778-9**




### 3.2 Eispéiris ar an teanga ó bhéal

> *Oral language is the foundation of learning to read and write. Speaking and listening skills learned in the preschool and infant classes are crucial to future reading and writing achievement and school success. Children who do not develop strong oral language skills during this time find it difficult to keep pace with their peers in later years.*
>
> Roskos, Tabors, agus Lenhart, 2004.

Léiríonn taighde go mbíonn gaol níos láidre ag buntáistí acadúla sa léitheoireacht le scil theanga páistí ná lena gcumas cognaíoch ginearálta (National Early Literacy Panel, 2004; National Institute of Child Health and Human Services, 2000).

Bíonn éagsúlachtaí ollmhóra i bhforbairt teanga na bpáistí a thagann isteach i Rang na Naíonán Beag. I gcás scoileanna Gaeltachta, bíonn éagsúlacht cumais ag daltaí sa Ghaeilge ag brath ar theanga an teaghlaigh agus ar neart na Gaeilge sa phobal. Freastlaíonn roinnt mhaith daltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar naíonraí chun deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar a gcumas teanga. Is minic nach mbíonn deis ag daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge forbairt a

dhéanamh ar a gcumas sa Ghaeilge sa teaghlach ná sa phobal. Tuigimid go bhfoghlaimítear stór focal de réir a chéile, trí theacht trasna ar an bhfocal céanna arís agus arís eile (Stahl, 2003). Ach is dúshlán leanúnach é go bhfuil a lán páistí i dteaghlaigh nach bhfuil an saibhreas cainte acu atá riachtanach chun forbairt teanga a chur chun cinn. Léirigh taighde ceannródaíoch Hart agus Risely (1995) nach mbíonn taithí ag páistí ina lán teaghlach ach ar líon srianta focal ón stór focal agus nach mbíonn deiseanna maithe acu dul i mbun comhrá. Fuair na taighdeoirí amach go mbíonn thart ar a cúig oiread comhrá ag teaghlaigh rachmasacha lena bpáistí agus go n-úsáidtear stór focal níos leithne sna comhráite seo ná mar a bhíonn i dteaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste. Chomh déanach le 2016 rinne Hindman et al cur síos ar na 'striking vocabulary disparities' a mhaireann idir paistí atá beo bocht agus a gcomhghleacaithe ardioncaim.

Tugann sonraí a bailíodh do scoileanna DEIS sa bhliain 2012 tacaíocht don teoiric seo. Léirigh siad seo, maidir lena lán de na páistí a bhí ag tosú sna Naíonáin Bheaga, go raibh a bhforbairt teanga agus stór focal i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta (níos mó ná diall caighdeánach iomlán). Tá leibhéil teanga nár forbraíodh i gceart ar cheann de na baic is mó le litearthacht a bhaint amach. *For children with too little exposure to and development of oral language, learning to read and write is very hard* (Roskos, Tabors agus Lenhart, 2004). Fiú i gceantair ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt go laethúil, is léir go bhfuil tionchar ag ceannas an Bhéarla ar an bhforbairt teanga sa Ghaeilge. Tuairiscítear i dtaighde Pétervary, Ó Curnáin, Ó Giollagáin & Sheahan (2014) go bhfuil cumas níos airde ag daltaí Gaeltachta, ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, sa Bhéarla ná mar atá acu sa Ghaeilge. De dheasca gur teanga mhionlaigh í an Ghaeilge, caithfear tacaíocht bhreise a thabhairt do dhaltaí an Ghaeilge a fhorbairt ar scoil, sa teaghlach, agus sa phobal chun an dátheangachas suimitheach a threisiú.

Nuair a bheidh múinteoirí ag plé leis na deacrachtaí teanga seo, seans gurbh ábhar machnaimh dóibh é seo: Beag beann ar cé chomh mealltach agus atá clár teanga atá réamhdhéanta, ba chóir go ndéanfadh scoileanna a ndícheall eispéiris/taithí teanga a thagann le saol na bpáistí atá sa scoil acu a chruthú sa seomra ranga agus iad a bheith i gcomhthéacs, mar a mhol Kirkland agus Patterson [“authentic, contextualised language experiences in classrooms” (Kirkland agus Patterson, 2005)]. Le bheith éifeachtach, caithfear múineadh na teanga labhartha a phleanáil go stuama, taobh le taobh leis na gnéithe eile ar fad a bhaineann le cur chuige cothromaithe na luathlitearthachta. Tá breis eolais ar fhorbairt teanga ó bhéal le fáil i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

Is iad seo a leanas gnéithe na foghlama teanga a bhaineann le Teanga ó bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht atá luaite i gCuraclam Teanga na Bunscoile:

- Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga
- Ábhar agus struchtúr teanga a thuiscint
- Teanga a úsáid agus a fhiosrú

Caithfidh múinteoirí na naíonán a bheith ***scéimiúil, seiftiúil*** agus ***spraíúil*** ina gcaidreamh le páistí óga (Assel, Landry, Swank, agus Gunnewig, 2007). Caithfidh múinteoirí measúnú a dhéanamh ar an leibhéal ag a bhfuil na páistí agus an t-eolas seo a úsáid chun an teagasc a phleanáil agus a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí. Tagann Curaclam Teanga na Bunscoile leis an bpróiseas measúnaithe seo, mar go bhfuil torthaí foghlama gaolmhara ag gach ceann de na gnéithe atá luaite. Tugann na torthaí foghlama agus an dul chun cinn don teanga ó bhéal, pointí tagartha tábhachachta do mhúinteoirí agus iad i mbun pleanála agus i mbun breithiúnais ar an dul chun cinn atá an páiste ag déanamh le foghlaim na teanga. Cabhraíonn sé le múinteoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna eile sa teagasc agus san fhoghlaim.

Is deis thábhachtach ar chomhrá, ar phlé, agus ar rólimirt é nuair a bhíonn páistí ag obair nó ag spraoi taobh le taobh le duine fásta ag am gníomhaíochta. Mar a deir Curaclam Teanga na Bunscoile, '… *Tá ról ríthábhachtach ag an múinteoir ó thaobh timpeallacht shaibhir foghlama teanga a eagrú agus a chur ar fáil do pháistí: ag léiriú scothúsáid teanga, ag éisteacht agus ag tuiscint teanga agus litearthacht páistí i réimse eispéireas agus gníomhaíochtaí le seánraí difriúla téacsanna' (lch 101).*


Mar aon le comhrá a bhfuil cuspóir ag baint leis a dhéanamh le daoine fásta agus le páistí eile, is féidir réimse de mhodhanna teagaisc a úsáid chun cabhrú le páistí teanga ó bhéal a fhiosrú, a fhoghlaim agus a úsáid. I Mír 8, pléitear go mion an tábhacht a bhaineann le léamh os ard. Chomh maith leis an gcur chuige tábhachtach seo maidir le scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt, moltar na modhanna seo freisin:

- Súgradh drámata
- Scéalaíocht
- Am ciorcail


Tá cur síos ar áiseanna teagaisc na Gaeilge sa Leabhrán Áiseanna – Oscail agus Léigh a fhoilsíonn COGG ( An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta )agus a dhéantar a uasdátú agus a sheoladh chuig gach bunscoil gach bliain.

http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/bunscoileanna-2016.pdf



Tá ábhar tacaíochta dar teideal Gnéithe de Theagasc Éifeachtach na Teanga Labhartha ar fáil ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí **anseo**:




### 3.2.1. Súgradh drámata

Léiríonn an-chuid taighde na ceangail dhearfacha atá ann idir súgradh agus forbairt na teanga ó bhéal (Johnson et al, 2005). Tá gaol seasmhach ann idir an teanga a úsáideann páistí nuair a bhíonn siad ag súgradh agus fás fadtéarmach teanga (Dickinson agus Tabors, 2001).

Ag an leibheál seo, bíonn na gnéithe seo a leanas i gceist i súgradh drámata do pháistí, de ghnáth:

- Scéal/cás atá cumtha a shamhlú
- Bréagáin/fearais a úsáid ar bhealach siombalach
- Teanga a úsáid chun dráma a chruthú
- Rólanna ar leith a ghlacadh
- Lean leis an súgradh (ar feadh 20 nóiméad nó níos mó)

(Curtha in oiriúint ó Roskos, Tabors agus Lenhart, 2004)

Is féidir le múinteoirí súgradh drámata a cheangal le léamh as leabhar scéalta agus le téamaí d’am ciorcail. Is féidir le múinteoirí agus le cúntóirí riachtanais speisialta stór focal nua a chur i láthair, nó rólanna a léiriú, i rith am súgartha. Tar éis am súgartha, is féidir leis na páistí (ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga) labhairt faoin súgradh agus é a cheangal leis na téamaí foghlama. B’fhéidir go labhródh na páistí, mar shampla, ar na rólanna éagsúla a d’imir siad ‘in oifig an phoist’ agus go ndéarfadh siad na focail a bhaineann leis an suíomh sin (stampa, litir, fear an phoist, bosca poist, cuntar).

Is féidir áiteanna sa seomra a leagan amach mar láithreacha don chomhrá agus don súgradh drámata, láithreacha inar féidir le daltaí a bheith páirteach i gcomhrá saibhir fónta. Cuirfidh éadaí agus prapaí ón ngnáthshaol le forbairt na teanga.

### 3.2.2 Am Ciorcail/ Cur Chuige Ciorclach

Is éard atá i gceist sa chás seo go dtugann an múinteoir cuireadh do pháistí bheith páirteach i bplé i bhfóram ciorclach. Is nós coitianta é seo sa rang. Tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar na buntáistí fíorthábhachtacha a bhaineann leis an am ciorcail ó thaobh scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt.

Tá eolas maith ar an ngníomhaíocht ‘Plean an Lae’ ina leagann an múinteoir amach sceideal an lae ar bhonn laethúil. Is deis í do mhúinteoirí stór focal nua a bhaineann leis an téama a phlé (nó daingniú a dhéanamh ar stór focal téamach a cuireadh i láthair le déanaí).

Maidir le scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt, is gníomhaíocht sheanbhunaithe í ‘Nuacht an Lae’ freisin. Is deis í do mhúinteoirí stór focal saibhir a chur i láthair agus is deis í do pháistí a nuacht phearsanta a insint sa rang. Cleachtann na páistí

teanga laethúil, amannta na bliana, cúrsaí aimsire agus luann siad laethanta speisialta i saol an teaghlaigh. Baineann na páistí an tairbhe is mó as an am ciorcail nuair a tharlaíonn sé go rialta leanúnach.

### 3.2.3 Scéalaíocht

Is dea-chleachtas í an scéalaíocht maidir le scileanna éisteachta agus labhartha a fhorbairt i bpáistí óga (Roskos et al, 2004).

Tá an scéalaíocht an-tábhachtach chun scileanna a bhaineann le cur in iúl ó bhéal a fhorbairt. Mar thús, roghnaíonn an múinteoir scéalta atá oiriúnach – *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar*, mar shampla. Ba cheart go mbeadh na scéalta oiriúnach d'aois na bpáistí, go mbeadh plota scéil soiléir loighiciúil iontu, agus go mbeadh carachtair iontu a rachadh i bhfeidhm ar na páistí.

Nuair a bhíonn cúpla scéal inste ag múinteoirí mar shamplaí, tosóidh siad ag stiúradh na bpáistí maidir lena scéalta féin a insint. Is cuid de ról múinteóirí a bheith ag scaoileadh leis an bhfreagracht atá orthu de réir a chéile: léiríonn múinteoirí scéalaíocht mhaith, stiúraíonn siad na páistí agus tacaíonn siad leo ina gcuid scéalaíochta féin. Cabhraíonn sé seo leis na páistí scéal a chur san ord ceart agus an *cé*, *céard*, *cathain* agus *cá* a bhaineann leis a chur i láthair. Féach Cremin et al 2017 le heolas níos sonraí a fháil ar Scéalaíocht agus Scéalta a chur i ngníomh.

Cliceáil anseo chun nasc a dhéanamh le suíomh gréasáin an SFGM (*PDST*), go bhfeicfear 'cúinní comhrá' in úsáid i seomraí ranga; is cur chuige níos aonaraí i leith forbairt teanga é seo.

## 3.3 Léitheoireacht sa bhaile

> *When families provide a rich literacy environment at home, teaching reading and writing becomes easier for both the teacher and the child at school.*
>
> Morrow, 2009.

Chun páistí a ullmhú don léitheoireacht sna luathbhlianta, tá sé tábhachtach go mbeadh teacht acu ar thimpeallachtaí teanga agus litearthachta ar ardchaighdeán sa bhaile, le feighlithe páistí, i naíolanna agus i naíonraí.

Bíonn tuismitheoirí, de ghnáth, an-díograiseach maidir le cabhrú lena bpáistí foghlaim conas léamh agus scríobh. Sna scoileanna sin ina mbaineann páistí amach ardchaighdeán litearthachta, aithnítear gur páirtithe fíorthábhachtacha iad na tuismitheoirí. Níl aon dabht ach go mbíonn tionchar an-dearfach ag léamh os ard do pháiste ar fhorbairt na litearthachta. Mar chuid den chumarsáid idir tuismitheoir agus páiste nuair a bhíonn leabhar pictiúr á léamh, míníonn an tuismitheoir stór focal, roinneann sé eolas leis an bpáiste, míníonn sé coincheapa nua agus forbraíonn sé cumas teanga an pháiste.

Reachtálann Tuismitheoirí na Gaeltachta Club Leabhar tar éis na scoile chun tacú le forbairt léitheoireachta a gcuid páistí sa Ghaeilge. Tugtar páistí le chéile don léitheoireacht agus spreagtar tuismitheoirí agus páistí le bheith ag léamh sa bhaile.

Déanann baill de Thuismitheoirí na Gaeltachta cur síos ar an gClub Leabhar



Tagann an léamh go héasca de ghnáth le páistí ó theaghlaigh ina léitear dóibh go rialta, ó aois an-óg. Ar an lámh eile de, na páistí sin a bhíonn ag streachailt le léamh:

- is minic nach mbíonn teacht acu go héasca ar leabhair
- is minic nach mbíonn ach comhráite an-teoranta acu le daoine fásta
- is minic gur fíorbheagán scéalta a léitear dóibh
- bíonn fíorbheagán teacht acu ar rannta agus ar amhráin
- ní raibh taithí mhaith léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag na daoine fásta atá ina gcomhluadar.

- Bíonn na páistí seo ag streachailt go minic chun scileanna luathlitearthachta a bhaint amach. Seans nach ndúnfar an bhearna go deo idir iad féin agus a gcairde atá go maith as. Is féidir le suímh luathscolaíochta agus réamhscolaíochta idirghabháil a dhéanamh chun forbairt na luathlitearthachta a fheabhsú.

Is féidir le scoileanna treoir a thabhairt, ar go leor bealaí, maidir le forbairt teanga agus litearthachta do léitheoirí óga.

- Ceardlanna/ seisiúin eolais ar ghnéithe éagsúla d’fhorbairt teanga agus litearthachta a reachtáil.
- Bileoga a chur ar fáil a léiríonn moltaí agus comhairle maidir le léamh do pháistí.
- Liostaí de leabhair ar ardchaighdeán a chur ar fáil – leabhair do pháistí in aoisghrúpaí éagsúla.
- Teaghlaigh a spreagadh chun a bheith ina mbaill den leabharlann áitiúil.
- Dúshláin ‘léitheoireacht an tsamhraidh’ a eagrú.

### 3.4 Spreagadh

Tá fianaise mhaith ann go dtagann páistí chun na scoile agus iad spreagtha, iad ag súil le foghlaim agus muinín acu go mbeidh siad in ann foghlaim conas léamh. Ach uaireanta tagann meath soiléir ar an dearcadh dearfach sin i leith na léitheoireachta, i rith bhlianta na bunscolaíochta. Mar a deir Tyner (2009, lch19);

'*Children come to school expecting to learn to read. It is only when we fail to support these readers in meaningful ways that motivation becomes an issue'*.

Leagann Pressley (2006) amach gnéithe áirithe a bhaineann le spreagadh daltaí:

- Féin-éifeachtúlacht / Féinmhuinín sa léitheoireacht – go gcreideann an duine gur féidir leis/léi léamh go maith
- Dúshlán sa léitheoireacht – teacht a bheith ag duine ar leabhair a bhfuil dúshlán iontu don léitheoir
- Suim sa léitheoireacht – leabhair a spreagfaidh léitheoirí
- Spraoi sa léitheoireacht – ábhar atá taitneamhach a léamh
- Rogha sa léitheoireacht – an cumas a bheith ag duine ábhar léitheoireachta a roghnú
- Tábhacht na léitheoireachta – an dearcadh gur scil thábhachtach luachmhar í an léitheoireacht
- Aitheantas mar léitheoir – a bheith aitheanta mar 'léitheoir maith'
- Léitheoireacht a bhfuil tábhacht shóisialta léi – bheith in ann leabhair a léamh agus a phlé leis an teaghlach agus le cairde.

Feictear an téama céanna i roinnt de na pointí thuas, is é sin an tábhacht a bhaineann le soláthar leabhar oiriúnach. Mar a deir Tyner (2009, lch19):

*'An overlooked yet critical motivator is giving books that they can read successfully. Students who are routinely given books to read at frustration level will soon lose motivation. Children get excited about reading when they are surrounded by a variety of books to explore, read, and enjoy.'*

Téama eile é an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí litearthachta a bheith fiúntach agus baint a bheith acu leis an taithí atá ag páistí ar an saol atá timpeall orthu. Feabhsaíonn léitheoireacht pháistí nuair a spreagtar iad: nuair a fheiceann siad tairbhe agus aidhm na léitheoireachta, nuair a bhíonn siad ábalta comhoibriú leis na daltaí ranga, nuair a fhoghlaimíonn siad scileanna tuisceana i gcomhthéacsanna fónta (Tuairisc IES, 2010).

Cuireann cúinsí áirithe lagmhisneach ar léitheoirí freisin – leabhair nach bhfuil suimiúil, leabhair nach bhfuil sách dúshlánach (nó iad ródhúshlánach), mar shampla. Ach tá cúinsí eile ann a chuireann lagmhisneach ar dhaltaí chomh maith – mar shampla, iomaíocht i gceachtanna léitheoireachta agus litearthachta, rud a chuireann lagmhisneach orthu siúd a shíleann go bhfuil ag teip orthu agus luach saothair nó duaiseanna dóibh siúd a dtagann a muinín leitheóireachta chucu go nádúrtha.


Is féidir le múinteoirí agus tuismitheoirí páistí a spreagadh mar seo a leanas:

- Dul chun cinn agus rath sa léitheoireacht a chinntiú.
- Tacaíocht agus creatlach tacaíochta foghlama a thairiscint.
- Míniú do pháistí go mbraitheann a rath agus a dteip ar an obair a chuireann siad isteach, seachas ar a gcumas ó dhúchas.
- Múineadh do pháistí gur cuid nádúrtha den fhoghlaim í an teip.

- Moladh a dhéanamh ar chomhoibriú agus idirghníomhú i dtascanna litearthachta.
- A chinntiú go bhfuil teacht ag páistí ar réimse leathan leabhar atá suimiúil dúshlánach.
- Rogha a thabhairt do pháistí maidir leis na leabhair / téacsanna a léann siad.
- Tascanna litearthachta a chomhtháthú le foghlaim ábhair.
- Moladh agus misneach a thabhairt go flaithiúil.

### 3.4.1 Ráitis dhearfacha a úsáid

Deir McKay (2006) gur féidir cur leis an spreagadh agus an rath sa litearthacht trí ráitis dhearfacha a úsáid go rialta le páistí óga. Dhírigh an staidéar a rinne sé – staidéar a thóg 10 seachtaine – ar dhearcadh agus luachanna i leith na léitheoireachta a athrú. Cé nár chosain an dearbhú dearfach aon airgead breise agus nár thóg sé ach cúpla nóiméad in aghaidh an lae, tháinig dul chun cinn mór ar na scileanna léitheoireachta – agus feabhas bliana sna scóir do chruinneas sa léitheoireacht. Féach Léaráid 1 thíos, a léiríonn an difríocht idir na scóir a bhain an grúpa trialach (ar úsáideadh ráitis dhearfacha leo) amach agus na scóir a bhain an grúpa cóimheasa amach. Seo a leanas mar a rinne McKay (2006), cur síos air: *Qualitative feedback from teachers, parents and pupils also reported improved attitude, higher confidence levels and more reading taking place at home, with teachers indicating a "dramatic" change* (lch142)




**Léaráid 1. Torthaí maidir le scileanna luathléitheoireachta, tar éis 10 seachtaine**


Úsáideadh teicníc a bhí réasúnta simplí: Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann chun cabhrú le daltaí chun dearbhú a dhéanamh ar na spriocanna a bhainfeadh siad amach ina léitheoireacht, agus cuireadh é seo i bhfeidhm go laethúil. Spreagadh páistí chun rudaí ar nós ***Beidh mé i mo léitheoir an-mhaith*** agus ***Is maith liom leabhair – is mór an spórt í an léitheoireacht*** a rá go laethúil. Spreagadh iad freisin chun a ráiteas dearfach féin a chruthú. I gcásanna ar leith, úsáideadh prapaí – puipéid mar shampla – chun tacú leis an obair.

**Físeán F- Spreagadh & Léitheoireacht**

**Mír 4 – Foghlaim conas focail a aithint**

Tuiscint ar an bhFóineolaíocht, fónaic, amharcfhocail, straitéisí chun focail a léamh

Focail a aithint




**4. Réamhrá don léamh focal**

Is iomaí cur chuige a úsáideann léitheoirí chun focail a léamh. Is gá eolas éigin a bheith ag léitheoirí ar chúrsaí fónaice chun é seo a dhéanamh. Cé go bhfuil gach cur chuige difriúil, is féidir le léitheoirí atá níos oilte réimse cur chuige a cheangal le chéile. Seo thíos na ceithre phríomhghné a bhaineann le foghlaim conas focail a aithint:

1. **Tuiscint ar an bhFóineolaíocht**
2. **Fónaic**
3. **Amharcfhocail** nó focail a thabhairt chun cuimhne
4. **Straitéisí chun focail a léamh**: (Analach, comhthéacs agus séimeantaic a úsáid mar aon le heolas ar na cóid 'fuaim-litriú').

Ba chóir na scileanna uile seo a mhúineadh laistigh de chomhthéacs chlár luathlitearthachta, clár atá leathan cothromaithe, ina bhfuil forbairt teanga ó bhéal, na tuisceana agus scileanna scríbhneoireachta i gceist.

**4.1** Tuiscint ar an bhFóineolaíocht




Is tuiscint leanúnach ar fhuaimeanna na hurlabhra í an Tuiscint ar an bhFóineolaíocht. Síneann an tuiscint ón gcumas atá ag daoine idirdhealú a dhéanamh idir focail éagsúla in abairt, go dtí an cumas atá acu fuaimeanna ar leith a scaradh san fhocal labhartha.

> ***Phonological awareness*** *encompasses larger units of sound, whereas* ***phonemic awareness*** *stems from this concept, but refers to the smallest units of sound at the level of letter sounds /é/ /ch/* (IRA, 1998)

Mar a leagtar amach í i gCuraclam Teanga na Bunscoile, is coincheap leathan í an Tuiscint ar an bhFóineolaíocht, ina gcuimsítear:

- idirdhealú focal
- scileanna ríme
- tuiscint ar shiollaí
- tuiscint fhóinéimeach
- deighilt agus cumasc fóinéimeach (baint ó chéile agus cur le chéile fuaimeanna)

- ionramháil fhóinéimeach / malartú fuaimeanna i bhfocail (le focail eile a dhéanamh astu).

Cliceáil anseo le héisteacht le Siobhán O'Donoghue, Saineolaí ar Breith ar an Léitheoireacht SFGM (*PDST*), ag labhairt faoin Tuiscint ar an bhFóineolaíocht agus tuiscint fhóinéimeach.

Mar a tharlaíonn le haon ghné den teanga, beidh níos mó cumas fhóinéimeach ó dhúchas ag páistí áirithe ná mar a bheidh ag páistí eile. Ach, fiú i gcás na bpáistí is cumasaí, beidh gá acu le teagasc soiléir, go háirithe ag na leibhéil arda den tuiscint fhóinéimeach. Beidh an teagasc is mó ag teastáil ó na páistí a bhfuil an leibhéal is ísle tuisceana forbartha acu. Gan an dianteagasc seo, cuirfear as dá ndíchódú agus dá litriú agus iad ag dul tríd an scoil.

Tacaíonn an Painéal Náisiúnta Léitheoireachta (NRP (USA)) (2000) le tuiscint fhóinéimeach a theagasc, taobh le taobh leis an gcumas litreacha scríofa a aithint. Léirigh an NRP go bhfuil teagasc na tuisceana fóinéimí (fuaimeanna) níos éifeachtúla nuair a mhúintear é in éineacht le litreacha, agus sa chaoi sin go nasctar eolas ar na fuaimeanna lena siombailí scríofa i.e. litreacha nó graiféimí. (NICHD, 2001b, lch2-33)

**Tábla 1. Leibhéil Chéimnithe na Tuisceana Fóineolaíochta**

| **Scil** | **Sampla** |
|---|---|
| **Idirdhealú Focal**<br>Páistí atá díreach ar tí tosú ar idirdhealú a dhéanamh idir focail in abairtí. | Cloiseann páistí gur focail ar leith iad *cóta* agus *nua* san abairt, *Tá cóta nua ar Shíle.* |
| **Scileanna Ríme**<br>Is féidir le páistí idirdhealú a dhéanamh idir focail ina bhfuil rím i rainn do pháistí, in amhráin agus i leabhair. | Aithníonn páistí go bhfuil rím idir *suí* agus *buí*, nuair a chloiseann / léann siad *Froganna Beaga Glasa* |
| **Tuiscint ar Shiollaí**<br>Páistí a bhfuil tuiscint acu ar na siollaí atá i bhfocail. Tuigeann siad gur gá fuaim(eanna) guta a bheith i ngach siolla | Is féidir le páistí na siollaí san fhocal *fuinneog* a rá, *fuinn…eog.* Is féidir leo na siollaí san fhocal *siopadóir* a bhualadh amach, *siop …a… dóir.* |
| **Tuiscint Fhóinéimeach**<br>De réir a chéile tugann páistí faoi deara go bhfuil foinéimí aonair ag tús, lár agus deireadh focal. | Cloiseann páistí go bhfuil fuaim /b/ ag tús an fhocail *bád,* go bhfuil /d/ ag an deireadh agus gurb í /á/ an fhuaim sa lár. |
| **Deighilt agus Cumasc Fóinéimeach**<br>Is féidir le páistí fóinéimí a dheighilt agus a chumasc (is minic a bhíonn na scileanna seo dúshlánach le haghaidh páistí). | Is féidir le páistí tabhairt faoi fhocail agus iad a bhriseadh síos ina bhfuaimeanna éagsúla (deighilt) AGUS fuaimeanna a chur le chéile (cumasc) chun focail a chruthú. |
| **Ionramháil Fóinéimeach**<br>Is féidir leis na páistí is cumasaí fóinéimí a mhalartú i bhfocail, ag cur leo, ag baint díobh nó ag cur fóinéimí eile ina n-áit chun focail nua a dhéanamh. | Tuigeann páistí go bhfuil trí fhóinéim san fhocal *chas*: /ch/, /a/, /s/. Tá siad ábalta an /ch/ a athrú go /l/ chun focal nua a chruthú, *las*. |

### 4.1.2 Cúig chéim i dteagasc na tuisceana fóinéimí

1. Tabhair réimse leathan de théacsanna a bhfuil rímeanna iontu do pháistí óga chun go mbeidh deiseanna acu fuaimeanna a fhiosrú.  Beidh tús an-mhaith ag páistí a thagann ó theaghlaigh agus ó réamhscoileanna ina mbíonn leabhair rímeanna in úsáid.

2. Múin do pháistí conas na fuaimeanna éagsúla i bhfocal labhartha a aithint. Chuige seo is gá múineadh dóibh conas a mbéal a oscailt chun fuaimeanna ar leith a chruthú. Caithfidh na páistí aird a dhíriú ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí i bhfuaimeanna tosaigh, fuaimeanna meánacha agus fuaimeanna deiridh.

3. Múin do na páistí conas fuaimeanna atá scoite amach óna chéile a chumasc (a chur le chéile) chun focail iomlána a dhéanamh. Ba chóir deiseanna teagaisc a sholáthar do pháistí chun siollaí a chumasc (e.g. /bá/ /má/), ansin tús/rím (e.g. /m/ /ás/) agus, fóinéimí aonair (e.g./m/ /á/ /s/) ar deireadh. Déan ceangal idir cumasc fóinéimí (cur le chéile fuaimeanna) agus íomhánna físiúla (na siombailí) de na litreacha éagsúla.

4. Múin do pháistí conas focal a chloisteáil agus é a bhriseadh síos ina fhuaimeanna scoite ar leith. Beidh deiseanna ó na páistí abairtí a bhriseadh síos ina bhfocail, focail ina siollaí, focail ina dtús agus ina rím, agus ar deireadh, focail ina bhfuaimeanna éagsúla. Mar shampla, d’fhéadfaí, i gceacht, iarraidh ar pháistí boinn airgid a chur isteach i mboscaí Elkonin de réir mar a shíneann siad focail. Ba cheart ceachtanna ar roinnt fhóinéimeach a nascadh i gcónaí le fónaic, sa chaoi go bhfoghlaímíonn páistí an nasc idir fuaimeanna agus a bhfoirm scríofa. Mar shampla, d’fhéadfadh na páistí litreacha maighnéadacha a chur in áit na mbonn airgid sa chéad chuid eile den cheacht.



Ag obair le boscaí Elkonin

5. Ar deireadh, múin an leibhéal tuisceana fóinéime is airde dá bhfuil ann, is é sin fóinéimí (fuaimeanna) a láimhseáil agus iad a chur isteach agus a bhaint d'fhocail. Is é seo a bheadh i gceist:

fóinéim a chur leis /b/ + /las/ = blas.

fóinéim a bhaint de /las/ - /l/ = as

fóinéim a athrú /l/as = /c/as

[Scileanna Fóineolaíochta]




**4.2. Fónaic**




**Fónaic**

Is éard atá i gceist le fónaic ná an t-eolas go seasann litir (graiféim) ar leith, nó grúpa litreacha ar leith, d'fhuaim (fóinéim). Úsáideann páiste an t-eolas seo chun

focail a léamh agus a litriú. Tá eolas ar na cóid 'fuaim-litriú' riachtanach chun foghlaim conas léamh i nGaeilge agus i mBéarla.

Baineann na gnéithe seo le teagasc maith san fhónaic:

- Múineann sé do pháistí go seasann litreacha i bhfocail d'fhuaimeanna ar leith
- Forbraíonn sé Tuiscint ar an bhFóineolaíocht
- Múineann sé aithint gan smaoineamh ar fhoirm gach litreach
- Bíonn an-chuid cleachtaidh i gceist ar fhocail a léamh
- Aithint gan smaoineamh ar fhocail an toradh ar theagasc éifeachtach
- Níl ann ach gné amháin den teagasc léitheoireachta (Pressley & Allington, 2014)

> *If an activity can be conducted with the lights off, it is phonological awareness because it is auditory only; if an activity requires the light to be on, then it is phonics, as phonics involves seeing letters.*
>
> Beck agus Beck, 2013.

### 4.2.1 Measúnú ar fhónaic agus teagasc na fónaice

Is gá fónaic a mhúineadh do gach páiste ar bhealach córasach. Múin gach cód 'fuaim-litriú' (graiféim-fóinéim) go soiléir, leanúnach.

Tabhair neart deiseanna do na páistí an fhónaic atá á foghlaim acu a chleachtadh i leabhair. Is gá do na páistí deiseanna a bheith acu leabhair a léamh ina bhfuil na cóid 'fuaim-litriú' atá á bhfoghlaim acu ag an am. Ar an gcaoi seo, beidh siad ag úsáid a gcuid eolais agus ag cur lena gcuid scileanna le téacsanna a bhfuil ciall leo.

Tá ábhar tacaíochta breise le fáil ag:

Fónaic na Gaeilge

Fios Fuaimeanna

Mar a Déarfá [2]

Curaclam ar Líne

Cód na Gaeilge

Ba cheart go ndéanfaí measúnú agus monatóireacht rialta ar shealbhú na fónaice. Bain úsáid as breathnóireacht agus as measúnú atá níos foirmeálta, seicliostaí mar shampla; má tá na fuaimeanna **/c/ó/r/l/á/n** múinte, seiceáil an bhfuil na litreacha seo ar eolas ag páistí.

Cur síos ar 'An Córlán' **anseo**:

Tá sé áisiúil seicliosta a bheith ann, bunaithe ar an bhfónaic a múineadh, le seiceáil an bhfuil fuaimeanna na litreacha foghlamtha ag páistí. Tá sé tábhachtach a fheiceáil an féidir le páistí an cumas atá acu focail gan chiall a dhíchódú, a chur i bhfeidhm. Leagann Curaclam Teanga na Bunscoile amach dul chun cinn leanúnach don léitheoireacht, ina bhfuil na céimeanna ar fad ó **a** go **h**. Tá tagairt do scileanna fónaice sna céimeanna seo. Tá ábhar tacaíochta breise ar fáil ón CNCM **anseo**.

Mura bhfuil páistí ag baint na dtorthaí foghlama amach, ba cheart luas an chláir foghlama a leasú agus a idirdhealú chun a ndul chun cinn a léiriú. Is gá dul siar

[2] Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge

Cur chuige céimnithe, fónaic-bhunaithe agus áiseanna teagaisc chun líofacht léitheoireachta agus cruinneas scríofa a mhúineadh don chainteoir dúchais. Tá codanna den áis an-fheiliúnach do lucht Gaelscoile chomh maith.

go minic ar chóid 'fuaim-litriú', nó ar fhíricí fónaice a mbíonn deacracht ag páistí leo, go dtí go mbeidh siad ar a gcomhairle féin.

Cláir éifeachtacha fónaice:

1. Is cuid de chreatlach chothromaithe iad
2. Tá siad bunaithe ar fhianaise atá deimhnithe trí thaighde
3. Cuirtear i bhfeidhm iad go seasta
4. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu

Tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ann freastal ar riachtanais na bpáistí aonair trí idirdhealú agus luas an chláir. Tá sé seo fíorthábhachtach i gcás páistí a bhfuil deacrachtaí acu le cuimhne éisteachta gearrthéarmach agus seans go gcabhródh teagasc ilchéadfach leo. (Fautsch-Patridge, McMaster, agus Hupp, 2011).

### 4.2.2 Fónaic Shintéiseach agus Anailíseach

Tá bealaí eágsúla ann chun an fhónaic a mhúineadh. Mar shampla, luann an Painéal Náisiúnta Léitheoireachta (2000) iad seo a leanas: cur chuige sintéiseach, cur chuige anailíseach, cur chuige bunaithe ar an litriú agus cur chuige neadaithe. Níl sé i gceist go bpléifeadh an cháipéis seo gach ceann de na bealaí sin go mion. Ach tá plé le fada an lá sa litríocht taighde ar an bh**fónaic shintéiseach agus anailíseach**, agus ar cé acu cur chuige is fearr.

Cuireann fónaic shintéiseach béim ar chur chuige ag obair ó aonad fuaime go dtí focal iomlán, is é sin, díchódú fóineolaíochta litir ar litir ina bhfoghlaimíonn páistí fuaimniú agus cur le chéile na litreacha a leanann a chéile. Foghlaimíonn páistí

na fuaimeanna ina n-aonar. Nuair a bhíonn páistí ag léamh, múintear dóibh na fuaimeanna a chur le chéile, ó chlé go deas, tríd an bhfocal iomláin, (/b/á/d/).

Maidir le fónaic anailíseach, ní fhoghlaimíonn páistí na fuaimeanna astu féin ach aithníonn siad gné fónaice ó liosta focal, ina bhfuil an fhuaim áirithe atá le foghlaim i ngach aon fhocal. (*Cén chosúlacht atá idir na focail seo? /las/, /cas/, /pas/, /gas/.*). Is cur chuige ón bhfocal iomlán go dtí an fhuaim aonair é seo. Mar chuid den chóras anailíseach, múintear do pháistí focail aitheanta a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, chun patrún a fhoghlaim agus a fhorbairt a úsáidfear ansin chun focail nua a léamh (Morris, 2015). Bheadh na straitéisí teagaisc seo a leanas úsáideach nuair a bheidh fónaic anailíseach á múineadh:

- Píosaí d'fhocail a mhúineadh ag tús mhúineadh na léitheoireachta, go háirithe sa léitheoireacht faoi threoir
- Aicmí focal a mhúineadh nuair a bhíonn focail á ndíchódú
- Deirí focal a mhúineadh, ag tosú leis na deirí is coitianta ar dtús

Cuireann an cur chuige sintéiseach béim ar fhuaimeanna a chur le chéile agus a bhaint ó chéile ach tosaíonn an cur chuige anailíseach, de ghnáth, leis an bhfocal iomlán agus briseann sé síos é.

Níl dóthain fianaise ó thaighde ann a chruthódh cé acu den dá mhodh teagaisc is fearr mar bhunús chun rogha idir fónaic 'shintéiseach' agus 'anailíseach' a dhéanamh. Tá fianaise ann gur fearr a fhoghlaimíonn daltaí áirithe le cur chuige sintéiseach, ach braitheann roinnt eile ar an gcur chuige ina ndéanann siad díchódú ar na cosúlachtaí (Berninger, Yates agus Lester, 1991, Freebody agus Byrne, 1988 luaite in Pressley & Allington, 2014). Luíonn sé le réasún mar sin, go molfaí an dá chur chuige i leith theagasc na léitheoireachta: fuaimeanna aonair

a chur le chéile i bhfocail agus, freisin, codanna d'fhocail iomlána a úsáid agus iad i mbun díchódaithe. (Pressley & Allington, 2014).

Lena chois sin, tá sé thar a bheith tábhachtach díriú ar chomhthéacs focal sa Ghaeilge, mar gheall ar thionchar na gramadaí ar litriú na Gaeilge:

Ní féidir amharc ar fhocail Ghaeilge mar aonaid iontu féin nuair a athraíonn siad go minic de réir comhthéacs gramadaí m.sh. *tuiseal gindeach, séimhiú, urú agus uimhir iolra.*

(Fónaic na Gaeilge, BELB 2011: Cuid 6 – Céim 1, lch 3)

Pé cur chuige i leith na fónaice a roghnaíonn an scoil, tá sé ríthábhachtach go múinfí é ar bhealach **córasach céimnithe**.

Deir Morris (2015), '*Both analytic and synthetic methods should be systematic in nature, ensuring mastery at one conceptual level before proceeding to the next level. Furthermore, either phonics approach, if it is to fulfil its purpose (i.e., automatic recognition of basic spelling), will require help in the form of copious amounts of contextual reading at the appropriate difficulty level*'.



**Fónaic a mhúineadh do pháistí bodhra**

Glactar go forleathan le fónaic mar scil thábhachtach (agus tacaíonn an taighde leis an dearcadh seo) i bhfoghlaim na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta, agus i gcás fhormhór na bpáistí a bhfuil éisteacht mhaith acu, moltar go gcuirfí láidreachtaí páistí san áireamh sa teagasc. Bhí an tuairim ag roinnt mhaith múinteoirí thar na blianta – múinteoirí na mbodhar ina measc – nach raibh fónaic oiriúnach do pháistí bodhra mar go gcuireann fónaic béim ar éisteacht le fuaimeanna i bhfocail, agus iad a chloisteáil. Ach toisc go n-aithnítear deacrachtaí éisteachta i bhfad níos luaithe anois – a bhuíochas don Chlár Scagthástála Éisteachta Naíonán Nuabheirthe, ach go háirithe – agus toisc go bhfuil fearais cochla ann agus go bhfuil feabhas ann i dteicneolaíocht na héisteachta, tá sé i bhfad níos éasca anois bealaí a fhorbairt a chinnteoidh teagasc éifeachtach na fónaice do pháistí bodhra. Molann múinteoirí an seiminéar seo ó SESS. http://www.sess.ie/deafness-introduction-primary-and-post-primary-1

Chomh maith leis sin, sa Ríocht Aontaithe d'fhoilsigh an National Deaf Children's Society treoir do mhúinteoirí agus treoir ar leith do thuismitheoirí maidir le fónaic a mhúineadh do pháistí bodhra.  Is féidir teacht ar na treoracha sin trí na naisc thíos http://www.ndcs.org.uk/family_support/education_for_deaf_children/education_during_school_years/teaching_phonics_to.html



### 4.2.3 Cur chuige córasach, struchtúrtha, leanúnach chun fónaic a theagasc

Mar a luaigh Morris (2015) thuas, gné thábhachtach d'obair fónaice den scoth go mbeadh sí córasach: ciallaíonn sé sin go múinfí fónaic ar bhealach leanúnach, cinnte, soiléir.

Tugann na leathanaigh a leanas sampla amháin de chur chuige forbarthach chun fónaic a theagasc céim ar chéim.

**Céim 1**

Ag an gcéim seo, dírítear ar labhairt agus ar éisteacht mar bhunús don teagasc éifeachtach fónaice. Ag an tráth seo, tá breis eolais ag na páistí maidir le fuaimeanna éagsúla agus idirdhealú a dhéanamh ar fhóinéimí (fuaimeanna), iad a aithint agus a fhuaimniú (féach Tuiscint ar an bhFóineolaíocht i Mír 4.1). Méadaíonn a dtuiscint ar an ngaol atá idir fuaimeanna, litreacha agus focail, agus cuirtear réimse leathan rímeanna agus amhrán, lena mbaineann patrúin rithimeacha, ina láthair. Spreag na páistí chun:

- éisteacht le scéalta agus le hamhráin agus a bheith páirteach iontu, trí phatrúin focal agus curfánna a aithint agus a athrá
- éisteacht le rímeanna agus páirt a ghlacadh i gcluichí chun aird a dhíriú ar uaim
- fuaimeanna in ainmneacha agus i bhfocail sa timpeallacht a thabhairt faoi deara e.g. ainmneacha páistí nó earraí i mála siopadóireachta
- idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna, fóinéimí tosaigh a aithint agus cur lena n-eolas ar fhuaimeanna, ar litreacha agus ar fhocail.

**Céim 2**

Sa chéim seo, díríonn an teagasc ar na cóid ‘fuaim-litriú’, do ghrúpa beag de na consain agus de na gutaí coitianta. Cuirtear béim láidir ar an gceangal idir an bhunfhuaim agus an tsiombail (nó an litriú) i ngach cás, tríd an fhuaim a rá amach os ard agus an fhuaim á scríobh nó á léamh.

Chomh maith leis na cóid 'fuaim-litriú’ a mhúineadh de ghrúpa beag consan agus gutaí coitianta, foghlaimíonn daltaí gur gá iad a chur le chéile chun focail a léamh (cumasc fuaimeanna), agus gur gá iad a bhaint dá chéile chun focail a litriú (deighilt fuaimeanna). Dírítear ar fhocail bheaga GC (Guta-Consan), CG agus CGC sa Chód Soiléir[3] ag an staid seo.

Méadaíonn muinín na bpáistí nuair a aithníonn siad na graiféimí a d’fhoghlaim siad agus déanann na páistí naisc leis na fóinéimí (fuaimeanna) a léiríonn na graiféimí (litrithe) sin. Tosaíonn na páistí ag úsáid an eolais atá acu ar an bhfóinéim chun focail shimplí CG/GC/CGC a chur le chéile, ag bogadh ó chlé go deas. Aithníonn siad líon méadaithe de chóid ‘fuaim-litriú’ sa léitheoireacht agus sa litriú, agus cuireann siad an t-eolas seo i bhfeidhm nuair a bhíonn focail nua, nach bhfaca agus nár chuala siad cheana, á léamh agus á scríobh acu.

[3] Bíonn fuaimeanna éagsúla le go leor litreacha. M.sh. ní hionann an fhuaim /a/ in ‘ag’, ‘an’, ‘abh’ agus ‘cas’. Ag an staid seo, múintear an cód fuaime is coitianta don litir ‘a’ (amanna tugtar an Cód Soiléir nó *transparent code* air seo).

Spreag páistí chun:

- a n-eolas méadaithe ar chóid 'fuaim-litriú' a chur i bhfeidhm chun focail shimplí CG/GC/CGC a chur le chéile
- a n-eolas fóinéimeach a chur i bhfeidhm ar théacsanna ina bhfuil na cóid 'fuaim-litriú' a múineadh cheana féin agus, freisin, trí chluichí a eagrú sa rang
- focail shimplí CG/GC/CGC a scríobh mar fhógraí nó teachtaireachtaí, m.sh. Ná hól! / clár bán.

**Céim 3**

Ag an staid seo, bíonn an bhéim ar 42/43 príomhfhuaim na Gaeilge lena ngraiféimí (litrithe) is coitianta, chomh maith le litreacha dúbailte, le litreacha séimhithe agus le litreacha uraithe. Aithníonn daltaí gur dhá thaobh den phróiseas céanna iad cur le chéile fuaimeanna (don léamh) agus baint ó chéile fuaimeanna i bhfocail (don scríobh/litriú). De réir mar a chuirtear lena n-eolas ar na graiféimí (litrithe) éagsúla a léiríonn 41-43 príomhfhuaim na Gaeilge ag brath chanúintí, bíonn daltaí in ann tuilleadh focal a léamh agus léiríonn siad tuilleadh spéise agus cumais in úsáid a gcuid eolais ar an bhfónaic le focail **nua** a léamh agus a scríobh.

Spreag páistí chun:

- Cluichí a imirt agus gníomhaíochtaí a dhéanamh chun fuaimeanna a mheaitseáil lena litriú
- A gcuid eolais ar an bhfónaic a chur i bhfeidhm agus téacsanna simplí á léamh
- Focail shimplí CG/GC/CGC a léamh agus a scríobh i ngníomhaíochtaí scríbhneoireachta faoi threoir

**Céim 4**

Díríonn daltaí ar na scileanna a bhaineann le cur le chéile agus baint ó chéile cnuaschonsan (bl/ cn/ dr srl.). Ag an staid seo bíonn daltaí in ann breis focal CG/GC/CGC a léamh agus a litriú agus bogfaidh siad ar aghaidh chuig focail CCGC (clós), CGCC (flosc) agus ar deireadh CCCGC (Scríb).

Spreag páistí chun:

- Fóinéimí (fuaimeanna) a chur le chéile agus a bhaint óna chéile i bhfocail atá níos faide agus na scileanna seo a chur i bhfeidhm ar léitheoireacht agus ar scríbhneoireacht
- A bheith páirteach i scríbhneoireacht ina mbeirt agus ina mbeirt – cláir bhána mhaighnéadacha a úsáid agus litreacha maighnéadacha a roghnú chun focail níos casta a chruthú (m.sh. 'lab', 'clab', 'clabach'/'clabán')Chun léitheoireacht agus scríbhneoireacht a dhéanamh i gcomhpháirt le chéile, agus iad faoi threoir chomh maith, sa chaoi gur féidir leis na páistí a n-eolas agus a scileanna fónaice a chur i bhfeidhm.

**Céim 5**

Ag an staid seo dírítear aird na bpaistí ar na litrithe malartacha ar fhuaimeanna faoi leith, go háirithe ar na défhoghair/dégraif m.sh. *í* = *uí*/*aoi*/*oí*/*aí* srl. Dírítear a n-aird freisin ar na fuaimeanna malartacha ar litrithe faoi leith, m.sh. na fuaimeanna éagsúla *ai* atá le fáil in *aisling/bain/athair* srl. Go bunúsach, bíonn an bhéim ag an staid seo ar an gCód Doiléir (na litrithe **malartacha** ar na 41-43 phríomhfhuaim Ghaeilge, seachas an bunlitriú a mhúintear sa Chód Soiléir). Bíonn daltaí ábalta réimse focal, idir shimplí agus dhúshlánach, a léamh agus a litriú. Baineann siad úsáid as a n-eolas ar ghraiféimí agus ar fhóinéimí le hiarracht tomhaiste a dhéanamh chun focail chasta a oibriú amach.

- Spreag páistí chun na fuaimeanna malartacha a chur le chéile agus a bhaint óna chéile i bhfocail.
- Spreag páistí chun na fuaimeanna malartacha a aithint agus a úsáid mar is ceart i bhfocail chasta/fhada.
- Spreag páistí chun na scileanna seo a chur i bhfeidhm trí ghníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta.
- Spreag páistí chun tabhairt faoi fhocail ina bhfuil níos mó ná siolla amháin, agus focail gan chiall a léamh agus a scríobh, ag úsáid na scileanna seo.
- Múin amharcfhocail de réir a chéile i.e. na focail is ardmhinicí nach leanann na cóid fuaime atá foghlamtha.
- Léitheoireacht agus scríbhneoireacht atá déanta i gcomhpháirt agus faoi threoir; neartaíonn siad seo úsáid an eolais fónaice chun focail gan chiall a léamh agus a scríobh.

**Céim 6**

Dírítear aird na ndaltaí anseo ar na cóid 'fuaim-litriú' nach bhfuil róchoitianta agus ar aicmí litrithe ar nós an Guta Cúnta agus an Schwa.(an guta láir gan bhéim) Leantar ag spreagadh daltaí agus ag tacú leo lena n-eolas agus scileanna a úsáid i gceachtanna sainiúla fónaice agus i léitheoireacht a dhéantar i gcomhpháirt, faoi threoir nó go neamhspleách. Méadaíonn eolas na ndaltaí ar aicmí focal agus aithníonn siad níos mó agus níos mó cóid shoiléire agus cóid dhoiléire.

Curtha in oiriúint ó (http://www.teachfind.com/)

Déantar léiriú ar scileanna éagsúla fóineolaíochta sna físeáin thíos:

Scileanna Fóineolaíochta 1

Scileanna Fóineolaíochta 2







### 4.3 Amharcfhocail

Amharcfhocail

Caithfidh páistí stór ‘amharcfhocal’ a fhoghlaim, sin focail a aithníonn siad láithreach nuair a fheiceann siad iad. Ciallaíonn sé seo go n-aithníonn páiste focal ina iomláine in áit é a dhíchódú fuaim ar fhuaim. Tá focail áirithe níos casta ná focail eile ó thaobh anailís fónaice de agus is mór an chabhair í do pháistí nuair a fhoghlaimíonn siad an chuid is coitianta acu seo mar amharcfhocail e.g. /is/, /raibh/.

Dá mhinice a léann páistí focal, is mó seans go gcoimeádfaidh siad an focal sin sa chuimhne fhadtéarmach. Dá réir sin, is chun leasa na bpáistí é amharcfhocail sprice a léamh agus a athbhreithniú, agus na focail sin a fheiceáil i leabhair léitheoireachta céimnithe. Nuair is féidir le páistí focail dheacra, ardmhinicíochta a léamh láithreach nuair a fheiceann siad iad, fágtar a gcuimhne ghearrthéarmach saor do ghníomhaíochtaí eile – don tuiscint, mar shampla. Ar ndóigh, is mó an seans go bhfoghlaimeoidh páistí amharcfhocal má tá sé ina stór focal ó bhéal.

### 4.3.1 Amharcfhocail a mhúineadh agus a mheasúnú

I scéimeanna léitheoireachta ar ardchaighdeán díríonn siad ar na focail is coitianta sa teanga a fhoghlaim mar amharfhocail. Ó *Liostaí Bhreacadh: Focail Choitianta sa Ghaeilge (Breacadh, 2007)* tá an chéad 100 focal is coitianta ar thart ar 65% de na focail a úsáideann muintir na Gaeltachta ina gcaint laethúil. Is féidir Na hAmharcfhocail a sheiceáil ó liostaí Bhreacadh

Díríonn an acmhainn *Féasta Focal* ar an chéad 200 focal ardmhinicíochta i léitheoireacht na bpáistí ag leibhéal na bunscolaíochta. Tá cleachtaí agus na cluichí san acmhainn a chuideoidh leis na páistí na focail a aithint agus a úsáid.Tá nasc chuig an áis sin ar fáil **anseo**.

D'aimsigh Dr. Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste,na focail seo mar chuid de *'Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht: Treoir do Theagasc na Litearthachta'* agus is ar an taighde seo a bunaíodh *'Féasta Focal'*.

Dírigh aird na bpáistí ar chúpla amharcfhocal in aghaidh na seachtaine. Cuir amharcfhocail ar taispeántas ar bhallaí focal timpeall an tseomra. Bain úsáid as bainc/boscaí focal mar áiteanna taisce do pháistí do na focail atá foghlamtha acu nó atá fós le foghlaim acu. Chun focal a mhúineadh, bain triail as an gcur chuige seo:

- Cuir an chéad fhocal i láthair na bpáistí ar luaschárta/chlár bán.
- Tarraing aird na bpáistí ar fhuaim tosaigh agus ar fhuaim deiridh an fhocail, más fuaim í atá ar eolas acu cheana féin.

- Iarr ar na páistí féachaint ar na litreacha arda agus ar na litreacha a bhfuil eireaball orthu agus iarr orthu cruth a tharraingt thart ar an bhfocal.
- Iarr ar na páistí teacht ar aon fhocal aitheanta nó ar aon phatrún coitianta litreacha san fhocal e.g. -eáil, -aint, -cht.
- Iarr ar na páistí an focal a chur in abairt duit.
- Iarr ar na páistí féachaint ar an bhfocal agus é a rá.
- Cuir na spriocfhocail ar an gclár dubh/bán agus iarr ar na páistí an focal a aimsiú. Cleacht an chéim seo arís agus arís eile.
- Tar éis na céime seo a chleachtadh, sín méar i dtreo focail agus iarr ar na páistí "Cén focal é seo?"
- Téigh siar ar na focail seo arís agus arís eile i rith an lae agus bíodh siad mar chuid den obair baile.
- Tabhair ábhar nó téacs léitheoireachta do na páistí ina bhfuil na focail seo.

Is féidir Na hAmharcfhocail a sheiceáil ó liostaí Bhreacadh
nó ó Féasta Focal

Iarr ar na páistí léamh tríd an liosta; marc a chur ar na focail ar féidir leo iad a léamh láithreach; nóta a dhéanamh de na botúin. Déan an triail seo arís agus arís eile i rith na bliana chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn.







**4.4 Straitéisí léite focal**

Bealach eile chun focail a aithint ná focail a léamh trí chomparáid a dhéanamh le focail aitheanta. Is minic a úsáideann páistí agus daoine fásta an cur chuige seo. An rud is tábhachtaí anseo go bhfuil focal, nó cuid d'fhocal, ar eolas ag léitheoirí cheana féin agus go gcuireann siad an t-eolas sin i bhfeidhm nuair a fheiceann siad focail nua. Mar shampla, cabhróidh eolas ar an bhfocal *carr* le páistí, agus iad ag iarraidh '*carrchlós*' a léamh. Úsáideann léitheoirí maithe codanna focail chun díchódú a dhéanamh ar fhocail nach bhfuil eolas acu orthu (Pressley, 2006). Mar shampla, páistí a bhfuil an focal *rith* agus an patrún *eann* i ndeireadh focail acu, seans maith go n-éireoidh leo an focal *ritheann* a léamh.

Gan dabht, tá go leor den ábhar céanna á chumhdach ag an straitéis chomparáideach seo agus ag an eolas atá ag léitheoirí ar fhónaic shintéiseach agus ar fhónaic anailíseach araon. Úsáideann léitheoirí oilte straitéisí atá coitianta idir an dá chur chuige agus iad ag léamh. Úsáideann múinteoirí maithe na modhanna uile de réir mar a fhorbraíonn páistí a gcuid scileanna. Tagann na straitéisí seo leis an toradh foghlama a leagtar amach do Shnáithe na Léitheoireachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile: *réimse de straitéisí aitheanta focal a úsáid go*

*saoráideach agus go muiníneach agus iad ag léamh téacsanna***[4] *teagaisc agus ag leibhéal neamhspleách* (lch52).

### 4.4.1 Leideanna litreach, comhthéacs agus séimeantaic a úsáid chun focail a dhíchódú

Tá sé tábhachtach daltaí a mhúineadh chun a n-aird a thabhairt ar chomhthéacs séimeantach agus ar leideanna comhréireacha chun cabhrú leo an rud atá á léamh acu a thuiscint. Is straitéis lag í a bheith ag brath **go mór** ar leideanna comhréireacha, agus go minic is í seo an straitéis is ansa le léitheoirí laga (Pressley, 2006). Uaireanta, úsáideann páistí comhthéacs nó eolas óna gcúlra agus an chéad litir, nó an chéad dá litir, chun cabhrú leo buille faoi thuairim a thabhairt ar fhocal (mar shampla, *Bhí an madra ag* t…). má tá eolas ag léitheoirí maithe roimhe sin ar mhadraí, beidh na léitheoirí sin in ann buille faoi thuairim a thabhairt gurb é an focal 'tafann' atá i gceist, fiú gan an chuid eile den fhocal a fhuaimniú. Ach d'fhéadfadh sé gur focal agus ciall eile ar fad a bheadh i gceist – mar shampla, *Bhí an madra ag tarraingt rópa an bháid ina béal…* Déanfaidh an léitheoir maith iarracht an focal a dhíchódú.

[4] ** Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlach, leictreonach agus digiteach.

## Mír 5 – Léitheoireacht a bhfuil brí léi




### 5.1 Stór focal




> *Vocabulary instruction should be an essential component of any reading curriculum.*
>
> Adolf, Perfetti agus Catts, 2011.

### Cad is brí le stór focal?

Is comhartha an-tábhachtach den fhorbairt teanga ó bhéal atá i ndán don dalta é an stór focal, agus is comhartha de chumas an dalta sa léitheoireacht é freisin. Tá dhá shórt stór focal ann: *gabhálach* agus *léiritheach* agus baineann siad le stór focal don labhairt agus stór focal don scríobh.

Is éard atá i gceist le stór focal gabhálach ná an banc focal a thuigimid láithreach agus muid ag éisteacht le duine eile ag caint nó muid ag léamh go neamhspleách. Is minic a thugtar stór focal éisteachta ar stór focal gabhálach.
Is éard atá i gceist le stór focal léiritheach ná an banc focal a úsáidimid agus muid ag caint nó ag scríobh. Bíonn an stór focal gabhálach i bhfad níos mó, de ghnáth, ná an stór focal léiritheach mar go dtuigimid i bhfad bhfad níos mó focal ná mar a úsáidimid agus muid ag caint agus ag scríobh (Graves, 2006).

Tá ceangal idir stór focal a chabhraíonn linn teanga a thuiscint agus eolas ar choincheapa (Anderson agus Freebody, 1985). Tá eolas ar fhocail ríthábhachtach chun téacs a thuiscint agus tá ceangal dearfach idir cé chomh fairsing is atá stór focal páistí agus a scileanna tuisceana. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar indíreach ag fairsing an stóir fhocail ar fhorbairt léitheoireachta páistí óga trína dtuiscint fóineolaíochta (Adolf et al, 2011).

### 5.1.2. Múineadh agus measúnú an stóir focal

Sna luathranganna bunscoile, bíonn an-tábhacht leis an éisteacht agus leis an gcaint i gcur chun cinn an stóir fhocail. Foghlaimeoidh páistí óga focail nua ón bplé, nuair a léifear scéalta dóibh agus nuair a dhíreofar a n-aird go díreach ar fhocail (Graves, 2006). Ní leor modh aonair amháin a úsáid chun stór focal a mhúineadh (PNL, 2000). Is fearr réimse leathan modhanna teagaisc a úsáid chun stór focal fairsing a chinntiú, mar a leanas anseo:

- Léigh os ard do pháistí le cur ar a gcumas teanga nua a shealbhú agus a fhoghlaim agus lena chinntiú go gcuirtear stór focal nua i láthair na bpáistí i gcomhthéacsanna a mbíonn ciall leo. Cuir taithí léitheoireachta ó bhéal ar fáil atá idirghníomhach; taithí ina mbíonn daoine fásta ag léamh do pháistí agus ina stopann siad ó am go ham chun aird a tharraingt ar fhocail

áirithe agus chun iad a phlé, agus uaireanta fiú, chun gnéithe eile den léitheoireacht a phlé (m.sh. léitheoireacht ina bhfuil comhrá, téacs a phlé).

> *'Let children hear text structures that expose them to language beyond their control. Reading aloud to children will sketch for them a landscape of features into which their own language usage may expand...'*
> Clay 2004.

- Múin stór focal go díreach (focal áirithe a phlé/a shainmhíniú) agus go hindíreach (an úsáid atá leis an bhfocal i gcomhthéacsanna a bhfuil ciall leo) agus cruthaigh deiseanna éagsúla chun stór focal nua a chur i láthair i gcomhthéacs.
- Cothaigh feasacht teanga sna daltaí agus spreag iad chun aird a thabhairt ar fhocail nua a bhuaileann leo agus chun tréithe speisialta na bhfocal sin a aithint, m.sh. go bhfuil an focal '*aer'* sna focail *aerphort* agus *aeróg*, araon.

Mol do pháistí focail nua a cheangal le taithí éigin a bhí acu cheana agus le focail atá ar eolas acu cheana féin. Mar shampla, má tá an focal *toradh* agus an focal *sú talún* ag páistí, seans go gcabhróidh siad leo an focal *sú craobh* a fhoghlaim. Má thuigeann páistí cad is brí le bheith *crosta*, seans go gcabhróidh sé leis an focal *feargach* a fhoghlaim.

- Cuir leabhair atá ar ardchaighdeán do na páistí, óir má léann na páistí go leathan agus má tá ábhar maith léitheoireachta acu, cothóidh sé sin fás a stóir fhocail agus a n-eolas ginearálta.
- Spreag léitheoireacht neamhspleách i measc na bpáistí.
- Múin focail a bhfuil gaol gairid eatarthu, mar shampla focail agus téarmaíocht a bhaineann le feirmeacha nó le teaghlaigh, seachas focail aonair a mhúineadh.
- Tarraing aird ar fhoirm agus struchtúir/ comhréir na teanga… *Is bean í. Is fear é. Is liom sin. Is maith liom sin. Tá sé beag. Tá sé agam.*

- Bíodh an teagasc lán le hábhar maith agus bíodh comhráite an tseomra ranga stuama, saibhir.
- Múin an stór focal nua a bheidh i dtéacsanna roimh ré agus múin iad i gcomhthéacsanna a bhfuil ciall leo in intinn na bpáistí.
- Múin na focail is mó a bhíonn de dhíth ar pháistí. Smaoinigh ar cé chomh háisiúil is a bheidh an focal dóibh, an gaol atá idir an focal sin agus focail eile atá ag na páistí, agus an gcabhróidh an focal leis an obair agus leis an téacs atá idir lámha.
- Déan an-chuid athrá agus tabhair deis do na páistí na focail a chloisteáil arís is arís eile.
- Is áis bheag shimplí é **Snas ar Scéal** a bhfuil féidearthachtaí móra ag baint leis! Is é is aidhm don áis páistí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar roghanna eile agus ar shlite eile lena gcuid smaointe a chur in iúl agus iad i mbun scríbhneoireachta. Tá liostaí focal agus frásaí úsáideacha ar na cártaí a chuideoidh go háirithe leis na paistí go bhfuil deacrachtaí litrithe acu. Tá idir áiseanna clóite agus chluichí idirghníomhacha **Snas ar Scéal** ar fáil.
- Cinntigh go bhfuil na páistí páirteach i bhfoghlaim ghníomhach an stóir fhocail. Foghlaimíonn páistí focail a chloiseann siad go minic agus foghlaimíonn siad focail a thagraíonn do nithe nó d’ócáidí a bhfuil spéis acu iontu.
- Bain úsáid as teicneolaíocht ríomhaireachta.
- Moltar a lán prionta sa timpeallacht agus ábhair chlóbhuailte a bheith ar crochadh ar bhallaí na scoile agus sa seomra ranga chun tacú leis an sealbhú teanga, an léitheoireacht agus an litearthacht i gcoitinne.

Cabhróidh measúnú ar stór focal chun scileanna léitheoireachta reatha an pháiste a mheas agus tabharfaidh sé léargas ar conas a bheidh stór focal an pháiste sa

todhchaí. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar stór focal go rialta i rith na scoilbhliana. Bíonn deacrachtaí uaireanta le stór focal daltaí óga a mheasúnú.

- Cad iad na focail ba chóir a thástáil?
- Cad is brí le focal a bheith ar eolas ag dalta?
- Conas go díreach a thástálann tú focal?


Arís, ba cheart Curaclam Teanga na Bunscoile a úsáid mar thúsphointe i measúnú den sórt seo agus sa chuid ar theanga ó bhéal. Is mór an chabhair iad na mórchéimeanna agus na mionchéimeanna dul chun cinn.

Uaireanta tugann measúnuithe neamhfhoirmeálta agus measúnuithe múnlaitheacha níos mó eolais, chun pleanáil cláir a dhéanamh agus chun dul chun cinn páistí a thomhas, ná mar a thugann modh níos foirmeálta, caighdeánaithe. Is féidir na measúnaithe neamhfhoirimeálta seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla i rith na bliana chun fás an stóir fhocail a mheas. D'fhéadfadh na modhanna seo a leanas a bheith i gceist nuair a thomhaistear dul chun cinn foclóra na bpáistí:

- **Taifid starógacha**: Scríobhann múinteoirí nótaí i rith an ama sa rang agus iad ag faire amach do sprioc focal na bpáistí i rith plé ranga. Déanann formhór gach múinteora ranga monatóireacht as a stuaim féin, féachaint an bhfuil páistí ag leanúint treoracha an ranga agus ag úsáid focail a múineadh, ina ngnáthchaint.
- **Seicliostaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta**: Cruthaíonn múinteoirí seicliostaí de scileanna a bhaineann le stór focal agus iarrann siad ar pháistí brí focail a thaispeáint dóibh, e.g. "Taispeáin an eilifint ollmhór dom," nó treoir a leanúint, "Cuir an teidí in aice leis an tarracóir".
- Tá scálaí úsáideacha agus Foirm Ranga do Mheasúnú Labhairt na Gaeilge ar fáil ar lch 67-68 de Próifílí Measúnachta don Ghaeilge Sna Scoileanna Gaeltachta agus Lán–Ghaeilge ón bhForas Taighde ar Oideachas http://www.erc.ie/documents/lamhleabhar.pdf

## 5.2 Tuiscint

### Tuiscint




> *There is a broad base of agreement that the most important goal of reading education should be to develop readers who can derive meaning from texts.*
>
> Pressley, 2006.

### 5.2.1 Cad is tuiscint ann?

Ciallaíonn tuiscint go mbaineann léitheoirí brí as téacs nó as scéal. Déanann léitheoirí maithe ceangail le heolas a sealbhaíodh roimhe sin chun tuiscint a fháil ar théacs. Tuigeann siad freisin cén fáth a bhfuil siad ag léamh téacs agus tá a fhios acu go díreach cad a theastaíonn uathu a fháil as. Tá tuiscint mhothálach ar leith ag léitheoirí maithe ar struchtúr an téacs freisin (Pressley, 2006). Faighimid eolas nua nuair a thuigimid téacs, athraíonn sé sin an t-eolas atá againn cheana féin, agus bíonn an t-eolas sin ar fáil dár dtuiscint níos déanaí (Duke, Pearson, Strachan agus Billman, 2011).

### 5.2.2 Tuiscint a mhúineadh

Seo thíos roinnt cleachtas chun tuiscint sa léitheoireacht a chothú agus a mhúineadh:

- Múin do pháistí conas **straitéisí tuisceana sa léitheoireacht** a úsáid agus scaoil le freagracht an mhúinteora de réir a chéile. Is éard atá i gceist le stráitéisí tuisceana ná na "modhanna meabhracha" a úsáideann dea-léitheoirí le téacs a thuiscint.
- Múin do pháistí conas **struchtúr eagrúcháin an téacs a aithint agus a úsáid** chun ábhar gach téacs a thuiscint, a fhoghlaim agus chun cuimhneamh air e.g. cur síos, leanúnachas, fadhb, téama.
- Stiúir páistí trí **phlé dírithe, atá ar chaighdeán ard**, ar bhrí an téacs; léireoidh na múinteoirí samplaí de na bealaí le machnamh a dhéanamh ar théacs sa chaoi go gcabhróidh siad le páistí agus iad ag léamh go neamhspleách.
- Roghnaigh téacsanna a dhíreoidh ar fhorbairt tuisceana; **bíodh réimse leathan agus líon mór téacsanna ar fáil** (e.g. téacsanna leictreonacha, leabhair ar leibhéil éagsúla, obair pháiste/mhúinteora) agus seánraí (seánra an scéil, seánra na faisnéise, seánra feidhmiúil e.g. comharthaí agus lipéid) chomh maith le téacsanna agus comhthéacsanna a spreagfaidh an léitheoireacht.
- Is féidir le múinteoirí suirbhéanna suime nó breathnóireacht ar na daltaí a úsáid chun **a fháil amach cad is spéis leo** (Shanahan et al, 2010).

Seo roinnt cleachtas eile chun tuiscint sa léitheoireacht a chothú:

- Spreag páistí le bheith páirteach i bplé ranga; cabhróidh sé seo le léitheoirí bheith ag obair le chéile chun brí a bhaint as na téacsanna atá idir lámha acu.
- Cuir leis an stór focal agus le heolas na teanga.
- Comhtháthaigh léamh agus scríobh mar go neartaíonn siad a chéile.
- Breathnaigh agus déan measúnú.
- Déan idirdhealú sa mhúineadh – déan múineadh tuisceana i ngrúpaí beaga nó ina nduine agus ina nduine agus an múineadh sin bunaithe ar riachtanais na bpáistí (Duke et al, 2011).

Forbraíonn scileanna tuisceana agus scileanna bunúsacha eile na litearthachta taobh le taobh, seachas ina gceann agus ina gceann. Glactar leis sa litríocht gur cheart do theagasc agus do mheasúnú na tuisceana tosú ó na blianta is luaithe (Pressley, 2006) agus go gcaithfear straitéisí tuisceana **a mhúineadh** do pháistí.

### 5.2.3 Straitéisí tuisceana sa léitheoireacht

Cé go bhféadfadh éagsúlacht bheag a bheith ann sa téarmaíocht a úsáidtear, tá go leor gnéithe comónta sa litríocht maidir leis na straitéisí tuisceana is cóir a mhúineadh do pháistí:

- Eolas a sealbhaíodh roimhe sin a dhúiseacht agus ceangail a dhéanamh le nithe eile
- Tuar a dhéanamh/eolas a bhaint as
- Ceistiú

- Samhlú/íomhánna a chruthú sa tsamhlaíocht
- Measunú/soiléiriú nó socrú
- Achoimre a dhéanamh/tarraingt le chéile/athinsint
- Luacháil/ciall a bhaint as

Tá cláir thráchtála agus áiseanna ar líne ar fáil chun tuiscint sa léitheoireacht a mhúineadh. Is áis léamhthuisceana é **Taisce Tuisceana** gur féidir a íoslódáil saor in aisce atá ag teacht leis na teoiricí agus leis an chleachtas is fearr sa léamhthuiscint. Tá réimse d'ábhair spreagúla ann, idir fhicsean agus neamhfhicsean, chomh maith le cineálacha éagsúla téacsanna dánta, scéalta, finscéalta, r-phoist, dialanna agus tuairiscí ina measc.

Ba chóir na rudaí seo a thabhairt chun cuimhne nuair a bheidh straitéisí á múineadh:

- Ainm a chur ar an straitéis, (bain úsáid as 'cártaí leide' nó lámh a bhogadh/a leagan síos chun léiriú fisiciúil agus léiriú físiúil Léirigh conas an straitéis a úsáid.
- Cabhraigh le léitheoirí an straitéis a úsáid.
- Tabhair seans do léitheoirí an straitéis a chleachtadh thar roinnt seachtainí agus maolaigh ar an tacaíocht de réir a chéile.

### 5.2.4 Measúnú ar Scileanna Tuisceana

Níor cheart cruinneas sa léamh a mheascadh suas le tascanna tuisceana sa léitheoireacht. Is gá go mbeadh roinnt scileanna díchódaithe ag páistí agus go mbeadh siad ábalta an chuid is mó de theács scríofa a léamh má tá siad lena thuiscint. Ach má thugtar téacsanna atá níos dúshlánaí do pháistí áirithe, seans go

méadófar ar a rannpháirtíocht nuair a úsáidfear straitéisí teagaisc éagsúla (e.g. léitheoireacht bheirte, tacaíocht bhreise) agus/nó nuair a thabharfar tacaíocht bhreise do na daltaí sin (Duke et al, 2011).

Tugann léitheoirí láidreachtaí agus laigí éagsúla leo chuig an bpróiseas. D'fhéadfadh go mbeadh eolas maith ag roinnt páistí roimhe sin ar ábhar a bhaineann leis an téacs, eolas a dhéanann cúiteamh ar na straitéisí laga atá acu i soileiriú na tuisceana i dtéacsanna. D'fhéadfadh go mbeadh eolas lag ag roinnt páistí eile ar an téacs roimhe sin, ach cúitíonn na páistí sin an lagaíocht sin trí straitéisí éagsúla a úsáid (scileanna maithe díchódaithe nó an comhthéacs a fháil/úsáid) chun an bhrí a aimsiú. Beidh páistí áirithe ag streachailt toisc go bhfuil deacrachtaí acu le léitheoireacht focal agus easpa líofachta; de réir an taighde is déanaí, tá baint ag líofacht léitheoireachta le leibhéil shásúla tuisceana sa léitheoireacht (Rasinski agus Samuels, 2011). Seans go mbeidh scileanna maithe léitheoireachta agus líofachta ag páistí eile ach stór focal agus straitéisí chun brí a aimsiú atá cuíosach lag.

Téann torthaí foghlama agus mórchéimeanna dul chun cinn Churaclam Teanga na Bunscoile leis na hábhair tábhachtacha a bhaineann le forbairt tuisceana, agus leagann siad amach na leibhéil ghnóthachtála a mbeifí ag súil leo ó fhormhór na bpáistí. Mar shampla, ag Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra, de ghnáth), bheifí ag súil go mbainfeadh páistí an toradh foghlama seo a leanas amach: *Dul i ngleic le téacs agus brí a bhaint as trí raon straitéisí tuisceana a úsáid le linn obair a dhéanamh go neamhspleách nó i bpáirt.* (lch52)

Is féidir leis an múinteoir teicnící simplí a úsáid le cinntiú an bhfuil páistí ag baint amach an toraidh chuí.

Is deis don mheasúnú neamhfhoirmeálta é gach idirghníomhaíocht a dhéantar le páistí:

- Iarr ar pháistí athinsint a dhéanamh ar a bhfuil léite nó cloiste acu, nó achoimre a dhéanamh air ó bhéal nó i bhfoirm scríbhinn.
- Iarr ar pháistí a bhfreagra ar an téacs a insint nó a scríobh.
- Tabhair aird ar a mbíonn le rá ag na páistí nuair a bhíonn an téacs á phlé.

Is féidir leis an múinteoir an teagasc a chur in oiriúint ansin, bunaithe ar mheasúnú ar dhul chun cinn na bpáistí, agus ar an gcéad chéim dul chun cinn eile atá le baint amach.

Is féidir tástálacha caighdeánaithe a úsáid chun tuiscint ar léitheoireacht agus éisteacht a mheas nó is féidir é a dhéanamh ar bhealach níos neamhfhoirmeálta.

**Tábla 2. Rúibric shamplach chun tuiscint ar léitheoireacht a mheas**

| **Gné** | **Scór** | **Critéir** | Crostagartha le Mionchéimeanna Dul Chun Cinn (Curaclam Teanga na Bunscoile)<br>Snáithe: Léitheoireacht, Torthaí 8 & 9 Tuiscint (lch 75) |
|---|---|---|---|
| Na carachtair i scéal a aithint trí mhéar a shíneadh ar an bpictiúr sa leabhar | | Síneann páistí méar ar na carachtair nuair a iarrtar orthu, "Taispeáin dom …" | Aimsíonn an páiste rudaí ar leith i scéalta a léitear dóibh agus freagraíonn go neamhbhriathartha agus/nó go briathartha do ráitis agus do cheisteanna simplí faoi phríomhimeacht nó faoi phríomhcharachtar. *Mionchéim Dul chun Cinn (a)* |
| Tuartha simplí a dhéanamh faoi scéal a bhfuil taithí ag páistí air | | Is féidir le páistí tuar réalaíoch a dhéanamh maidir leis an gcéad rud eile a tharlóidh. | Tuarann an páiste an scéal/ topaic bunaithe ar an teideal. *Mionchéim Dul chun Cinn (c)*<br>Leasaíonn an páiste tuair i bhfianaise eolais nua. *Mionchéim Dul chun Cinn (d)* |
| Ceisteanna pointeáilte agus eolas ar leith ar an scéal a fhreagairt | | Is féidir le páistí na ceisteanna seo a fhreagairt: Cé a bhí sa scéal?<br>Cad a tharla ag an tús? Ag an deireadh? Cad | Cuireann agus freagraíonn ceisteanna faoi na príomhimeachtaí agus na príomhcharachtair. *Mionchéim Dul chun Cinn (b)* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | faoi a raibh an scéal? | |
| An scéal a athinsint in ord croineolaíoch | | Is féidir le páistí an scéal a athinsint in ord. | Athinsíonn príomhphointí scéil in ord.<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (c)* |
| Ábalta eolas a bhaint as an téacs | | "Cén fáth a ndearna sé é sin, dar leat?" | Déanann an páiste tuar<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (b)*<br>Cuireann ceisteanna, pléann tuair agus tátail agus soiléiríonn a chuid fáthanna<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (e)* |
| Úsáideann páistí eolas a bhí acu ar an ábhar roimhe sin | | Is féidir le páistí naisc a dhéanamh idir eolas cúlra agus an téacs. | Tuarann an páiste an scéal/ topaic bunaithe ar an teideal agus ag tarraingt ar eolas a sealbhaíodh roimhe sin<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (c)*<br>Soiléiríonn a chuid freagraí agus tugann údar leo trí thagairt d'eolas a sealbhaíodh roimhe sin.<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (f)* |
| Ábalta an príomhsmaoineamh a aimsiú | | "Cad faoi ab ea an scéal seo?" | Tosaíonn an páiste ar thábhacht an eolais a chinneadh.<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (c)*<br>Athinsíonn an páiste ó bhéal na príomh-phointí faisnéise<br>*Mionchéim Dul chun Cinn (d)* |

D’fhéadfaí an scóráil a bhunú ar raon 1-4; sheasfadh 1 d’easpa scile nó d’fhíorbheagán scile sa réimse sin, sheasfadh 2 do scil atá ag teacht chun cinn, sheasfadh 3 do chumas réasúnta agus 4 d’ardscileanna maithe.

## 5.3 Líofacht Léitheoireachta




Is í an líofacht an nasc is tábhachtaí idir díchódú agus tuiscint (Rasinski agus Samuels, 2011).

> Sa líofacht léitheoireachta tá dhá phríomhghné ann a bhfuil baint acu le leibhéil shásúla tuisceana sa léitheoireacht: Aithníonn léitheoirí focail láithreach agus léiríonn siad prosóid nó mothú le béim san áit cheart agus iad ag léamh os ard.

*Aithníonn léitheoirí focail láithreach:* Nuair a bhíonn léitheoirí ábalta focal a léamh láithreach, bíonn áiseanna cognaíocha eile saor do thasc na tuisceana, tasc atá níos tábhachtaí.

*Léiríonn siad prosóid nó mothú le béim san áit cheart agus iad ag léamh os ard:* Ciallaíonn prosóid go léann léitheoirí le mothú sa ghuth, go n-úsáideann siad na heiliminti uile (uainiú, frásáil, béim agus tuin chainte chun gnéithe den bhrí a chur

in iúl agus chun an chaint a choimeád bríomhar). Nuair a léann léitheoirí le prosóid mhaith agus le frásáil mhaith ó bhéal, bíonn tuiscint níos fearr acu ar théacsanna agus iad ag léitheoireacht go ciúin/ina gceann – tuiscint níos fearr ná mar a bhíonn ag léitheoirí nach bhfuil an cumas céanna acu in úsáid na prosóide (Rasinski agus Samuels, 2011).

[Glór an Léitheora](#)



Cé gur féidir ráta na léitheoireachta a úsáid mar chomhartha nó mar thomhas ar ghné amháin den líofacht léitheoireachta, ní gá gur léitheoireacht líofa í an léitheoireacht sciobtha i gcónaí. Is í an chaoi is fearr le léitheoireacht a mhúineadh ná díriú isteach ar aithint láithreach ar fhocail a fhorbairt mar chuid den phróiseas mór tuisceana. Faightear an aithint láithreach focal sin trí chuir chuige stiúraithe ó bhéal – léitheoireacht chuidithe, léitheoireacht leathan agus athléitheoireacht. De réir mar a thagann feabhas ar an aithint láithreach sin, tiocfaidh feabhas freisin ar an ráta léitheoireachta, ar thuiscint na léitheoireachta agus ar an oilteacht léitheoireachta go ginearálta (Rasinski agus Samuels, 2011). Feabhsóidh aithint láithreach na n-amharcfhocal líofacht sa léitheoireacht freisin. Molann an CNCM

(2012) na gníomhaíochtaí seo a leanas chun líofacht sa léitheoireacht a chothú agus a mhúineadh:

- Go mbeadh samplaí de phatrúin léitheoireachta líofa le cloisteáil ar scoil agus sa bhaile.Deiseanna a thabhairt do pháistí na scileanna atá foghlamtha acu (e.g. amharcfhocail a aithint / a léamh go líofa) a chur i bhfeidhm i dtéacsanna a bhaineann lena saol.
- Ligean do pháistí cleachtadh a dhéanamh ar théacsanna cuí a léamh le mothú, trí ghníomhaíochtaí léitheoireachta atá stiúraithe, agus é sin a dhéanamh arís agus arís eile.
- Ligean do pháistí léamh líofa a dhéanamh agus úsáid á baint as téacsanna éagsúla ag a leibhéil neamhspleácha agus ag a leibhéil teagaisc.

Is gá go gcloisfeadh páistí léitheoir atá níos líofa ná iad ag léamh, chun léitheoirí líofa a dhéanamh díobh agus chun go dtuigfeadh siad agus go n-úsáidfeadh siad prosóid. Dáiríre, ciallaíonn sé seo go gcaithfidh múinteoirí léamh os ard do pháistí ar bhealach a bhfuil brí leis, chun líofacht a léiriú. 'De réir staidéir taighde mionscála (Amer, 1997), is féidir le múinteoirí scileanna léamhthuisceana daltaí T2 a fheabhsú trí théacsanna a léamh os ard. Leanann na daltaí an téacs mar a léann an múinteoir é. Cabhraíonn sé seo leis na daltaí díriú ar aonaid bhrí seachas iarracht a dhéanamh an téacs a dhíchódú focal i ndiaidh focail. D'fhéadfadh go gcabhródh sé seo leis an léitheoir cur le míreanna bríocha seachas a bheith ag brath ar leideanna grafacha. Is cúnamh iad fuaimniú, béim agus tuin chainte ceart an mhúinteora sa phróiseas seo chomh maith' . *Múineadh éifeachtach teangacha: sintéis ar thaighde* (Harris, J. & Ó Duibhir, P. 2011)

### 5.3.1. Léitheoireacht leathan

Má tá páistí le bheith ina léitheoirí líofa cumasacha, caithfidh siad teacht a bheith acu ar raon leathan léitheoireachta. Ciallaíonn léitheoireacht leathan go ndéantar

méadú mór ar an méid léitheoireachta a dhéanann duine. Nuair a chríochnaímid leabhar, bogaimid ar aghaidh go dtí an chéad leabhar eile, agus ceann eile ina dhiaidh sin agus ceann eile arís.

### 5.3.2 Athléitheoireacht nó Léitheoireacht Dhomhain

Ciallaíonn athléitheoireacht go léitear an téacs céanna arís agus arís eile go dtí nach mbíonn botún ar bith sa léitheoireacht. Is uirlis chumhachtach í an athléitheoireacht chun líofacht sa léitheoireacht a fhorbairt i measc léitheoirí a bhfuil deacrachtaí acu nó atá fós ag foghlaim (Rasinski agus Samuels, 2011). An buntáiste is mó a bhaineann léi ná go gcabhraíonn sí le prosóid chuí (léamh le mothú) agus go gcuidíonn sí le haithint láithreach. Is modh áisiúil í an athléitheoireacht nuair a bhíonn roinnt scileanna léitheoireachta sealbhaithe ag páistí agus nuair is féidir leo leámh go neamhspleách nó gar go maith dó. Ach, i gcás an-chuid páistí óga, caithfidh an athléitheoireacht a bheith faoi threoir múinteora nó teagascóra.

### 5.3.3 Léitheoireacht chuidithe



Ciallaíonn léitheoireacht chuidithe go suíonn léitheoir níos líofa in aice le páiste agus go gcabhraíonn an léitheoir sin leis an bpáiste téacs a léamh, téacs nach mbeadh an páiste sin in ann a léamh leis féin. Ceann de na saghsanna léitheoireachta cuidithe is coitianta ná léitheoireacht i ngrúpa nó léitheoireacht chórúil. Nuair a dhéantar léitheoireacht chórúil le páirtí amháin atá níos líofa, tugtar léitheoireacht bheirte uirthi. Cur chuige eile i leith léitheoireacht cuidithe ná go mbeadh páistí ag éisteacht le téacs ar dhiosca, ar phodchraoladh nó ar thaifid. Dar le Hickey (2009) tugann dlúthdhioscaí, a bhfuil ábhar an leabhair le cloisteáil orthu, an-tacaíocht do dhaltaí agus iad i mbun léitheoireachta sa Ghaeilge,
'*These benefits indicate that the provision of tapes to accompany leisure readers is an important form of environmental support for second language reading, and an especially useful tool to increase exposure to a minority language in particular*'.
Tá raon leathan d'áiseanna digiteacha agus leabhair labhartha a ghabhann leis an gclár, **Séideán Sí** ar fáil **anseo**

Tá leabhair labhartha eile ar fáil ar shuíomh **Léigh Leat** agus ar shuíomh **Scoilnet**

Daltaí ag léamh le chéile



### 5.3.4 Amharcfhocail a aithint láithreach

Má mhúintear do pháistí conas focail a aithint láithreach, cabhróidh sé seo go mór lena líofacht léitheoireachta má leantar é le féachaint ar fhocail nua atá i dtéacsanna ranga. Féach Mír 4.3.1


### 5.3.5 Teagasc frásála

Deir Rasinski agus Samuels (2011) go mb'fhéidir nach é an focal an t-aonad nádúrtha léitheoireachta ar chor ar bith ach gurb é an frása, an clásál nó grúpa eile focal a léiríonn an bhrí mar atá sí in abairt. Tá dhá mhodh a úsáidtear i leith teagasc frásála:

1. Go gcleachtfadh páistí frásaí nó abairtí gairide a léamh.
2. Go leagfaí amach téacsanna gairide do pháistí a léireodh go soiléir cá bhfuil frásaí áirithe mar aon le teorainneacha abairtí nuair a léifeadh na páistí iad: Sheas an fear / ag barr an chnoic / agus d'fhéach sé síos / ar an madra. Déanann léitheoirí nuachta é seo go coitianta!

Is próiseas casta agus ilghnéitheach é próiseas na léitheoireachta. Shonraigh Tuairisc Thaighde 15, (CNCM 2012) roinnt gnéithe a chaitear a ghlacadh san áireamh chun an chastacht sin a aithint agus an léitheoireacht á teagasc.

Déanann an leabhrán **Próiseas na Léitheoireachta** ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí béim a leagan ar na gnéithe sin trí roinnt eolais chúlra a thabhairt ar gach ceann díobh agus trí chuntas gairid a thabhairt ar dheiseanna praiticiúla dá gcur i bhfeidhm sa seomra ranga.



**Mír 6 – Cumarsáid Scríofa**

Peannaireacht, litriú, scríbhneoireacht a bhfuil brí léi




> *Children need daily instruction and practice in order to develop good writing skills.*
> Pressley, Mohan, Fingeret, Reffitt, agus Raphael-Bogaert, 2007.

Tá sé tábhachtach a aithint go dtrasnaíonn gnéithe den luathfhorbairt litearthachta a chéile. Mar shampla, bíonn buntáiste soiléir ag páistí óga a bhfuil tuiscint fhóinéimeach agus eolas fónaice maith acu. Bíonn siad ábalta na comhfhuaimeanna a chloisteáil agus bíonn siad ábalta na fuaimeanna a cheangal le litreacha. Ar an mbealach céanna, na páistí a léann an-chuid leabhar ag an leibhéal 'díreach ceart', bíonn taithí acu ar níos mó amharcfhocal agus patrúin litreacha. Ar an taobh eile den scéal, cabhraíonn cleachtadh litrithe le scileanna léitheoireachta os ard agus léitheoireachta líofa (Vellutineo, Scanlon, Small agus Fanuele, 2006).

### 6.1 Peannaireacht




Cé go bhfuil sé tábhachtach a mhúineadh do pháistí go bhfuil brí leis an scríbhneoireacht mar mhodh cumarsáide, is gá teicnící na peannaireachta a mhúineadh freisin. Mura bhfuil scileanna mínluaileacha an pháiste sách


forbartha, is gá tús a chur le teagasc na peannaireachta trí scileanna mínluailеacha a fhorbairt – ag gearradh, ag dathú, ag imirt le marla agus ag déanamh patrún. Moltar na scileanna seo a mhúineadh in am ar leith a leagfar amach don tasc áirithe seo agus go ndéanfaí iad a chomhtháthú le gnéithe eile de theagasc na litearthachta. Fuarthas an t-eolas thíos ó Foundations for Literacy (2008).

- Múin don pháiste conas breith ar an bpeann luaidhe i gceart. Tá tábhacht leis seo i leith litreacha a chruthú agus mar chosaint ar fhadhbanna fisiciúla leis an lámh agus leis an ngéag níos déanaí sa saol (Beringer et al, 2006).
- Spreag páistí chun patrúin a dhéanamh ina n-úsáideann siad gluaiseachtaí a bhfuil gluaiseacht éasca leo.
- Múin cruthú litreacha ceann ar cheann agus dírigh aird na bpáistí ar na cosúlachtaí atá ann idir litreacha **e.g**. c, a, d, g.
- Treisigh cruthú na sprioclitreach i dtús na scríbhneoireachta agus i gceachtanna fónaice.
- Bain úsáid as mantraí chun cabhrú le páistí agus iad ag cruthú fhoirm na litreacha e.g. agus iad ag déanamh fhoirm na litreach **d**, "timpeall, suas díreach agus anuas díreach".
- Múin cás uachtair agus cás íochtair gach litreach.
- Múin do pháistí spásanna a fhágáil idir focail agus litreacha agus focail a scríobh ar línte (an chóipleabhair) ó chlé go deas.
- Bain úsáid as meáin éagsúla (páipéar, iPad, cláir bhána, idir bheag agus mhór).

Tá scéimeanna peannaireachta 'Ag Scríobh Liom' agus 'Ag Ceangal Liom' ar fáil ó wwww.lamhchunta.com



## 6.2 Litriú




Sa mhír seo, féachtar ar bhealaí chun measúnú a dhéanamh ar chumas litrithe páistí agus ar chuir chuige, atá deimhnithe i dtaighde, maidir leis an gcumas sin a fheabhsú (staidéar ar fhocail, stór amharcfhocal a fhorbairt, stór teaghlaigh focal a fhorbairt agus litriú cumtha a mholadh).



### 6.2.1 Measúnú ar Litriú

Caithfidh múinteoirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar na céimeanna a bhaineann le forbairt an litrithe chun a bheith éifeachtach agus iad i mbun a gcuid oibre. Cé nach mbíonn an **ráta dul chun cinn** céanna ag gach páiste i gcéimeanna an litrithe, leanfaidh a bhformhór **an t-ord forbartha** céanna. Mar go n-athraíonn luas dhul chun cinn na bpáistí, níor chóir go mbeadh páistí i rang i mbun staidéir ar an liosta céanna focal (Barnes, 1986). Má thosaíonn múinteoirí san áit chéanna

leis na páistí ar fad, deir Bear, Invernizzi, Templeton agus Johnston (2008) '*they can expect frustration or boredom and little learning'*.

Mar thús, mar sin, caithfear a fháil amach cá bhfuil an páiste ar dhréimire forbartha na litrithe. Is féidir é seo a dheanamh trí:

- Iarrachtaí ar litriú, a dhéantar i rith ceachtanna scríofa ranga, a thabhairt faoi deara agus anailís a dhéanamh orthu. Gheofar an t-eolas is soiléire faoi fhorbairt litrithe an pháiste óna scríbhneoireacht neamhspleách. Tabharfaidh anailís oilte ar an litriú seo treoir don mhúinteoir maidir leis an áit ar chóir clár ceart teagaisc fónaice agus litrithe a dhíriú.

Beidh trí fheidhm thábhachtacha leis seo:

1. Aithneoidh sé cad iad na gnéithe litrithe atá sealbhaithe ag an bpáiste agus, cá bhfuil a leibhéil litrithe.
2. Cabhróidh sé ó thaobh daltaí an ranga a roinnt ina ngrúpaí forbartha.
3. Déanann sé measúnú ar dhul chun cinn na bliana (tríd an tástáil chéanna a úsáid).

### 6.2.2.An tábhacht a bhaineann le litriú a chumadh

Ciallaíonn litriú a chumadh go n-úsáideann páistí a gcuid eolais fhóinéimigh chun focail a fhuaimniú ina gcomhfhuaimeanna. Ansin, baineann siad úsáid as a n-eolas 'fuaim-litriú' (fónaic) chun iarracht a dhéanamh focail a 'litriú', mar shampla, /béidir/ →'b'fhéidir', /díor/ → 'd'iarr'. Ba cheart na páistí a mholadh as litriú a chumadh mar go bhfuil sé léirithe go gcuireann sé seo eolas fóinéimeach agus litriú traidisiúnta chun cinn (Burns, Griffin agus Snow, 1999). Cabhraíonn an fiosrú seo faoi cheangail fuaim-litir/litreach, trí litriú a chumadh, le sealbhú na léitheoireachta agus le forbairt scileanna ortagrafacha (an cumas siombail agus patrúin laistigh d'fhocail a aithint), (Oueletter agus Sénéchal, 2008).

Ba cheart cead a thabhairt do pháistí iarracht a dhéanamh focail a litriú iad féin, agus ina dhiaidh sin ba chóir don mhúinteoir tacú le hiarrachtaí an pháiste agus na litreacha cearta a thabhairt dóibh.

Litriú á chumadh



### 6.2.3 Teaghlaigh litreacha

Chomh maith leis an ngaol atá ag litreacha le fuaim ar leith a mhúineadh, ba cheart patrúin litreacha a mhúineadh do pháistí atá ag foghlaim conas litriú, (tugtar teaghlaigh litreacha nó fónagraim orthu seo freisin, e.g. -eáil/ -ach/ -eacht). Tá patrúin litreacha níos éifeachtúla toisc nach gá do pháistí litreacha agus fuaimeanna aonair a oibriú amach. Nuair atá páistí réidh, is féidir teaghlaigh focal simplí a mhúineadh, ag tosú leis an bpatrún consan-guta (CG) agus ag bogadh ar aghaidh go consan-guta-consan (CGC): **m.sh.** lá/dá/rá/tá agus bán/dán/fán/lán.

### 6.2.4 Focail a úsáidtear go minic a mhúineadh

De réir mar a bhíonn páistí ag baint triail as litriú a chumadh agus ag tosú ar theaghlaigh focal a shealbhú, ba chóir go múinfí dóibh conas litriú a dhéanamh ar stór beag amharcfhocal, a mhéadóidh de réir a chéile. Ba chóir na focail seo a bheith ar taispeáint go soiléir sa chaoi gur féidir le gach páiste iad a fheiceáil go minic (Cunningham agus Allington, 1999). Ní hionann litriú a chumadh agus amharcfhocail. Glactar le litriú atá míchruinn ach beagnach ceart i litriú a chumadh agus moltar an iarracht, ach is scil thraidisiúnta é litriú amharcfhocal,

agus is gá an scil sin a mhúineadh go luath. Ceann de na spriocanna luathlitearthachta is tábhachtaí do pháistí ná a bheith in ann an 100 focal is coitianta a litriú agus a léamh láithreach. Faraor, ní leanann roinnt mhaith de na 100 amharcfhocal seo patrúin thraidisiúnta litrithe (e.g. is, raibh, agam). Mar sin, caithfear na focail seo a mhúineadh mar fhocail iomlána trí chur chuige ilchéadfach. Ba cheart dul siar orthu agus measúnú a dhéanamh orthu go minic sa scríbhneoireacht laethúil.

I roinnt clár litearthachta Béarla is iad an 100 focal is ardmhinice *nach* leanann patrúin thraidisiúnta litrithe a mhúintear mar amharcfhocail (i.e. múintear na cinn ardmhinice a leanann patrúin thraidisiúnta de réir na fónaice). Is mar seo atá liostaí amharcfhocal an chláir *Mar a Déarfá!* leagtha amach.

Tá nasc chuig áiseanna idirghníomhacha Féasta Focal ar fáil **anseo**


### 6.2.5 Staidéar ar fhocail


In áit litriú a mhúineadh go traidisiúnta, is féidir bealach eile a úsáid – sin staidéar a dhéanamh ar fhocail. Tá sé seo bunaithe ar phatrúin focal a chur de ghlanmheabhair seachas liostaí focal aonaracha nach bhfuil baint acu lena chéile a fhoghlaim. Bíonn deis ag páistí na patrúin i bhfocail a fhiosrú agus a thuiscint.

Ar ndóigh, bíonn eisceacht ag baint le gach riail ach tríd an modh seo, foghlaimíonn na páistí go bhfuil patrúin litrithe ann agus gur cabhair iad na patrúin seo chun míniú a dhéanamh ar na bealaí le focail a litriú, a léamh agus a scríobh.

Ceann de na bunphrionsabail a bhaineann leis an modh seo ná go mbeidh an teagasc ag teacht le leibhéal forbartha an pháiste. Mar thús, caithfear a fháil amach cad a thuigeann gach aon pháiste cheana féin agus an teagasc a thosú ansin.

I gcás staidéar ar fhocail, spreagann an múinteoir na páistí chun gnéithe na bhfocal a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Bealach coitianta amháin chun é seo a dhéanamh ná iarraidh ar na páistí focail a shórtáil. Agus iad i mbun sórtála, úsáideann páistí a n-eolas ar fhocail chun samplaí a théann le chéile a roinnt ó fhocail nach dtéann le chéile.




Tá go leor ábhar tacaíochta don staidéar ar fhocail ag gabháil le **Cód na Gaeilge** Tá ábar tacaíochta eile a thacaíonn le staidéar ar fhocail ar fáil ó www.seideansi.ie. www.leighleat.com/ www.anmuinteoir.ie agus www.lamhchunta.com

Chomh maith leis sin, is féidir le páistí:


- Focail a lorg a bhaineann leis an bpatrún atá á staidéar acu ina gcuid léitheoireacha agus scríbhneoireachta.
- Balla focal a thógáil a léiríonn samplaí de na patrúin éagsúla atá á staidéar acu.
- Leabhar nótaí don staidéar ar fhocail a bheith acu chun cuntas a choimeád ar na patrúin atá ar eolas acu agus ar a dtuiscint nua ar fhocail. 'Foclóir Fuaimeanna' le fáil ó Bhreacadh ag http://www.maradearfa.ie/siopa
- Cluichí a imirt agus gníomhaíochtaí a dhéanamh ina n-úsáideann siad na focail atá ar eolas. (Bear et al., 2000).

Bíonn na céimeanna seo a leanas i gceacht ina n-úsáidtear staidéar ar fhocail:

1. Cuir patrún litrithe nua i láthair na bpaistí trí fhocail a thabhairt dóibh le sórtáil.
2. Spreag na páistí chun an patrún a aithint ina gcuid léitheoireachta agus scríbhneoireachta.
3. Bain úsáid as gníomhaíochtaí treisithe chun cabhrú le páistí an patrún seo a cheangal le focail atá sealbhaithe acu cheana féin.

Ansin déanann múinteoirí tástáil ar eolas na bpáistí ar phatrúin seachas ar a gcumas focail ar leith a chur de ghlanmheabhair. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh páistí ag obair ar cheacht dheich bhfocal agus go gceisteofaí na páistí ar chúig cinn de na focail sin. Dá mbeadh an patrún **–án** á staidéar ag páistí, b'fhéidir go gcuirfeadh an múinteoir an focal "*dán*" isteach sa triail litriúcháin cé nach raibh sé ar an mbunliosta litrithe – ar an gcaoi seo, feicfidh an múinteoir an bhfuil na páistí ábalta a gcuid eolais ar an **bpatrún –án** a chur i gcrích go ginearálta ar fhocail nua nach bhfuil feicthe acu cheana.

Ní féidir féachaint ar fhocail Gaeilge mar aonaid iontu féin nuair a athraíonn siad de réir comhthéacs na Gramadaí m.sh séimhiú, urú, uimhir iolra, tuiseal ginideach. Má fhoghlaimíonn páistí focail ó radharc mar aonaid iontu féin tiocfaidh siad ar na focail sin i gcomhthéacs sa léitheoireacht ach iad athruithe go hiomlán agus gan aithint. Tá treoir maidir le múineadh na Gramadaí san acmhainn **Bain Súp As** a dhíríonn aird na bpáistí ar struchtúir na Gaeilge mar chur chuige leis an bhfeasacht agus an cruinneas teanga a chur chun cinn rud a thacóidh le cruinneas litrithe. Tá sraith ceachtanna ann le gníomhaíochtaí agus cluichí a fhorbróidh feasacht na bhfoghlaimeoirí ar spriocstruchtúir ar leith. Is cur chuige fócasaithe ar fhoirm na teanga atá i gceist le gach ceacht.




### 6.2.6 Cad faoi thrialacha litriúcháin?

Tugann a lán scoileanna triail litriúcháin gach seachtain, maidin Dé hAoine de ghnáth, don rang uile. Ach tá an fhianaise ag méadú nach bealach éifeachtach iad na trialacha seo chun litriú a mhúineadh, ná chun scileanna litriúcháin a mheas. Dáiríre, níl sna trialacha seo ach tástáil ar an gcuimhne ghearrthéarmach, seachas ar an bhfoghlaim. I gcás a lán de na páistí, bíonn dearmad déanta acu faoin Luan ar na focail a bhí ar eolas acu, mar dhea, ar an Aoine; is minic gur beag traschur a bhíonn i gceist leis an eolas ar an bhfocal ón triail litriúcháin go dtí an scríbhneoireacht neamhspleách.  Bíonn an litriú ar fad ar eolas ag páistí eile sa rang sula dtugtar dóibh iad, agus, dá dheasca sin, níl tada á fhoghlaim acu as an triail chéanna a dhéanamh le gach duine eile sa rang.  Ní luíonn nó ní thacaíonn trialacha litriúcháin leis an **teagasc difeálach** a chur chun cinn. Dáiríre, ba cheart litriúchán a mhúineadh agus a mheas i gcomhthéacs abairtí agus scríbhneoireacht na bpáistí féin.

Cliceáil anseo chun Mary Nugent (Síceolaí Oideachais, SNSO) a chloisteáil ag labhairt faoi thrialacha litriúcháin agus cur chuige eile i leith staidéar ar fhocail.

Má chuirtear an iomarca béime ar thrialacha litriúcháin, beidh dainséar ann nach múinfear scileanna litrithe ar chor ar bith ach go dtabharfar iad mar obair baile. Seans nach gcaithfear dóthain den am ranga ar scileanna an litriúcháin a fhoghlaim trí mhionstaidéar a dhéanamh ar fhocail. Chomh maith leis sin, dóibh siúd a mbíonn deacracht acu litriú a fhoghlaim, cuireann trialacha litriúcháin seachtainiúla strus agus lagmhisneach orthu (Alderman agus Green, 2011). I gcás gníomhaíochtaí íomaíochta, ina mbíonn na torthaí ar fáil go poiblí, is léir go laghdaíonn siad spreagadh an pháiste, go háirithe na páistí sin is mó a dteastaíonn spreagadh uathu. Mar a deir Pressley & Allington (2014) '*Intrinsic motivation is killed off by academic failures*'.




## 6.3 Scríbhneoireacht a bhfuil brí léi

Má tá scríbhneoireacht le bheith spreagúil, caithfidh brí a bheith léi i saol na bpáistí. Caithfidh teagasc na scríbhneoireachta do scríbhneoirí luatha teacht le nádúr forbartha na foghlama. I rang na naíonán mór, de ghnáth, bheadh raon suas le cúig bliana i gceist le forbairt scríbhneoireachta na bpáistí. An chéad chéim, mar sin, eolas a aimsiú faoi cá bhfuil na páistí maidir lena ndul chun cinn scríbhneoireachta.(Coker & Kim 2017)

Nuair a thosaíonn daltaí ag scríobh den chéad uair, tuigeann siad go bhfuil teachtaireacht éigin sna marcanna atá ar pháipéar ach ní thuigeann siad an gaol idir na marcanna nó na litreacha sin agus fuaimeanna. Sna chéad chúpla seachtain de rang na naíonán beag, ba chóir go spreagfaí páistí chun pictiúir a tharraingt

agus cur síos a dhéanamh orthu, pé cuma a bhíonn ar an scríbhneoireacht sin (e.g. scrioblái l, marcanna). Ba chóir na páistí a spreagadh chun a bhfuil le rá sa scríbhneoireacht a 'léamh'. Ba chóir iad a spreagadh chun pictiúr a tharraingt agus abairt a chumadh do thuismitheoir nó do mhúinteoir le scríobh lámh leis an bpictiúr. Cabhróidh sé seo chun aidhm na scríbhneoireachta a shoiléiriú do pháistí. Le moladh agus spreagadh, tosóidh páistí ag cur lipéad ar a bpictiúir, déanfaidh siad iarracht abairtí a scríobh agus déanfaidh siad iarracht scéalta faoi na pictiúir atá déanta acu a insint.

Cliceáil anseo le héisteacht le Siobhán O'Donoghue, Saineolaí ar Breith ar an Léitheoireacht SFGM (*PDST*), ag labhairt ar dheiseanna scríbhneoireachta sna luathbhlianta.

Leantar ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile nuair a thosaíonn páistí ag foghlaim faoin ngaol idir fuaim agus litir, agus conas a n-ainm féin agus focail thábhachtacha eile a litriú. Go minic, is cuid de ghníomhaíochtaí ranga 'Mo Nuacht' nó ábhar cruthaitheach eile í an scríbhneoireacht luath seo. Ag an bpointe seo, tosaíonn páistí ag tuiscint gur aonaid iontu féin iad focail agus go ndéantar abairt as grúpa focal. Ní dhéanfadh sé aon dochar iarraidh ar pháistí an scríbhneoireacht atá le déanamh acu a phlé le duine fásta. Is féidir leo labhairt faoi na smaointe, faoi na focail a bheidh uathu agus faoin mbealach lena gcur ar an bpáipéar. Tosaíonn páistí ar litriú a chumadh ag an bpointe seo agus tosaíonn siad ag foghlaim freisin conas focail choitianta a litriú i gceart, e.g. *bhí* agus *agam*.

**Abairtí a fhorbairt**

Is féidir frámaí abairtí a úsáid mar thaca do scríbhneoireacht pháistí. *Is maith liom bheith ag* _____ *agus ag* ____________. Tabhair cead do na páistí an fráma a

úsáid chun a n-abairtí féin a chumadh agus lig dóibh a n-abairtí a roinnt leis an rang. De réir mar a éiríonn na páistí níos neamhspleáiche, éirigh as na frámaí a úsáid de réir a chéile.

Ba chóir na páistí a spreagadh chun a n-abairtí a fhorbairt ó, mar shampla, *Bhí an cat ina chodladh* go *Bhí an cat ina chodladh os comhair tine bhreá*. Is féidir é seo a dhéanamh go hidirghníomhach leis an ngrúpa ranga, nó is féidir leis na páistí bheith ag obair ina bpéirí nó ina ngrúpaí beaga agus a gcuid abairtí forbartha a roinnt leis an rang.

### 6.2.1 Scríbhneoireacht i gcomhpháirt

Ciallaíonn scríobh i gcomhpháirt go gcumann an múinteoir agus na páistí píosa scríbhneoireachta le chéile. Is é an múinteoir a dhéanann an scríbhneoireacht féin ar an gclár bán de ghnáth. Cuireann na páistí smaointe agus stór focal i láthair. Léann na páistí an téacs arís agus arís eile. Beidh an píosa scríbhneoireachta críochnaithe ina mhúnla ranga – is féidir tagairt a dhéanamh dó agus é a phlé. Is féidir an scríbhneoireacht i gcomhpháirt a dhéanamh i dtaca leis an ngníomhaíocht ó bhéal sa rang nó i dtaca le scéal a léitear os ard go hidirghníomhach.

Chomh luath agus a léiríonn páistí go dtuigeann siad an straitéis (ransú smaointe, cumadh, eagarthóireacht srl.), ba chóir don mhúinteoir na páistí a spreagadh chun na scileanna seo a chur i bhfeidhm agus cleachtadh a dhéanamh orthu de réir mar a scríobhann siad ar bhonn neamhspleách.

Caithfidh múinteoirí cuimhneamh ar an bhfreagracht a thabhairt ar lámh do na páistí de réir a chéile. Uaireanta, beidh ar pháistí áirithe níos mó ama a chaitheamh

ar thascanna a stiúrann an múinteoir go dtí go mbíonn siad neamhspleách, ach beidh páistí eile ábalta bheith ag obair ina ngrúpaí beaga lena gcomhdhaltaí.

### 6.2.2 Athbhreithniú agus Eagarthóireacht

Tá sé tábhachtach go mbeadh cothromaíocht idir smaointe cruthaitheacha a spreagadh agus struchtúr a chur ar na smaointe sin. Ní bheidh páistí réidh chun eagarthóireacht a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireachta féin go dtí go mbeidh siad in ann líon maith amharcfhocal a litriú láithreach, poncaíocht shimplí (cinnlitreacha, mar shampla) a úsáid agus tuiscint a bheith acu ar struchtúr abairte simplí (Rog, 2007). Ag an staid seo, ba cheart go múinfí na páistí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid oibre, chun a chinntiú go bhfuil na hamharcfhocail litrithe i gceart agus chun sonraí breise a chur léi más gá. Is cuid den phróiseas scríofa sna luathbhlianta é seo.

### 6.2.3 Deiseanna scríbhneoireachta

Ba cheart 30 nóimeád sa lá, ar a laghad, a chaitheamh ar scríbhneoireacht agus ar scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt sna ranganna naíonán. Is féidir cleachtadh a dhéanamh leo agus iad ag plé le hábhair eile chomh maith - sa rang eolaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh páistí lipéid a chur ar rudaí. Spreag na páistí chun a bhfuil scríofa acu a léamh do lucht éisteachta – is cuma más múinteoir, tuismitheoir nó páiste eile an lucht éisteachta sin. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh deiseanna ag páistí bheith ag scríobh i seánraí éagsúla, iad seo a leanas ina measc:

- ***Seánra scéalaíochta***: pictiúr a tharraingt agus scéal a insint faoi; cur síos a dhéanamh ar thaithí phearsanta nó pictiúr a tharraingt di; focail ó bhéal a úsáid a insíonn faoi imeacht ama; mothúcháin a phlé agus an scéal á

insint agat; úsáid a bhaint as gnéithe de théacs scéalaíochta; bolgáin chainte, teidil agus uimhreacha leathanaigh, mar shampla.

- ***Seánra faisnéise feidhmí:*** liostaí a dhéanamh; cuirí a scríobh; lipéid a déanamh; fíricí a léiriú; rudaí a tharraingt agus labhairt fúthu; leabhair ghairide eolais a scríobh.
- ***Seánra fileata/cruthaitheach:*** mothúcháin a chur in iúl i bhfoirm filíochta; focail shuimiúla a thabhairt faoi deara; tuiscint go mbíonn dánta áirithe greannmhar agus cinn eile dáiríre; a bheith páirteach i ndán nó in amhran nó i rím a scríobh i gcomhpháirt; léaráidí a chur le dánta; rím agus greann a aithint agus a thuiscint; an domhan a thabhairt faoi deara go grinn.

**Mír 7 – Plean an mheasúnaithe, an fhreagairt ar idirghabháil, measúnú ar an bhfoghlaim**

Pleananna an mheasúnaithe, freagairt ar threoir, measúnú ar an bhfoghlaim




## 7. Measúnú

> *The goal of assessment has to be above all to support the improvement of teaching and learning.*
>
> Frederickson agus Collins, 1989.

### 7.1. Plean an mheasúnaithe





Pleananna an mheasúnaithe


Ba cheart go mbeadh plean measúnaithe mar chuid lárnach de pholasaí litearthachta. Deir an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta gur cheart do scoileanna sonraí measúnaithe a úsáid mar bhunús agus iad ag forbairt plean feabhsaithe scoile. Chomh maith leis sin, ba cheart go n-aithneodh eolas measúnaithe, ón dara téarma i rang na naíonán mór ar a laghad, páistí a bhfuil tacaíocht sa seomra ranga agus straitéisí idirghabhála de dhíth orthu. Ar an ábhar sin, is cóir go mbeadh treoir maidir leo seo a leanas sa phlean measúnaithe:

- Gnéithe den litearthacht ar a ndéantar measúnú foirmeálta agus neamhfhoirmeálta
- Sonraí maidir le cathain a bhíonn measúnú ar siúl
- Córas uile-scoile a dhéanann taifead agus monatóireacht ar shonraí, idir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, ar scileanna litearthachta an pháiste
- Pleananna a bhaineann le hinfheistiú in uirlisí measúnaithe agus i bhforbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do phríomhoidí
- Pleananna maidir le conas eolas a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí

Baineann an mhír seo le cineálacha éagsúla measúnaithe agus tá gluais inti ina bhfuil na téarmaí measúnaithe coitianta. I gcás roinnt réimsí foghlama – peannaireacht, mar shampla – is féidir an measúnú a dhéanamh trí bhreathnóireacht:  iompar an choirp, greim ar an bpeann luaidhe agus cruthú na litreacha. Mar an gcéanna le straitéisí léitheoireacht focail a mheas nó líofacht sa léitheoireacht a mheas – is fearr é a dhéanamh trí bhreathnóireacht ghrinn ar an bpáiste ag léamh téacs leanúnach. Cabhraíonn úsáid phortfóiliónna oibre chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na scríbhneoireachta a bhfuil brí léi. Tá breis eolais ar mhodhanna breathnóireachta agus ar fhorbairt phortfóiliónna sa mhír seo. Mar aon leis sin, tá eolas ar mhodhanna sainiúla measúnaithe atá ceangailte le réimsí éagsúla d'fhorbairt na litearthachta i míreanna eile roimhe seo. Cliceáil ar aon cheann de na duilleoga seo chun comhairle a fháil ar mheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe litearthachta:












**Na contanaim dul chun cinn i gCuraclam Teanga na Bunscoile**

Leagann Curaclam Teanga na Bunscoile amach torthaí foghlama do ghnéithe na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta (agus an teanga ó bhéal). Déanann na torthaí foghlama seo cur síos ar cad go díreach ba chóir do pháistí a bheith ar eolas acu agus cad ba chóir dóibh a bheith in ann a dhéanamh, mar thoradh ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama, ag tógáil cumas pearsanta agus cúinsí éagsúla eile san áireamh.

Cabhraíonn na torthaí seo le múinteoirí:

- Na modhanna teagaisc chuí don fhoghlaim a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh orthu
- Modhanna measúnaithe a úsáid atá ag teacht leis na torthaí foghlama atá beartaithe
- Aiseolas soiléir a thabhairt do pháistí agus do thuismitheoirí.

Úsáideann Curaclam Teanga na Bunscoile dul chun cinn leanúnach agus samplaí d'obair pháistí chun cabhrú le múinteoirí breithiúnas a thabhairt ar cá bhfuil páistí ó thaobh a gcuid foghlama agus chun na chéad chéimeanna eile den fhoghlaim a phleanáil.

Tá trí chontanam dul chun cinn ann – ceann do gach gné:

- Teanga ó bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht




Laistigh de gach contanam dul chun cinn, tá ocht gcur síos ar mhórchéimeanna dul chun cinn, **a - h**. Tá réimse scileanna i gceist le gach mórchéim dul chun cinn. Tugtar creatlach an chontanaim dul chun cinn don léitheoireacht thíos (féach

leathanach 71-72). Buntáiste amháin a bhaineann le mórchéimeanna dul chun cinn a úsáid ná go gcabhraíonn siad leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile i bhforbairt an pháiste a aithint agus, dá réir sin, na chéad chéimeanna eile sa teagasc a phleanáil.

# Léitheoireacht: Contanam Dul chun Cinn

I gcomhar le daoine eile agus ina aonar, éisteann an páiste le téacsanna** aitheanta agus neamhaitheanta i seánraí◊ éagsúla, léann iad agus téann i ngleic leo. Úsáideann an páiste réamheolas agus réamhthaithí chun brí a bhaint as téacs** agus é a léirmhíniú. De réir mar a théann an páiste chun cinn, éireoidh na téacsanna** níos casta ó thaobh stór focal léitheoireachta agus ábhair de. Gabhann an páiste téacsanna** chuige/chuici ag a leibhéal léitheoireachta teagaisc agus neamhspleách féin chun a líofacht a fhorbairt. Baintear úsáid as an bhfrása Tréithe Breise chun aird a tharraingt ar ghnéithe eile sa Ghaeilge. Leis an áit a bhfuil páiste ar an gcontanam léitheoireachta a shainaithint, b'fhiú an páiste a bheith ag plé le téacsanna ar a leibhéal léitheoireachta teagaisc.

## 2 Mórchéimeanna Dul chun Cinn don Léitheoireacht

**Cód giorraithe**
Páiste nach cainteoir dúchais é/í: PnCD
Cainteoir dúchais: CD
*Céim 1* *Céim 2*

| | |
|---|---|
| a | Taitníonn sé leis an bpáiste a bheith ag súgradh le leabhair agus ag glacadh páirte i rainn do pháistí. Baineann sé taitneamh as bheith ag féachaint ar leabhair, bheith ag éisteacht leo agus iad a láimhseáil. Baineann an páiste brí áirithe as pictiúir agus lógónna, comharthaí agus focail aitheanta. Seicheamhaíonn sé scéalta aitheanta nó taithí trí úsáid a bhaint as rudaí, marcanna nó mímeanna chun díriú ar 2-3 phríomhphointe/phríomhimeacht. |
| b | Léiríonn an páiste iompraíocht atá cosúil le léitheoireacht sa súgradh agus baineann taitneamh as a bheith ag éisteacht le scéalta agus le dánta, páirt a ghlacadh i rainn do pháistí, agus a bheith ag spraoi le teanga i dtomhais agus i ngreanntaíocht. Tuigeann an páiste go mbaineann teachtaireachtaí le cló agus go n-insíonn an téacs** an scéal céanna gach uair a léitear é. Aithnítear roinnt focal pearsanta agus aitheanta agus roinnt litreacha aitheanta. Úsáideann sé focail agus frásaí nua sa léitheoireacht éiritheach a léiríonn an múinteoir. |
| c | Tosaíonn an páiste ag déanamh comhcheangail idir litreacha agus fuaimeanna agus aithnítear roinnt focal ardmhinicíochta. Tarraingíonn siad ar a n-eispéireas pearsanta, eolas agus cuimhne nuair atá 'léitheoireacht' téacs** á roinnt acu, bídís leo féin nó i gcomhluadar daoine eile. Samhlaíonn an páiste íomhánna agus iad ag éisteacht le scéal nó le téacs** faisnéise a léitear os ard, roinntear freagairtí agus pléann le daoine eile. Tuigeann sé roinnt bunghnásanna cló agus aithnítear focail ríme. |
| d | Úsáideann an páiste roinnt scileanna láimhseála leabhair agus aithnítear níos mó gnásanna bunúsacha cló. Fuaimníonn agus ainmníonn sé litreacha na haibítre Gaeilge. Tosaítear ag deighilt agus ag cumasc roinnt fuaimeanna i bhfocail, aithnítear roinnt patrún coiteann litreacha agus gineann focail ríme. Léann an páiste réimse focal ardmhinicíochta agus léiríonn an difear idir guta fada agus guta gairid agus consan leathan agus caol sa léitheoireacht. Úsáidtear roinnt ciúnna comhthéacs agus pictiúrtha chun cabhrú le tuiscint. Déanann sé/sí mionathruithe ar thuair i bhfianaise eolais nua agus léirítear tuiscint trí phlé a dhéanamh ar na téacsanna** atá léite. |
| e | Taitníonn leis an bpáiste a bheith ag éisteacht le téacs**, á léamh agus á fhiosrú agus léirítear go bhfuil eolas acu ar struchtúr raon seánraí◊ téacs** insinte agus nós imeachta. Tuigeann sé teachtaireachtaí a chuirtear in iúl i léaráidí agus baineann úsáid as amharcfhocail, focail ríme, siollaí, bunphatrúin litreacha agus leideanna ón téacs** chun léamh. Léann an páiste go neamhspleách téacsanna** aitheanta agus úsáidtear lánstadanna chun poncaíocht a léiriú. Tosaíonn sé ag déanamh monatóireachta ar thuiscint, cuireann ceisteanna faoi théacsanna agus tugann roinnt cúiseanna le tuartha. Aimsíonn an páiste príomhphointí i dtéacsanna** faisnéise le cabhair agus é/í ag úsáid eagraí grafach. |
| f | Baineann an páiste taitneamh as téacs** a roghnú agus a iniúchadh chun críocha faoi leith agus cuireann agus freagraíonn ceisteanna ar raon seánraí◊ téacs** agus tugann údar lena gcuid freagraí. Léann sé/sí réimse focal a bhfuil déghraif, patrúin litreacha agus siollaí iontu agus úsáidtear réamheolas, ciúnna comhthéacs, roinnt poncaíochta agus cuireann sé roinnt tuiníochta isteach agus iad ag léamh os ard. Aimsíonn an páiste eochaireolas i dtéacs** ag úsáid gnéithe téacs** cosúil le clár ábhair agus fotheidil, agus tosaítear ag úsáid foclóirí chun ciall focal a fháil. |
| g | Baineann an páiste taitneamh as seánraí◊ éagsúla agus léann ar mhaithe le sainchuspóirí, ag tabhairt údar le roghanna agus tuairimí. Úsáideann sé réimse straitéisí tuisceana agus gnéithe téacs** cosúil le hinnéacsanna chun cabhrú le téacs** a thuiscint, príomhfhaisnéis a aimsiú agus neamhaird a dhéanamh de shonraí nach bhfuil riachtanach, agus tá siad in ann fianaise shainiúil sa téacs** a thabhairt chun tacú lena dtuairim. Léann sé/sí focail le réimse leathan de na léirithe do na gutaí fada agus gearra agus do na consain chomh maith le patrúin choitianta atá sa Ghaeilge. Úsáideann an páiste réimse straitéisí chun focail a aithint chomh maith le heolas ar chomhchiallaigh, frithchiallaigh, táthmhíreanna agus fréamhfhocail, guta cúnta, comhréir agus struchtúr gramadaí na Gaeilge, consain chaola, leathana agus siollaí chun focail neamhaitheanta a thuiscint. |
| h | Baineann an páiste taitneamh as raon leathan seánraí◊ agus léann téacsanna** mionsonraithe ag a leibhéal neamhspleách féin ar mhaithe le cuspóirí éagsúla. Úsáideann sé/sí seichimh fuaimeanna/litreacha, fréamhfhocail, siollaí, eolas ar chonsain chaola agus leathana, taoilitreacha, réimíreanna agus iarmhíreanna chun réimse leathan focal neamhaithnidiúil [redacted] a aithint, a léamh agus a thuiscint. Déanann an páiste fiosrú faoina raibh ar intinn údair i dtéacsanna** agus tuigeann téacs trí úsáid a bhaint as réimse straitéisí tuisceana ar bhealach níos solúbtha agus le téacscanna atá ag éirí níos casta de réir a chéile. Díríonn sé/sí ar ghnéithe den teanga, ar íomhánna agus ar stór focal léitheoireachta agus aithníonn gur féidir le daoine aonair léirmhíniú éagsúil a bhaint as téacs**. Baineann sé/sí úsáid as gnéithe téacs** cosúil le cló trom, gluaiseanna, roghchláir leictreonacha agus deilbhíní chun príomhshonraí a aimsiú go héifeachtúil. |

*** Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, fisiúil, tadhlach, leictreonach agus digiteach.*

**Modhanna measúnaithe**

Chun measúnú éifeachtach a dhéanamh, caithfidh cuspóir an mheasúnaithe a bheith soiléir agus ansin caithfear an cuspóir sin a mheaitseáil leis an modh, nó leis an bpróiseas measúnaithe is oiriúnaí. Pléitear na modhanna agus na ceisteanna measúnaithe seo sa mhír seo:


- Freagairt ar threoir
- Measúnú suimitheach (measúnú ar an bhfoghlaim)




## 7.2 Freagairt ar threoir

> *Response to Instruction (RTI) is a comprehensive, systemic approach to teaching and learning designed to address language and literacy problems for **all** students through increasingly differentiated and intensified language and literacy assessment and instruction.*
>
> International Reading Association. 2010

Ligeann an cur chuige FAT (RTI) – tugtar 'freagairt ar idirghabháil' air freisin – don mhúinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an mbealach a fhreagraíonn an páiste do threoir; is féidir an teagasc a athrú dá réir. Is modh measúnaithe é **don** fhoghlaim agus bíonn tionchar mór aige ar an bhfoghlaim nuair a úsáidtear i gceart é sa seomra ranga (Jimerson, Burns and Van Der Heyden (2015). Is ciorcal iomlán é *múineadh ar ardchaighdeán – measúnú – teagasc athraithe* é an próiseas freagairt ar threoir.




**Léaráid 3 – Freagairt ar threoir**

An príomhchuspóir atá leis seo ná fadhbanna a sheachaint tríd an modh teagaisc is oiriúnaí a chleachtadh. Mar sin, cuirtear teagasc ranga eolaíoch, bunaithe ar thaighde, ar fáil do gach páiste. Ansin, déantar measúnú ar gach páiste lena fheiceáil conas a d'fhreagair siad don teagasc sin agus conas a bhain siad amach na torthaí foghlama atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Déantar a leithéid de mheasúnú, de ghnáth, trí bheartais atá bunaithe ar an gcuraclam; beartais ina ndéanann an múinteoir measúnú gairid, tapa atá bunaithe sa rang. Is slata tomhais iad na mórchéimeanna dhul chun cinn agus critéir na dtorthaí i gCuraclam Teanga na Bunscoile don mheasúnú. Déantar an measúnú go minic, (go seachtainiúil más gá) sa chaoi is gur féidir idirghabháil a dhéanamh go tráthúil, ag cinntiú go bhfuil an páiste ag obair i gcónaí ag an leibhéal teagaisc ceart. Má fheictear nach bhfuil páiste ag freagairt don teagasc mar a bheifí ag súil leis, caithfear an teagasc a leasú agus a threisiú chun riachtanais an pháiste a chur san áireamh. Ba cheart don mhúinteoir a mheas cá bhfuil an páiste go díreach ó

thaobh na mórchéimeanna dhul chun cinn de agus chun na chéad chéimeanna dhul chun cinn eile a phleanTá seicliosta samplach ar na leathanaigh a leanas, a chabhróidh le múinteoirí dul chun cinn na bpáistí sa luathlitearthacht a athbhreithniú/a mheas. Cabhróidh sé go mór chun deacrachtaí na bpáistí sin atá ag streachailt, a aithint i gceart. Mar thoradh air sin, socrófar ar an idirghabháil is fearr. Tá mórchéimeanna an chontanaim dul chun cinn ó Churaclam Teanga na Bunscoile luaite i gcló gorm sa cholún ar chlé.

**Athbhreithniú ar/Seicliosta do Chreat Cothromaithe na Litearthachta**

**Ainm an dalta: ______________________**

| | **An féidir leis an dalta …?** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** |
|---|---|---|---|---|
| **Coincheapa luathlitearthachta** Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht a & b | tosach an leabhair a aithint<br><br>a thuiscint go bhfuil difríocht idir cló agus pictiúir ach go bhfuil nasc eatarthu<br><br>a thuiscint gur féidir leat cló a léamh ach nach féidir pictiúr a léamh<br><br>tús an scéil a léiriú trí mhéar a leagan ar an gcéad líne den téacs i scéal<br><br>na leathanaigh a thiontú le léamh agus féachaint ar an leathanach ar chlé ar dtús<br><br>léamh agus scríobh ó chlé go deas agus ansin filleadh ar chlé chun líne nua a thosú (ábalta an mhéar a bhogadh chun treo an chló ar, agus idir, línte téacs a léiriú)<br><br>a aithint gur focal é grúpa litreacha<br><br>an cló a leanúint lena m(h)éar trína m(h)éar a chur faoi gach focal | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | focal amháin a rá in aghaidh gach focal a fheictear sa scríobh/léamh<br><br>a thuiscint go bhfuil difríocht idir focal agus litir (ábalta focal a thaispeáint nuair a iarrtar é/ ábalta litir a thaispeáint nuair a iarrtar é)<br><br>a thuiscint go bhfuil ceannlitreacha agus litreacha beaga i gceist (ábalta ceannlitir a thaispeáint nuair a iarrtar é)<br><br>a thuiscint go bhfuil an chéad fhocal in abairt ar chlé agus go bhfuil an focal deiridh díreach roimh an marc poncaíochta críche (tús abairte a léiriú trí mhéar a leagan ar an gcéad fhocal; deireadh abairte a léiriú trí mhéar a leagan ar an lánstad)<br><br>an chéad fhocal in abairt / i líne a thaispeáint<br><br>an focal deiridh in abairt / i líne a thaispeáint<br><br>a thuiscint go léiríonn comharthaí athfhriotail go bhfuil duine éigin ag labhairt agus an píosa cainte a léiriú trí mhéar a leagan air<br><br>an chéad litir agus an litir dheiridh i bhfocal a aithint<br><br>a (h)ainm féin a aithint agus na litreacha ann a scríobh | | | |

| | An féidir leis an dalta …? | Bainte amach-Dáta | Bainte amach-Dáta | Bainte amach-Dáta |
|---|---|---|---|---|
| Tuiscint ar an bhFóineolaíocht<br>Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht<br>c & d | **Focail agus siollaí ríme**<br>3 rann a aithris – na focail agus an rithim i gceart acu<br><br>an focal deiridh i líne a rá nuair a deir duine fásta an chuid eile den rann<br><br>meaitseáil a dhéanamh ar chártaí ar a bhfuil pictiúr de rudaí a dhéanann rím<br><br>an ceann corr a roghnú as 3 fhocal (2 phictiúr ríme) le cúnamh pictiúr agus ansin gan cúnamh pictiúr<br><br>focail ríme a chloistéail agus a rá<br><br>rím a dhéanamh trí fhocail, a bhfuil an chríoch chéanna orthu, a thabhairt chun cuimhne (focal a thabhairt a dhéanann rím le focal eile)<br><br>na focail in abairt 3 fhocal nó in abairt 5 fhocal a bhualadh amach nó a chomhaireamh<br><br>na siollaí cearta ina (h)ainm féin, agus ansin in ainmneacha páistí sa rang, a bhualadh amach nó a chomhaireamh | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht<br>c & d | na siollaí i bhfocal a chloisteáil agus a rá<br><br>a thuiscint go bhfuil siolla amháin i bhfocail áirithe agus trí shiolla, nó níos mó, i bhfocail eile<br><br>siollaí a chumasc le chéile (múin-teoir, múinteoir)<br><br>**Túsfhoghar agus foghar deiridh**<br>an chéad fhuaim, an fhuaim láir agus an fhuaim dheiridh i bhfocal a chloisteáil agus a rá (**b**ád, b**á**d, bá**d**)<br><br>codanna focail a chumasc le chéile (f-á-s, fás)<br><br>**Fóinéimí**<br>na fuaimeanna tosaigh in ainmneacha pháistí an ranga a aithint<br><br>pictiúir a mheaitseáil de réir na fuaime tosaigh<br><br>an ceann corr a roghnú as 3 fhocal (dhá cheann leis an bhfuaim thosaigh chéanna) le cúnamh pictiúr agus ansin gan cúnamh pictiúr<br><br>gach fuaim i bhfocal a rá (b-á-d)<br><br>a thuiscint go bhfuil an fhuaim chéanna ag tús roinnt focal (**c**as, **c**arr) | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht d & e | a thuiscint go bhfuil an fhuaim chéanna ag deireadh roinnt focal (b**arr**, l**ár**)<br><br>focal a rá gan an fhuaim thosaigh (m-ám = **ám**)<br><br>focal a rá gan an fhuaim dheiridh (bád - d = **bá**)<br><br>an chéad fhuaim i bhfocal a athrú chun focal nua a chumadh (**b**ó - **d**ó)<br><br>an fhuaim dheiridh i bhfocal a athrú chun focal nua a chumadh (fá**s** – fá**g**)<br><br>an fhuaim i lár focail a chloisteáil agus a rá (b-**u**-s)<br><br>a thuiscint go bhfuil an fhuaim chéanna i lár roinnt focal (c**a**n, l**a**s)<br><br>an fhuaim i lár focail a athrú chun focal nua a chumadh (**boc**, **bac**; **cos**, **cas**)<br><br>trí nó ceithre fhóinéim a chumasc i bhfocail (c-l-á-r) | | | |

| | An féidir leis an dalta …? | Bainte amach-Dáta | Bainte amach-Dáta | Bainte amach-Dáta |
|---|---|---|---|---|
| **Fónaic nó an gaol litir-fuaim**<br>Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht<br>d & e | fuaim na 26 litir a aithint in ord randamach<br><br>a thuiscint go seasann litir d'fhuaim: is é **b** a sheasann don chéad fhuaim in bán.<br><br>a thuiscint gur consain iad litreacha áirithe agus gur gutaí iad litreacha eile<br><br>úsáid a bhaint as fuaimeanna consain tosaigh agus na litreacha a sheasann dóibh<br><br>a thuiscint gur féidir leis/léi fuaim litreach a fheiceann sé/sí ag tús focail a dhéanamh<br><br>a thuiscint go seasann consain áirithe nó cnuasaigh consan áirithe do dhá fhuaim éagsúla, nó níos mó (tart, te)<br><br>a thuiscint gur cnuasach consan nó cnuaschonsan é grúpa de dhá chonsan nó trí cinn (bl, fl, tr, sp)<br><br>a thuiscint go bhfuil cnuasaigh consan ag deireadh focal áirithe (-lc, -r) | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | a thuiscint gur féidir, de ghnáth, gach fuaim a chloisteáil i gcnuasach consan (blasta = b-l-a-s-t-a)<br><br>déghraif chonsan a aithint agus a úsáid ag tús focal: *sh, th*<br><br>déghraif chonsan a aithint agus a úsáid ag deireadh focal: *ch, th*<br><br>a thuiscint go mbíonn consain chiúine/thaoitheanacha i roinnt focal ((b'**fh**earr, **s**hiúil, **t**hart, scá**th**, réi**dh**)<br><br>a thuiscint gur féidir le litreacha éagsúla nó cnuasaigh éagsúla litreacha an fhuaim chonsain chéanna a léiriú (**b**á, **bp**á; **g**á, **gc**óta)<br><br>a thuiscint gur gutaí iad a, e, i, o, u agus á, é, í, ó, ú<br><br>fuaimeanna gutaí gairide i bhfocail, agus na litreacha a sheasann dóibh, a chloistéail agus a aithint<br><br>gutaí gairide i lár focail a aithint (CGC)<br><br>fuaimeanna gutaí fada i bhfocail, agus na litreacha a sheasann dóibh, a chloistéail agus a aithint<br>fuaimeanna gutaí fada i bhfocail a aithint agus a úsáid<br><br>dh' (dhíbir) a aithint agus a úsáid mar fhuaim ghuta | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | teaglaim litreacha a sheasann d'fhuaimeanna gutaí fada a aithint agus a úsáid<br><br>cnuasach litreacha a sheasann d'fhuaimeanna gutaí eile a aithint agus a úsáid: í = uí (buí); aoi (aois); é = ae (strae)<br><br>fuaimeanna gutaí a aithint agus a úsáid i siollaí oscailte<br><br>fuaimeanna gutaí a aithint agus a úsáid i siollaí dúnta<br><br>litreacha a chruthú agus a scríobh/rá i gceart, go héifeachtach agus go líofa<br><br>úsáid a bhaint as méarchlár ríomhaire | | | |
| | **An féidir leis an dalta …?** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** |
| **Eolas ar litreacha**<br><br>Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht d & e | an aibítir a rá/aithris<br><br>a thuiscint go bhfuil ainm, fuaim agus cruth ag litir<br><br>a thuiscint gur féidir féachaint ar litir agus a ainm a rá<br><br>na litreacha uile san aibítir a ainmniú | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | a thuiscint go bhfuil dhá chruth ag litir – cás uachtair (nó ceannlitir) agus cás íochtair (nó litir bheag)<br><br>a thuiscint go mbíonn ceannlitir ag tús d'ainm<br><br>a thuiscint go mbíonn guta i ngach focal<br><br>focail a aimsiú a bhfuil an tús céanna, críoch céanna, agus litir láir chéanna acu | | | |
| | **An féidir leis an dalta …?** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** |
| **Stór focal súilaithne/ líofacht**<br><br>Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht c, d & e | Focail a mheaitseáil le cártaí pictiúr<br><br>cártaí focal a mheaitseáil le focail i gcló amháin (gan phictiúr)<br><br>a thuiscint nach féidir focail áirithe a léamh trí fhuaimeanna litreacha a chumasc agus gur gá na cinn ardmhinicíochta a fhoghlaim mar 'Amharcfhocail' / mar fhocal iomláine.<br><br>an chéad 12 fhocal Dolch / amharcfhocail choitianta a aithint<br>an chéad 20, 50, 100 focal Dolch a aithint | | | |
| | **An féidir leis an dalta …?** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Peannaireacht agus Litriú**<br>Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht<br>c & d | an greim ceart a bhreith ar an bpeann luaidhe<br><br>an chéad ainm aige/aici agus a s(h)loinne a chóipeáil i gceart<br><br>an chéad ainm aige/aici agus a s(h)loinne a scríobh go neamhspleách<br><br>na litreacha ar fad a chruthú nó a chóipeáil i gceart<br><br>an litir a sheasann d'fhuaim a scríobh nuair a iarrtar í (níos déanaí, litir a scríobh nuair a spreagtar í)<br><br>fuaim na litreach a chloistear ag tús focail/críoch focail a scríobh<br><br>an fhuaim a chloistear i lár focail a scríobh<br><br>abairtí a chóipeáil isteach ina gcóipleabhair<br><br>abairtí a chóipeáil ón gclár<br><br>focail CGC a litriú agus a scríobh (bán, fás)<br><br>patrúin litriúcháin le CCGC a litriú agus a scríobh (clós, glas)<br><br>focail aonsiollacha a chríochnaíonn ar litreacha dúbailte (GCC) a litriú agus a scríobh - -onn, -arr | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | focail aonsiollacha a chríochnaíonn ar chnuasach consan a litriú agus a scríobh (folt, fearg, long)<br><br>abairtí simplí a scríobh mar dheachtú ag úsáid ceannlitreach agus lánstad<br><br>spásanna agus ailíniú cuí a chur sa scríbhneoireacht<br><br>abairtí simplí a scríobh go neamhspleách<br><br>focail a úsáidtear go coitianta a litriú i gceart | | | |
| | **An féidir leis an dalta …?** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** | **Bainte amach-Dáta** |
| **Tuiscint**<br>Mórchéimeanna dul chun cinn don léitheoireacht<br>b, c & d | carachtair scéil a aithint trí mhéar a leagan ar na pictiúir i leabhair<br><br>tuar nó dhó simplí a dhéanamh faoi scéal aitheanta<br><br>eolas faoin scéal a thabhairt chun cuimhne (e.g. plota, carachtar, tús agus críoch)<br><br>snáithe an scéil a aithris in ord ama<br><br>ceisteanna áirithe ar fhíricí a bhfuil baint acu leis an scéal a fhreagairt<br>ceangail idir eolas cúlra agus an téacs a dhéanamh<br><br>an príomhsmaoineamh a aithint | | | |

### 7.2.1 Breathnóireacht

Is í an bhreathnóireacht an modh is nádúrtha chun dul chun cinn páistí a mheas. Is bunchuid í de mheasúnú ar an bhfoghlaim agus ar fhreagairt ar threoir. Bíonn an múinteoir i dteagmháil gach lá leis na páistí agus is é an múinteoir an duine is cumasaí chun plean a leagan amach d'fhoghlaim na bpáistí agus chun breithiúnais a thabhairt ar dhul chun cinn na bpáistí.

Cé gur mó dochar ná maitheas a dhéanfadh an iomarca sonraí, tá sé tábhachtach taifead a dhéanamh ar na sonraí atá tugtha faoi deara maidir le dul chun cinn na bpáistí i dtreo cuspóra aitheanta e.g. an gcruthaíonn an páiste an litir **d** i gceart? Seo thíos cúpla moladh áisiúil maidir le breathnóireacht mheasúnaithe a thaifeadadh:

- Liosta ainmneacha agus spás i ndiaidh gach ainm chun an bhreathnóireacht a thaifeadadh
- Nótaí Post –It ®
- Seicliosta cuspóirí (e.g. an aibítir)
- Sampla d'obair na bpáistí agus dáta air ina gcomhad oibre
- Rúibric i.e. tábla air a bhfuil critéir ar leith a chabhróidh le múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn



**Tábla 3. Sampla de Rúibric don Chumas Scríofa i Rang a hAon**

| **Gné** | **Scór** | **Critéir** |
|---|---|---|
| Smaointe | | Smaoineamh amháin dá gcuid féin ar a laghad |
| Stór Focal | | Focal nua a úsáid ***geal*** |
| Leagan Amach | | Litreacha cruthaithe i gceart<br>Litreacha agus focail spásaithe i gceart |
| Litriú | | Litriú ceart ar ***atá, féach, bhí*** |
| Poncaíocht | | Ceannlitreacha agus lánstadanna in úsáid |

### 7.2.2. Taifid reatha

Rinne Marie Clay forbairt ar an modh 'taifid reatha' mar chuid den chlár Breith ar an Léitheoireacht. Is measúnú é a léiríonn léamh páistí, ina n-aonar, ar théacs leanúnach.(Clay 2013) Is bealach é chun measúnú a dhéanamh ar léitheoireacht páistí, chun an leibhéal teagaisc ceart a aithint agus chun bonn eolais a chur faoin teagasc féin. Nuair a dhéantar taifid reatha ar bhonn rialta, léiríonn na taifid dul chun cinn páistí sa léamh.

Chun taifead reatha a dhéanamh, suigh in aice leis an bpáiste agus é ag léamh giota téacs os ard, i dtimpeallacht nádúrtha suaimhneach. Is gá am a roghnú inar féidir éisteacht leis an bpáiste gan tada a bheith ag cur isteach oraibh. Féach air, agus déan taifead ar gach rud a deir agus a dhéanann an páiste i rith a chuid léitheoireachta. Gach uair a dhéanann tú Taifead Reatha, tabharfaidh tú faoi deara

breis sonraí faoi iompar léitheoireachta páistí. Toisc go bhfuil cód cinnte leagtha amach don taifead, tuigfidh na múinteoirí ar fad an cás agus beidh siad in ann plé, anailís agus pleanáil a dhéanamh ar straitéisí teagaisc don pháiste nó do ghrúpaí beaga páistí.

Ábhar tacaíochta ar fáil anseo:

- http://www.maradearfa.ie/aiseanna-tacaiochta/anailis-measunu
- http://www.curriculumonline.ie/getmedia/90c633c9-72e7-4f6b-8fd8-e0790fba3a30/L_TaifeadReathaLeitheoireachta.pdf?ext=.pdf

### 7.2.3 Pórtfóilió oibre

Is bailiúchán oibre é an portfóilió agus léiríonn sé dul chun cinn an pháiste thar thréimhse ama. D'fhéadfadh fianaise na foghlama a bheith i bhfoirm grianghraif, físeán digiteach, comhad fuaime nó aon léiriú cuí eile ar an méid a bhaineann an páiste amach.

### 7.2.4 Trialacha critéarthagartha

Is féidir triail chritéarthagartha a úsáid don fhreagairt ar threoir agus mar chuid de mheasúnú suimitheach freisin. Is triail í (a cheapann an múinteoir, go minic) a dhéanann iarracht a fhiosrú an dtuigeann páistí coincheap áirithe (e.g. an bhfuil a fhios acu gur codanna fuaime atá i bhfocal) nó an bhfuil siad ábalta scil áirithe a chur i gcrích (e.g. amharcfhocail a léamh). Beidh trialacha critéarthagartha, iad dátaithe agus stóráilte go sábháilte i bportfóilió páistí, mar chuntas ar an tuiscint atá ag páistí ar choincheapa. Is féidir iad a úsáid chun spriocanna foghlama a aithint freisin.

Taifead Reatha & Amharcfhocail

Cliceáil anseo chun féachaint ar mhúinteoir ag déanamh measúnaithe ar thuiscint fhóinéimeach

Cliceáil anseo chun féachaint ar mhúinteoir ag déanamh measúnaithe ar scileanna léite focal agus ar scileanna litrithe (ag úsáid deachtú abairtí)

**7.2.5. Measúnú diagnóiseach**

Is cuid den mheasúnú múnlaitheach é an measúnú diagnóiseach. Nuair a thugann múinteoir faoi deara go bhfuil idirghabháil ag teastáil ó pháiste (e.g. oiliúint i dtuiscint fhóinéimeach), ba cheart an idirghabháil a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Is féidir trialacha léitheoireachta diagnóiseacha a cheannach a chabhródh le múinteoir bun-deacracht a aithint (stór focal súilaithne, tuiscint fhóinéimeach nó eolas fónaice). Ach is féidir le múinteoirí inniúla, a bhfuil tuiscint dhomhain acu ar fhorbairt na litearthachta sna luathbhlianta, measúnú diagnóiseach (gan trialacha) a dhéanamh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbíonn nithe coitianta i gceist idir trialacha critéarthagartha agus trialacha diagnóiseacha uaireanta. Cuireann an **Áis Mheasúnaithe don Luathlitearthacht** atá forbartha ag Dr Gabrielle Nig Uidhir bunaithe ar an Suirbhé Breathnaithe sa Luathlitearthacht a dhear an tOll. Marie Clay sa Nua Shéalainn (*An Observation Survey of Early Literacy Achievement*, 1993,dara heagrán 2002) uirlis mheasúnaithe iontaofa ar fáil do mhúinteoirí ar mhian leo bheith ina mbreathnóirí éifeachtacha ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht páistí sna luathbhlianta.

Cliceáil anseo chun éisteacht le Siobhán O'Donoghue, Saineolaí ar Breith ar an Léitheoireacht SFGM (*PDST*) ag labhairt faoi mheasúnú don fhoghlaim agus uirlisí úsáideacha breathnóireachta.




## 7.3 Measúnú ar an bhFoghlaim

Uaireanta, tugtar **measúnú toraidh** nó **measúnú suimitheach** ar mheasúnú na foghlama. Is measúnú ar fhoghlaim páistí é ag am ar leith e.g. lár téarma nó deireadh an téarma. Léiríonn an cinéal seo measúnaithe ar bhain na páistí amach scileanna nó critéir ar leith. Is samplaí de mheasúnú suimitheach iad scrúduithe, léirithe, tionscadail agus tástálacha deireadh téarma. Úsáidtear an sórt seo measúnaithe, de ghnáth, chun cuntas a choimeád ar dhul chun cinn thar thréimhse níos faide ach níl sé chomh solúbtha céanna le cuir chuige eile, breathnóireacht agus taifid reatha, mar shampla, atá níos áisiúla chun leibhéal teagaisc páistí a aithint.

### 7.3.1 Trialacha caighdeánaithe

Tugtar trialacha caighdeánaithe ar thrialacha atá forbartha, curtha i bhfeidhm agus marcáilte ar aon dul le chéile. Is féidir trialacha caighdeánaithe áirithe a thabhairt do ghrúpa ranga iomlán ach caithfear cinn eile a thabhairt ar bhonn aonair. Bíonn trialacha grúpa níos éifeachtaí ó thaobh ama de ach, go minic, tugann trialacha caighdeánaithe, a chuirtear i bhfeidhm astu féin, níos mó eolais mar gur féidir leis an múinteoir breathnóireacht níos géire a dhéanamh ar an bpáiste. Tugann trialacha caighdeánaithe marcanna i bhfoirm scór caighdeánach, scór STEN, peircintílí agus coibhéisí aoise. Cé go dtugann na scóir seo léargas ar an áit a bhfuil scileanna an pháiste i gcomparáid lena gcomhpháirtithe, níl scóir loma mar sin áisiúil maidir le bonn eolais a chur faoin teagasc. Cabhraíonn sé scrúdú a dhéanamh ar conas a éiríonn le páiste i mbun míreanna tástála éagsúla.

Cliceáil anseo do phlé níos mine ar na bealaí éagsúla scórála, de réir mar a thuairiscítear iad i scoileanna na hÉireann. Cuireann sé comhairle úsáideach ar fáil do mhúinteoirí freisin maidir le heolas ar mheasúnuithe a roinnt ar bhealaí fónta le tuismitheoirí.

Cuirtear moltaí agus stráitéisí praiticiúla a chuideoidh le múinteoirí agus a thacaíonn leis na moltaí atá sa leabhar seo ar fáil san áis *Forbairt na Litearthachta agus straitéisí luath- gabhála i nGaelscoileanna* le Dr Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste.


http://ccea.org.uk/sites/default/files/docs/curriculum_im/area_of_learning/language_and_literacy/ec1_2_straiteisi_luath_idirghabhala.pdf



**Tábla 4. Sainmhíniú ar na Téarmaí a úsáidtear i dTrialacha Foirmiúla**

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| **Scór caighdeánaithe** | *An dáileadh normalach*<br>Bunaítear scór caighdeánaithe i gcónaí ar an tuiscint go bhfuil dáileadh normalach ann, i.e. tarlaíonn na scóir i bhfoirm cuair, le meán agus le diall caighdeánach. Tá cineálacha éagsúla scóir normalaigh ann, ag brath ar na sainmhínithe a thugtar ar an meán agus ar an diall caighdeánach, e.g. **T-scóir**, **scóir Stanine**, scóir **STen** agus **percintilí**. |
| **Ord Peircintíle** | Le hord percintíle scóir tugann sé léargas ar an scór sin i gcomparáid le scóir an daonra uile ar ar bunaíodh an triail. Léiríonn sé cé chomh maith agus a d'éirigh le duine aonair tríd an bpointe céatadáin, ag a bhfuil a scór, a thabhairt. Mar shampla, léiríonn ord peircintíle ag 22 go scórálfadh 21% den daonra níos ísle. Tá na percintilí uile idir 25 agus 75 sa raon Meánach. |
| **STen** | Tá scóir STen ar scála 10 bpointe. Seasann 1 don chatagóir is ísle agus 10 don chatagóir is airde. Tá scóir STen 5 agus 6 sa raon meánach. |
| **Coibhéisí Aoise (nó Grád)** | Tuairiscítear roinnt scór mar thriailscóir coibhéis aoise. Is comparáid í an choibhéis aoise idir feidhmiú an pháiste agus na haoisghrúpaí a bhfuil a scór meánach sa raon céanna. Mar shampla, má scórálann páiste 9 mbliana d'aois scór de 42 i dtriail, agus gurb é sin an scór meánach do pháistí 8 mbliana d'aois, bheadh 8 mar scór coibhéis aoise ag an bpáiste sin.<br>Ní mholtar aois léitheoireachta ná coibhéisí grád a úsáid i luathbhlianta fhorbairt na léitheoireachta. Ach tá sé tábhachtach téacs 'díreach ceart' a mheaitseáil le cumas an pháiste. Ar an ábhar seo, ba cheart scéim léitheoireachta atá mionghrádaithe (ar nós na leabhar léitheoireachta PM i mBéarla, mar shampla) a úsáid do na léitheoirí uile atá ag foghlaim. Ba chóir leabhair a mheaitseáil go cúramach le cumas an pháiste. |

## Mír 8 – Taithí shaibhir léitheoireachta




Scaoileadh le freagracht de réir a chéile, léitheoireacht idirghníomhach os ard, léitheoireacht i gcomhpháirt, léitheoireacht faoi threoir, léitheoireacht ag an leibhéal 'díreach ceart', léitheoireacht neamhspleách.

### 8.1 Scaoileadh na freagrachta de réir a chéile

Léiríonn an mhír seo bealaí chun úsáid a bhaint as Samhail Scaoileadh na Freagrachta de réir a chéile (GRR) (Pearson agus Gallagher, 1983) chun cabhrú le páistí óga bheith ina léitheoirí neamhspleácha. Taispeánann sí conas a ghluaiseann scileanna agus straitéisí a mhúintear mar chuid de **léitheoireacht os ard**, **léitheoireacht i gcomhpháirt**, **léitheoireacht ó bhéal do dhuine fásta** agus **léitheoireacht faoi threoir** chuig **léitheoireacht neamhspleách** na bpáistí féin. Tabhair faoi deara nach próiseas líneach docht é seo – beidh páistí óga ag bogadh siar agus aniar ina ngníomhaíochtaí éagsúla sa taithí shaibhir léitheoireachta, ach feicfear, de réir a chéile, go mbogann an páiste óna bheith ag brath ar dhuine fásta go staid neamhspleáchais ón duine fásta.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| léitheoireacht idirghníomhach os ard | léitheoireacht i gcomhpháirt | léitheoireacht faoi threoir | léitheoireacht ó bhéal ag an leibhéal 'díreach ceart' | léitheoireacht neamhspleách |



**Léaráid 4. Samhail Scaoileadh na Freagrachta de réir a chéile**

**Tábla 5. Scaoileadh na Freagrachta ó rialú an mhúinteora go rialú an pháiste**

rialú an mhúinteora  rialú an pháiste

| **Léitheoireacht idirghníomhach os ard** | **Léitheoireacht i gcomhpháirt** | **Léitheoireacht faoi threoir** | **Léitheoireacht ó bhéal do dhuine fásta** | **Léitheoireacht neamhspleách** |
|---|---|---|---|---|
| Léann an múinteoir os ard agus ansin stopann sé/sí ar feadh tamaillín chun straitéis ar leith a léiriú trí 'mhachnamh os ard'. | Cleachtann an múinteoir agus na páistí an straitéis le chéile ag úsáid Leabhair Mhóir nó go leor cóipeanna de théacsanna. | Tugann an múinteoir tacaíocht do na páistí agus iad ag léamh ina ngrúpaí beaga. | Soláthraíonn an múinteoir téacs 'díreach ceart' don pháiste le léamh do dhuine fásta (sa bhaile nó ar scoil). | Cuireann an páiste scileanna/straitéisí nua i bhfeidhm agus é/í ag léamh ar scoil nó sa bhaile. |

## 8.2. Léamh os ard go hidirghníomhach

Léitheoireacht idirghníomhach os ard




The single most important activity for building knowledge required for eventual success in reading is reading aloud to children.

Anderson, Hibert, Scott agus Wilkinson, 1985.

Clúdaíonn Léitheoireacht idirghníomhach os ard (uaireanta, tugtar *Léitheoireacht Leabhar Idirghníomhach i gcomhpháirt* mar ainm uirthi) réimse cur chuige coitianta i leith na litearthachta, a úsáideann daoine fásta agus iad ag léamh do pháistí. Is éard a bhíonn i gceist de ghnáth go léann duine fásta leabhar do pháiste nó do ghrúpa beag páistí agus go mbaineann sé/sí úsáid as teicnící éagsúla chun rannpháirtíocht na bpáistí a spreagadh. Is féidir roinnt de na scileanna agus de na gníomhaíochtaí a phléitear sa mhír seo faoi léitheoireacht os ard a chur i bhfeidhm freisin ar léitheoireacht i gcomhpháirt nó ar léitheoireacht faoi threoir.

Cé go spreagtar páistí nuair a éisteann siad le scéal, is mór an chabhair í an léitheoireacht idirghníomhach os ard chun rannpháirtíocht na bpáistí a chinntiú. Léiríonn an múinteoir go soiléir na cineálacha machnaimh ba cheart do na páistí a dhéanamh agus iad ag léamh dóibh féin. Tugann struchtúr na léitheoireachta os ard comhthéacs ina gcuirtear i láthair straitéisí tuisceana (eolas cúlra a chruthú, ceangail a dhéanamh, tuiscint a bhaint as, achoimre a dhéanamh agus tuar a dhéanamh) a úsáidfidh na páistí as seo amach agus iad ag léamh go neamhspleách.

Mar threoir ghinearálta, ba chóir don mhúinteoir léamh os ard ó leabhair atá ag leibhéal dhá bhliain, nó trí bliana, níos airde ná leibhéal léitheoireachta na bpáistí. Ní féidir dóthain béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le léamh os ard do pháistí, beag beann ar a n-aois. Go minic, bíonn srian ar thuiscint na bpáistí atá ábalta díchódú feasach a dhéanamh, toisc nach mbíonn 'a fhios acu cad is brí leis an bhfocal'. Is féidir leis na múinteoirí focal a roghnú roimh ré lena mhúineadh i gcomhthéacs chiallmhar agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh air go rialta.

Léiríonn go leor de na hathbhreithnuithe móra, ar an taighde atá déanta ar léitheoireacht os ard do pháistí, an tábhacht ollmhór a bhaineann léi maidir le scileanna luatha litearthachta agus teanga a fhorbairt (Karweit agus Wasik, 1996; National Early Literacy Panel, 2008). Léiríonn an fhianaise go bhfeabhsaíonn léitheoireacht os ard do pháistí a stór focal, a n-eolas ar fhocail, a bpatrúin teanga agus a struchtúr scéil mar aon le grá do leabhair a chothú iontu.

Bíonn an tionchar is fearr ar fad ag léitheoireacht os ard nuair a dhéantar ar bhonn laethúil í. Ach, tá **an chaoi a léimid** do pháistí chomh tábhachtach céanna le **minicíocht na léitheoireachta**. Nuair atáimid ag léamh os ard do pháistí, tá sé fíorthábhachtach iad a spreagadh le bheith chomh páirteach agus is féidir leo trí cheisteanna a chur orthu, pictiúir sna leabhair a phlé leo agus ceangail éagsúla óna saol féin a dhéanamh leis na leabhair. Is mó an tairbhe a bhainfidh páiste as léitheoireacht os ard más próiseas idirghníomhach í. Má dhéantar réamheolas ar théacs a chur i gcrích, feabhsóidh tuiscint na bpáistí ar an téacs. Nuair a éisteann páistí mar chuid de ghrúpa beag, is minic a dhéanann siad athrá ar ráitis a gcomhpháirtithe nó go gcuirfidh siad le ráitis a gcomhpháirtithe – is cineál sampla-aithrise nó cineál foghlama ó dhaltaí ranga é seo.

**Dea-chleachtas i bhfeidhm**

Sula léitear an leabhar, tá sé tábhachtach ceisteanna a chur. Cabhróidh sé seo leis na páistí an téacs a cheangal lena saol féin. Mar shampla:

Inniu, léifidh mé *Ná Dúisigh an Páiste.*

Féachfaimid ar na pictiúir go bhfeicfimid an féidir linn a dhéanamh amach cad faoi a bhfuil an scéal.

An bhfuil sé éasca páistíní beaga a dhúiseacht?
An bhfuil páiste i do theachsa?
Ar léigh muid scéal faoi pháiste cheana?

Straitéis sheanbhunaithe is ea *siúlóid na bpictiúr* (Fountas agus Pinnell, 1996) ina dtaispeántar na pictiúir do na páistí agus ina n-iarrtar orthu tuar a dhéanamh faoi ghnéithe an scéil. Cabhraíonn sé seo le páistí bheith ag tnúth leis na rudaí a tharlóidh, nó tuar a dhéanamh faoi na rudaí a tharlóidh, agus tugann sé spreagadh pearsanta dóibh a fháil amach an raibh a dtuar ceart.

Ag léamh scéil



### 8.2.1 Cuireann léitheoireacht idirghníomhach os ard le stór focal

Bealach iontach chun stór focal atá nua agus níos casta a chur i láthair páistí ná leabhair ar ardchaighdeán do pháistí a úsáid. Is féidir leis an duine fásta stopadh chun focail nua agus a mbrí a phlé i dtéarmaí a thuigeann páistí, chun focail eile a chur i láthair nó chun rólimirt a dhéanamh le focail nua a mhíniú. Caithfidh páistí óga teacht ar an stór focal nua arís agus arís eile. Is é seo an fáth gur gá an leabhar céanna a léamh agus a athléamh arís agus arís eile. De réir staidéir a rinneadh ar pháistí a d'éist leis na scéalta céanna go mion minic, (Morrow, 1987), bhí seans láidir ann go n-úsáidfeadh na páistí sin stór focal agus comhréir an scéil i gcomhthéacsanna nua.

### 8.2.2. Athinsint

Maidir le scileanna teanga, is straitéis thábhachtach í páistí a spreagadh chun scéal a athinsint. Feabhsaíonn an straitéis seo tuiscint na bpáistí ar struchtúr scéil agus ar leanúnachas an scéil. Nuair a athinsíonn páistí óga scéal, beidh gá acu le tacaíocht na bpictiúr sa leabhar agus/nó le leideanna ón múinteoir. D'fhéadfadh an duine fásta leideanna a thabhairt trí shonraí breise a thabhairt nó trí fhocail a sholáthar a chabhródh leis na páistí an scéal a chur san ord ceart (*mar, ansin, ach, tar éis* agus araile). Mar shampla, d'fhéadfadh an duine fásta *'Céard a tharla ansin?'* a rá.

Nuair a shroicheann páistí aois scoile, beidh scéalta ina gcuid lárnach dá ranganna léitheoireachta agus chabhródh sé go mór le páistí óga taithí a bheith acu ar choincheapa scéalaíochta, carachtair, plota agus réiteach faidhbe, mar shampla.

### 8.2.3 Ceisteanna a úsáid chun comhrá ar leabhair a spreagadh

Glactar leis gur dea-chleachtas é ceisteanna a chur i rith seisiún léitheoireachta, seachas na ceisteanna ar fad a chur ag tús nó ag deireadh an tseisiúin. Mar sin féin, tá sé tábhachtach nach maolódh an iomarca ceisteanna gluaiseacht an scéil. Is féidir le duine fásta cineálacha éagsúla ceisteanna a chur agus iad ag roinnt leabhair le páistí óga – ceisteanna litriúla nó tátalacha, dúnta nó oscailte a spreagfaidh comhrá, d'aon ghnó.

Iarrann ceisteanna litriúla ar pháistí eolas a shoiléiriú agus feictear an bhfuil sonraí uile an scéil ag na páistí – an *cé, céard, cá* agus *cathain*. Bíonn ceisteanna tátalacha oscailte de ghnáth agus spreagann siad forbairt teanga. Ba chóir an scil seo a chothú i bpáistí réamhscoile – is scil í a bheidh riachtanach níos déanaí d'fhorbairt na léamhthuisceana (Van Kleeck, 2006).

Tagraíonn ceisteanna dúnta do cheisteanna a bhfuil freagra ceart/díreach orthu, freagra in aon fhocal amháin go minic. Meastar gur ceisteanna dúnta iad trí cheathrú de na ceisteanna a chuireann daoine fásta i rith seisiún léitheoireachta (Wasik et al, 2006). Spreagann ceisteanna oscailte plé ginearálta agus meallann siad freagraí níos leithne, de ghnáth, ná freagraí aonfhoclach ar nós *tá/níl*.

- Cad faoi a bhfuil an scéal seo, dar leat?
- Cad faoi a bhfuil Séimí ag smaoineamh, dar leat?
- Cad a dhéanfaidh Mamaí Shéimí anois, dar leat?

### 8.2.4. Léitheoireacht dhialógach

Tacaíonn léitheoireacht dhialógach go mór le stór focal agus teanga na bpáistí a fhorbairt. De réir mar a théann páistí i dtaithí ar leabhar, úsáideann an duine

fásta leideanna ar leibhéal ard chun na páistí a spreagadh le dul níos faide ná na rudaí sna pictiúir a ainmniú; spreagtar iad chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sna pictiúir agus mar a cheanglaíonn sé seo le taithí na bpáistí féin.

Tá nasc thíos chuig áis a d'fhorbair an CNCM a bhaineann leis an *Léitheoireacht dhialógach*: Critical Thinking and Book Talk using Picturebooks

Tá dhá chur chuige ann i leith léitheoireachta dialógaí den sórt seo agus úsáidtear acrainmneacha ina leith, BOSCA agus TACA.

**Tábla 6: Ceisteanna - BOSCA**

| BOSCA | |
|---|---|
| **B** | **Bearna** a líonadh – Abairt ón múinteoir<br>m.sh. *"Agus dúirt Daidí Shorcha: Tá a fhios agam céard a dhéanfaidh muid ... tá __________ iontach agam!"* |
| **O** | **Oscailte** – Ceisteanna oscailte a spreagfaidh freagra níos faide/cuimsithí<br><br>m.sh. *"Céard atá ar siúl ag Sorcha ar an leathanach seo?"* |
| **S** | **Saol an pháiste** – Ceisteanna a cheanglóidh saol an pháiste leis an scéal<br><br>m.sh. *"Ar tháinig ainmhí isteach i do theachsa riamh?"* |
| **C** | **Cuimhnigh**! Ceisteanna cuimhne<br><br>m.sh. *"An cuimhin leat cén áit a raibh siad ar deireadh?"* |
| **A** | **AGUS na ceisteanna C**<br>*Cé? / Céard? / Cén fáth? / Cá háit? / Cathain?* |

**Tábla 7: Ceisteanna - TACA**

| **TACA** | |
|---|---|
| **T** | **Tuismitheoir / Treoraí** ag ceistiú an pháiste faoin leabhar |
| **A** | **Aitheantas / Aiseolas / Aontú** faoi thuairimí an pháiste |
| **C** | **Cur leis**: Cur le tuairimí an pháiste, eolas breise a chur leo, iad a cheangal le saol an pháiste srl. |
| **A** | **Athcheistiú!** An chéad cheist a chur arís le seiceáil go dtuigeann an páiste an fhoghlaim nua atá déanta |

De réir mar a éiríonn an duine fásta níos oilte ar na teicnící seo a úsáid, is féidir iad a chur le chéile. Mar shampla, d'fhéadfadh an duine fásta leid a thabhairt trí cheann de cheisteanna BOSCA a úsáid. Ansin, d'fhéadfadh sé/sí na freagraí a mheas agus b'fhéidir cur leo, ag tabhairt leidí eile seans, le feiceáil an bhfuil breis eolais ag na páistí.




**8.3 Léitheoireacht i gcomhpáirt sa seomra ranga**

I seomra ranga na luath-óige, is éard a bhíonn i gceist le léitheoireacht i gcomhpáirt ná an múinteoir agus scata mór páistí a bheith ina suí cóngarach dá chéile chun Leabhar Mór a léamh agus a athléamh.  Ba chóir do shuímh luath-óige Leabhair Mhóra (leabhair phictiúr ina bhfuil cló ollmhór) a cheannach atá mór go leor go bhfeicfeadh na páistí an

cló agus go mbeidís ábalta é á léamh. Cuidíonn sé seo le páistí an ceangal a fheiceáil idir an focal clóscríofa agus an focal labhartha.

De réir mar a théann na páistí in aois, is éard a bhíonn i gceist le léitheoireacht i gcomhpáirt ná an múinteoir a bheith ag léamh téacs ag leibhéal an ranga, agus na páistí ag leanúint an téacs trí léitheoireacht le chéile nó trí léitheoireacht i gcogar. Is féidir léitheoireacht i gcomhpháirt a dhéanamh go héifeachtach le grúpaí beaga freisin.

Ceadaíonn an teicníc teagaisc seo deis do pháistí níos mó freagracht léitheoireachta a ghlacadh orthu féin píosa ar phíosa, de réir mar a mhéadaíonn leibhéal a gcuid scileanna agus a muinín.  Is timpeallacht shábháilte teagaisc í an léitheoireacht i gcomhpháirt freisin inar féidir le páistí iompar léitheoireachta léitheoirí oilte a chleachtadh le tacaíocht na múinteoirí agus na ndaltaí ranga.

De réir mar a bhíonn na páistí ag breathnú agus ag freagairt, léiríonn an múinteoir an próiseas léitheoireachta. Go minic, is í seo an chéad deis a bhíonn ag páistí óga ábhar clóite a fheiceáil mar chuid de ghrúpa.

Tugann sé comhthéacs dóibh na scileanna atá á bhfoghlaim acu a chur i bhfeidhm – tuiscint fhóinéimeach, cóid 'fuaim-litriú' a aithint, amharcfhocail agus gnéithe cló. Tugann léitheoireacht i gcomhpháirt comhthéacs freisin chun scileanna tuisceana na bpáistí a fhorbairt.  Beidh páistí áirithe in ann na scileanna atá foghlamtha acu sa rang a chur i gcrích nuair a bhíonn siad ag léamh lena dtuismitheoirí sa bhaile nó i rith léitheoireacht neamhspleách. Beidh creatlach tacaíochta breise de dhíth ar pháistí eile, i bhfoirm léitheoireacht faoi threoir.
Tá réimse leathan leabhar mhóra ar fáil i bpacáistí Shéideán Sí, ón nGúm agus ón Áisaonad – www.forasnagaeilge.ie, www.seideansi.ie. www.aisaonad.org

Is féidir teacht ar liosta cuimsitheach de na Leabhair Mhóra atá ar fáil sa bhfoilseachán 'Oscail agus Léigh'- Eolaire d'áiseanna teagaisc na Gaeilge ó COGG- http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/oscail-leigh-2016.pdf

### 8.4 Léitheoireacht faoi threoir




Léitheoireacht faoi threoir.

> *In guided reading the teacher helps the children use strategies they already know so they are able to read an unfamiliar text independently with success.*
>
> Hornsby, 2000

Is córas seanbhunaithe teagaisc do ghrúpaí beaga í an léitheoireacht faoi threoir. Mar thús, déanann an múinteoir measúnú córasach ar gach dalta. Cuirtear páistí atá ar an leibhéal céanna le chéile don teagasc. Go hiondúil, bíonn na páistí i ngach grúpa ag léamh go neamhspleách ar an leibhéal céanna agus ag úsáid an chineáil chéanna straitéisí léitheoireachta.


Roinntear an rang ina ngrúpaí léitheoireachta faoi threoir – idir ceithre agus sé ghrúpa, de ghnáth. Tacaíonn an múinteoir leis na páistí ar bhealach a thugann deis do na páistí téacsanna níos dúshlánaí a léamh agus straitéisí breise a úsáid. Go hiondúil, bíonn idir ceathrar agus ochtar foghlaimeoirí i ngach grúpa léitheoireachta faoi threoir (seisear an líon is fearr, de ghnáth). Tacaíonn an múinteoir leis na páistí straitéisí léitheoireachta atá foghlamtha acu a úsáid sa chaoi go léireoidh siad an bhrí agus iad ag léamh. I measc na straitéisí sin beidh:

- Eolas fónaice a úsáid chun focail a dhíchódú
- Leideanna sna pictiúir a úsáid
- Réamheolas a chur i ngníomh
- Tuartha a dhéanamh ó ábhar an téacs
- Ceangail a dhéanamh
- Tuiscint a bhaint as an ábhar
- Féinmhonatóireacht maidir le cruinneas – an *bhfuaimníonn* sé ceart? An bhfuil *ciall* leis?
- Léamh ar aghaidh

(Curtha in oiriúint ó Hornsby, 2000)

Gné bhunúsach de léitheoireacht faoi threoir is ea leabhair a roghnú atá ag freagairt do riachtanais páistí. Chun é seo a dhéanamh, is gá bheith ag déanamh breathnóireachta agus measúnuithe go leanúnach, taifid reatha/taifid ar iompar léitheoireachta ina measc; beidh sé níos fusa grúpa páistí a mheaitseáil le sraith chuí leabhar. Tá sé fíorthábhachtach go n-úsáidfeadh múinteoirí leabhair atá tomhaiste i dtaca le leibhéil agus critéir stuama. Úsáidtear, go minic, leibhéil an chláir Breith ar an Léitheoireacht, mar chontanam leathan dó seo. Cuirtear leabhair ar an gcontanam ó éasca go deacair, ag brath ar raon leathan cúinsí – fad na n-abairtí, castacht an téacs, stór focal, leideanna pictiúr agus a leithéid. Níl saineolaithe an ábhair seo ar aon fhocal maidir le cé chomh héasca nó chomh deacair ba cheart do théacs a bheith chun an fhoghlaim is fearr a bhaint amach. Den chuid is mó, ba cheart go mbeadh léitheoir in ann níos mó ná 90% d'fhocail nua i dtéacs a léamh. Ach tá sé chomh tábhachtach céanna anailís a dhéanamh ar na botúin mar, go minic, déanfaidh páiste amháin beagáinín níos mó botún ná páiste eile ach toisc nach bhfuil na botúin sin suntasach, ní bhainfear de bhrí an téacs.

Déantar athbhreithniú rialta ar ghrúpaí léitheoireachta faoi threoir trí bhreathnóireacht agus measúnú an mhúinteora; bogann páistí, ar an ábhar sin, idir ghrúpaí leibhéalta. De ghnáth, úsáideann múinteoirí córas measúnaithe tagarmhairc chun leibhéal léitheoireachta faoi threoir gach páiste a chinntiú. Ar an ábhar sin, is gá go mbeadh go leor cóipeanna de gach téacs ar fáil don léitheoireacht faoi threoir.




## 8.5 Léitheoireacht ó bhéal ó théacs 'díreach ceart'

Le haiseolas ó dhuine fásta bíonn tionchar an-dearfach ag léitheoireacht ó bhéal (páiste ag léamh **do** dhuine fásta) ar léamh focal, líofacht léitheoireachta agus léamhthuiscint (NRP (USA), 2000). Bíonn a riachtanais féin ag páistí atá ag tosú ag léamh agus beidh siad, ó thaobh na forbartha de, ag céimeanna éagsúla ar chontanam na léitheoireachta. Mar sin, ní bealach éifeachtach é leabhair léitheoireachta uile-ranga a úsáid, chun freastal ar riachtanais ghrúpa atá éagsúil. Bíonn raon ceithre bliana aoise, de ghnáth, idir na léitheoirí is fearr agus na léitheoirí is laige faoi Rang a hAon. Caithfear ábhar léitheoireachta an-éagsúil óna chéile a chur ar fáil má táthar chun freastal ar an ilghnéitheacht sin.

Is iad na páistí atá ag streachailt leis an léitheoireacht, a bhainfidh an leas is lú as leabhar léitheoireachta ranga mar go mbeidh an téacs ag leibhéal a chuirfidh frustrachas orthu. Beidh an próiseas iomarcach do na páistí seo, caillfidh siad a misneach agus rachaidh an léitheoireacht le sruth orthu. Sa tslí chéanna, tá ceistiú á dhéanamh faoi nós na léitheoireachta chiorclaí, ina n-iarrann an múinteoir ar na páistí léitheoireacht ó bhéal as leabhar léitheoireachta ranga a dhéanamh, ina

nduine agus ina nduine. Seans go dteipfidh ar roinnt páistí ag baint úsáide as an gcur chuige seo, cé nach é sin an rún atá taobh thiar de.

Ba cheart go mbeadh carnáin mhóra de leabhair chéimnithe ar ardchaighdean mar chuid lárnach d'fhorbairt na litearthachta i ngach aon scoil. Ba chóir go dtógfadh chuile pháiste leabhar abhaile gach oíche, leabhar a bheadh ar a **leibhéal teagaisc** féin (93-97% de na focail múinte cheana, san fhónaic nó mar amharcfhocail). Sula dtosaítear ar an leabhar a léamh, spreag an páiste chun ábhar an scéil a thuar ó na graificí. Ba cheart don duine fásta an scéal a nascadh le taithí phearsanta an pháiste agus eolas cúlra a chruthú. (Mura féidir tacú le léitheoireacht an pháiste sa bhaile, caithfear léitheoireacht bhreise a dhéanamh ar scoil.)

An oíche dar gcionn, ba chóir don pháiste an leabhar céanna a leámh sula mbogfaidh sé ar aghaidh chuig leabhar nua. Níor chóir go mbeadh ach dúshlán breise fíorbheag sa leabhar nua i gcomparáid leis an gceann roimhe sin. Tiocfaidh an borradh is fearr léitheoireachta, as dul chun cinn an pháiste, céim ar chéim, trí chóras céimnithe mionghrádaithe. Spreagann léamh agus athléamh réimse téacsanna ag an leibhéal 'díreach ceart' an teagasc i gcás na bpáistí uile (Tyner, 2003).

Déanann Lucy Gannon (SNSO) cur síos ar an léitheoireacht agus an tábhacht a bhaineann le léitheoirí grádaithe.






**8.6 Léitheoireacht neamhspleách**


Ag céim na léitheoireachta neamhspleáiche, cuireann páistí i bhfeidhm na scileanna agus na straitéisí atá foghlamtha acu agus iad ag léitheoireacht ó bhéal, ag léitheoireacht i gcomhpháirt agus ag léitheoireacht faoi threoir. Deir Guthrie (2004) gurb é méid na léitheoireachta neamhspleáiche, go minic, a dhéanann idirdhealú idir an léitheoir lag agus an léitheoir láidir.

> *The balance of explicit instruction and time to practice is what it's all about. Instruction without time to practice won't work: neither will time to read without explicit instruction. They're both part of what it means to read and learn, and it's our job to strike the right balance*. Tabersk, 2010

Nuair atá páistí ag léamh go neamhspleách, caithfidh an múinteoir a chinntiú go bhfuil siad ag léamh téacsanna ag an leibhéal 'díreach ceart' (97% nó níos mó). Ní chuireann léitheoireacht ag an leibhéal seo brú cognaíochta ar pháistí agus méadaíonn a muinín dá bharr.  Cabhraíonn sé leo freisin dul níos faide ná an téacs a dhíchódú agus téann siad i ngleic leis an scéal féin. Mar threoir ghinearálta, níor cheart go mbeifí ag súil go léifeadh páiste, atá 6 bliana d'aois, go neamhspleách ar feadh níos mó ná 6 nóimeád, ná páiste, atá 7 mbliana d'aois, go neamhspleách ar feadh níos mó ná 7 nóimeád.

**Mír 9 – Forbairt do mhúinteoirí**


Caighdeán an Teagaisc, forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí







> *Successful reform in reading must address in systematic ways the development of teachers' professional knowledge and practice and not be limited by false hopes and unrealistic expectations that often accompany a school's adoption of a packaged programme*.
>
> Taylor, Raphael agus Au, 2011, lch623




### 9. 1. Caighdeán an Teagaisc

Deir Samuels agus Farstrup (2011) linn go bhfuil tábhacht ollmhór le caighdeán na múinteoireachta i gcás forbairt litearthachta páistí. Is cúram casta meabhrach é múineadh na léitheoireachta (Hall agus Harding, 2003) agus ar ndóigh, is gné fhíorthábhachtach í oiliúint múinteoirí (an oiliúint tosaigh agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun caighdeán na múinteoireachta a fheabhsú. D'aithin an Painéal Náisiúnta Léitheoireachta (2000) oiliúint múinteoirí mar cheann de na príomhghnéithe ó thaobh léitheoireacht a fheabhsú. Deir siad '*in-service professional development produced significantly higher student achievement*'. Tá múinteoireacht ar ardchaighdeán ar cheann de na

príomhchúinsí a fheabhsaíonn léitheoireacht (PNL 2000, Morriss, 2015) agus tá gaol soiléir le feiceáil idir líon na léitheoirí maithe agus líon na múinteoirí éifeachtacha litearthachta (Allington, 2011).

Deir An Straitéis Náisúnta Litearthachta agus Uimhearthacht (2011) *'Tá an t-ádh orainn fós in Éirinn go bhfuilimid in ann roinnt de na daoine is cumasaí agus is éirimiúla a mhealladh isteach i ngairm na múinteoireachta.'* (lch31).

Tá sé soiléir ón straitéis gur tosaíocht é daoine a earcú, a oiliúint agus tacú leo mar mhúinteoirí den scoth. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gá le hoiliúint réamhsheirbhíse agus inseirbhíse araon, ar ardchaighdeán, do mhúinteoirí.

Is léir go bhfuil na tréithe seo a leanas ag múinteoirí éifeachtacha litearthachta:

- Scileanna bainistíochta ranga atá ar fheabhas
- Caidreamh dearfach le páistí
- Cuireann siad creatlach litearthachta cothromaithe i bhfeidhm
- Tá cur chuige metachognaíoch acu i leith teagaisc
- Cuireann siad béim ar scileanna smaoinimh atá ar ord ard
- Múineann siad bunscileanna i gcomhthéacsanna a dhéanann ciall do shaol na bpáistí
- Déanann siad an teagasc a idirdhealú ag brath ar riachtanais na bpáistí
- Úsáideann siad réimse uirlisí measúnaithe
- Déanann siad ceangal le tuismitheoirí agus leis an bpobal
- Bíonn siad tiomanta don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

  (Kennedy, 2010, Hall agus Harding, 2003)




## 9.2. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Forbairt Ghairmiúil Mhúinteoirí

Cé go bhfuil an bhunoiliúint tábhachtach, deir Grúpa Saineolaithe Ardleibhéil ar Litearthacht an AE '*The best teachers are not just trained well, they are trained often, throughout their entire careers.'* (2012, lch4).

Baineann trí phríomhghné le forbairt ghairmiúil leanúnach:

- **Am: Is gá am a shocrú d'fhorbairt ghairmiúil ar ardchaighdeán**
- **Forbairt a bheith mar chuid lárnach den chleachtas**
- **Comhoibriú le daoine eile**

Cliceáil anseo le héisteacht le Siobhán O'Donoghue, Saineolaí ar Breith ar an Léitheoireacht SFGM (*PDST*), ag labhairt faoin tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach.

### 9.2.1. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – tógann sí am

Bíonn am i gceist le forbairt ghairmiúil mhaith – am an mhúinteora ar thascanna a bhaineann le forbairt ghairmiúil chomh maith leis an am a thógann sé torthaí/ éifeacht na forbartha gairmiúla a fheiceáil. Léiríonn taighde go bhfuil coibhneas maith idir líon uaireanta an chloig a chaitear ar fhorbairt ghairmiúil agus na torthaí, maidir le hoiliúint an mhúinteora agus cad a bhaineann an dalta amach (Yoon et al, 2007). Tá sé tábhachtach go leanfadh múinteoirí orthu ag cur barr

feabhais ar a gcuid cleachtas. '*Growth in student's reading scores as well as change in classroom teaching practices came in small increments from one year to the next. There were no quick fixes and no magic bullets in these schools - only hard work, persistence and professional commitment'*, (lch64). Deir Taylor, Raphael agus Au (2011) gur gá do mhúinteoirí agus lucht déanta beartas '*stay the course for 5 years or more to make the improvements necessary to achieve substantial gains in student learning'*.

### 9.2.2. Forbairt a bheith mar chuid lárnach den chleachtas

Áitíonn Coburn et al. (2011) nach domhain ach éadomhain a bheadh cur i bhfeidhm polasaí ar bith, mura mbeadh múinteoirí ag caitheamh dua leis. Glactar níos fearr le forbairt ghairmiúil atá bunaithe ar chleachtas an tsaoil mhóir agus atá ag déanamh tinnis do mhúinteoirí ag an am. Bealach amháin chun polasaí a bhunú ar chleachtas an tsaoil go n-úsáidfeadh múinteoirí sonraí faoi fhoghlaim a ndaltaí féin mar ábhar plé. Bheadh tomhaiseanna caighdeánaithe mar chuid de na sonraí seo ach bheadh réimse fhairsing sonraí i gceist, cur chuige an mhúinteora féin sa rang ina measc. Má fheiceann múinteoirí dul chun cinn na ndaltaí thar thréimhse ama, seans go spreagfar iad chun leanúint orthu. Féach Taylor et al. (2011).

### 9.2.3.
### Comhoibriú i gcomhair le daoine eile

Tá cleachtas machnamhach comhoibrithe ar cheann de na bealaí is éifeachtaí ag múinteoirí chun a gcleachtas féin a fhorbairt ar bhealach fónta. Tarlaíonn comhoibriú ar bhealaí éagsúla: laistigh de scoil, trí ghréasáin, an tIonad Oideachais áitiúil mar shampla, nó le comhghleacaithe in ollscoil.  Thug Taylor

et al. (2011) faoi deara, i staidéar a rinne siad ar sheacht dtionscnamh litearthachta éifeachtacha, gur tháinig cultúr dearfach agus cleachtais oibre dhearfacha chun cinn sna tionscnaimh ar fad.

### 9.3 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Modhanna ar bhonn fianaise

Ceanglaíonn Bean agus Morewood (2011) ceithre chur chuige maidir le forbairt ghairmiúil gur fiú glacadh leo i gcás múinteoireacht ranga (agus dá réir sin, foghlaim na ndaltaí) a fheabhsú.

#### i) Oiliúint Litearthachta

Deirtear go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil is fearr 'leabaithe sa phost' (Bean agus Morewood, 2011). Éiríonn go maith le múnlaí oiliúna a thugann deis do mhúinteoirí breathnóireacht a dhéanamh, cleachtais a fheiceáil, comhtheagasc a dhéanamh, modhanna nua a chleachtadh agus aiseolas a fháil.

#### ii) Pobail Ghairmiúla Foghlama

Cur chuige eile i leith forbairt ghairmiúil Pobail Ghairmiúla Foghlama (PGF) a fhorbairt i scoileanna. Tugann an cur chuige seo deis do mhúinteoirí bheith ag obair lena gcomhghleacaithe, laistigh dá scoil féin de ghnáth, ach i ngrúpaí scoileanna chomh maith. Sna suímh seo, déanann múinteoirí measúnú ar a gcuid cleachtas féin agus bíonn siad páirteach sna cinntí a dhéanann siad agus sna fadhbanna a réitíonn siad. Tá iontaoibh, meas agus tiomantas riachtanach sa chur chuige seo. Thug Kennedy (2010) faoina hobair i mbunscoil uirbeach faoi mhíbhuntáiste agus dhírigh sí ar mhúinteoirí a dhéanamh níos cumasaí trí fhorbairt ghairmiúil. Chonacthas dul chun cinn an-suntasach sa taighde seo i ngnóthachtálacha litearthachta páistí.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach



### iii) Taighde Múinteoirí

Nuair a théann múinteoirí i mbun taighde, go minic is ar mhaithe le staidéir phroifisiúnta a dhéantar é, ach is féidir é a nascadh freisin le comhoibriú le hollscoileanna, le coláistí oiliúna nó le gníomhaireachtaí eile, SNSO nó An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta mar shampla. Buntáiste atá leis an gcur chuige seo go mothaíonn múinteoirí go bhfuil siad á gcumasú féin agus go bhfuil siad lárnach sa phróiseas. I múnlaí taighde gníomhaíochta, bíonn deis ag múinteoirí a gcuid sonraí féin a tháirgeadh – agus bíonn tuiscint níos sofaisticiúla ar shonraí ag múinteoirí mar thoradh.

### iv) An Teicneolaíocht

Tá réimse mór acmhainní agus deiseanna forbartha do mhúinteoirí ar fáil go héasca ar an idirlíon. Tá tacaíocht agus acmhainní ar líne ar fáil ó roinnt mhaith de na gníomhaireachtaí a luaitear sa chéad mhír eile, podchraoltaí ina measc, chomh maith leis na gnáthchúrsaí agus tacaíochtaí.  Eascraíonn cineál nua comhrá agus roinnt eolais phroifisiúnta as an teicneolaíocht, blaganna, *wiki* agus tvuíteanna, mar shampla.

### 9.4 Teacht ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

Cliceáil anseo chun an tuarascáil deiridh ó Ghrúpa Saineolaithe Ardleibhéil ar Litearthacht an AE (2012) a léamh agus cliceáil ar www.eli-net.org chun léamh faoin nGréasán Eorpach um Polasaí Litearthachta (ELINET).

Tá réimse leathan tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí in Éirinn:

- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) www.pdst.ie
- Ionaid Oideachais https://www.ateci.ie/
- Cumann Litearthachta na hÉireann www.reading.ie
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, www.ncse.ie
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais www.education.ie - NEPS
- Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann http://ilsa.ie/
- Irish Association of Teachers in Special Education http://irishassociationofteachersinspecialeducation.com/
- Institute of Child Education and Psychology Europe www.icepe.co.uk

**Eochairthéacsanna – Litearthacht sna Bunranganna Bunscoile**

| **Teideal, Údar, Dáta** | **Foilsithe ag/Coimisiúnaithe ag** |
|---|---|
| **A Balanced Approach to Beginning Reading Instruction**<br>Cowen (2005) | Foilsithe ag International Reading Association |
| **Creating Strategic Readers**<br>Ellery (2009) | Foilsithe ag International Reading Association |
| Curaclam Teanga na Bunscoile<br>Primary Language Curriculum<br>Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta CNCM agus An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| **Guided Reading**<br>Fountas agus Pinnell (1996) | Heinemann |
| **Literacy in Early Childhood and Primary Education**<br>Kennedy, Dunphy, Dwyer, Hayes, McPhillips, Marsh, O'Connor agus Shiel<br>(2012) | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta CNCM<br>I gcomhar le Coláiste Phádraig, Droim Conrach, The University of Sheffield,<br>an Foras Taighde ar Oideachas. |
| **Report of the National Reading Panel**<br>Fourteen individuals, including 'leading scientists in reading research'<br>(2000) | Convened by National Institute of Child Health and Human Development, in consultation with Secretary of Education,<br>at the request of US Congress |
| **Reading Instruction that Works The Case for Balanced Teaching (fourth edition)**<br><br>Pressley & Allington (2014) | Guilford Press |
| **Independent review of the teaching of early reading**<br>Rose (2006) | Department of Education and Skills, UK |

| | |
|---|---|
| **Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3-12 years)**<br><br>Ó Duibhir agus Cummins (2012) | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta CNCM |
| **What Research has to say about Reading Instruction**<br>Samuels agus Farstrup (2011) | International Reading Association |
| **Improving Reading Comprehension in Kindergarten through 3rd Grade**<br>Shanahan, Callison, Carriere, Duke, Pearson, Schatscheider, Torgeson (2010) | National Center for Educational Evaluation and Regional Assistance<br>Institute of Educational Sciences<br>NCEE 2010-4038<br>US Department of Education |
| **Developing Early Literacy: Report of the National Early Literacy Panel**<br>Shanahan, Cunningham, Escamilla, Fischel, Landry, Lonigan, Molfese, Schatschneider Strickland (2008) | National Institute for Literacy<br>National Center for Family Literacy<br>RAND Corporation |
| **Preventing Reading Difficulties in Young Children**<br>Snow, Burns, Griffin (1998) | Office of Special Education Programmes, Office of Educational research and Improvement, National Institute on Child Health and Human Development |
| **Cleachtais agus Roghanna Léitheoireachta an Aosa Óig**<br>Dunne & Hickey (2017) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Iniúchadh ar chleachtais litearthachta i gCoras Bunscoile Chatagóir A**<br>Ní Chuaigh (2016) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Doras Feasa Fiafraí:Exploring Special Educational Needs Provision & Practices across Gaelscoileanna and Gaeltacht Primary Schools in the Republic of Ireland** | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |

| | |
|---|---|
| Barrett (2016) | |
| **Language Assessment of Native Irish Speaking Children: Towards Developing Diagnostic Testing for Speech & Language Therapy Practice**<br>Muckley (2015) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Early Literacy in all-Irish Immersion Primary Schools**<br>Ó Cathalláin (2011) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Riachtanais Speisialta Oideachais i Scoileanna ina Bhfuil an Ghaeilge mar Mheán Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála**<br>COGG (2010) | |
| **An Examination of How Children with Dyslexia Experience Reading in Two Languages in a Gaelscoil**<br>Ní Chiaruáin (2009) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Tacaíocht Teanga i Scoileanna Gaeltachta: Tuairimí agus Féidearthachtaí**<br>Ó Muircheartaigh(2009) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Learning to Read in Irish and English: A Comparison of Children in Irish-medium, Gaeltacht and English-medium Schools in Ireland**<br>Parsons & Liddy (2009) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Tús na Léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta & lán-Ghaeilge**<br>Ó Duibhir (2004) | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>http://www.cogg.ie/taighde/ |
| **Ar Thóir an Dea-chleachtais: The Quest for Best Practice in Irish-medium Primary Schools in Belfast,**<br>Mac Corraidh (2008) | Cló Ollscoil na Banríona, QUB. |
| | |

## Tagairtí

Adlof, S. M., Perfetti, C. A., and Catts, H. W. (2011). Developmental changes in reading comprehension: Implications for assessment and instruction. In S.J. Samuels and A. E. Farstrup (Eds.), What research has to say about reading instruction (pp. 186-214). Newark, DE: International Reading Association.

Alderman, G., and Green, S. (2011) Fostering lifelong spellers through meaningful experiences. The Reading Teacher, 64(8), pp. 599-605.

Allington, R. L. (2011). Research on reading/ learning disability interventions. In S. J. Samuels and A. E. Farstrup (Eds.), What research has to say about reading instruction. (pp. 261-264) Newark, DE: International Reading Association

Anderson, R. C., Hiebert, E., Scott, J., and Wilkinson, I. (1985). Becoming a nation of readers: The report of the Commission on Reading. Champaign, IL: Centre for the Study of Reading.

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2013): An Próiseas Léitheoireachta

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2013): Gnéithe de Theagasc Éifeachtach na Teanga Labhartha

Bean, R. M., and Morewood, A. L. (2011). Best practices in professional development for improving literacy instruction in schools. In L. M. Morrow, and L. Gambrell (Eds.), Best practices for literacy instruction (4th ed.), (pp. 455- 478). New York, NY: Guilford.

Bear, D. R., Invernizzi, M. A., Templeton, S. R., and Johnston, F. R. (2011). Words their Way: Word Study for Phonics, Vocabulary, and Spelling Instruction (5th Edition). Boston: Pearson.

Beck, I and Beck, M. (2013). Making sense of phonics: The how and whys, 2nd edition. New York. Guildford Press.

Black, P. and Wiliam, D. (1998a), Assessment and Classroom Learning, Assessment in Education, vol.5, pp. 7-71

Blanchard, J. S., and Farstrup, A. E. (2011). Technologies, digital media, and reading instruction (4th ed.) In S. J. Blanchard, and A. E. Farstrup, (Eds.), What Research Has to Say About Reading Instruction (pp. 286-314). Germany, DE:

International Reading Association.

Boushey, G., and Moser, J. (2009) The Café Book: Engaging all students in Daily Literacy Assessments and Instruction, Portland, ME: Stenhouse publishers

Buell, M.J., Gamel-McCormick, M., and Unger, D. (2010). Why families shouldmatter in Early Reading First. In M. McKenna, S. Walpole, and K. Conradi, (Eds.), Promoting Early Reading. (pp. 164-174). New York, NY: Guilford Publications.

Burns, S.M., Griffin, P., and Snow, C.E.(1999) Staring Out Right: A Guide to Promoting Children's Reading Success. Washington, D.C.: National Academy Press.

Canadian Language and Literacy Research Network. (2008). Foundations for literacy [kit]: An evidence-based toolkit for the effective reading and writing teacher. London, UK: Canadian Language and Literacy Research Network.

Catts, H., Adolf, S. M., Hogan, T. P., and Weismer, S. (2005) Are specific language impairment and dyslexia distinct disorders? Journal of Speech, Language and Hearing Research, 48, pp. 1378-1396.

Clay, M.M. (2013) An Observational Survey of Early Literacy Achievements (third edition) (2013).
Portsmouth. N.H. Heinemann.

Clay & Nig Uidhir ( 2006) Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht – Treoir do Theagasc na Litearthachta. Heinmann Education.

Coburn, C. E., Pearson, P. D., Woulfin, S. (2011). Reading policy in the ear of accountability. In M. L. Kamil, P.D. Pearson, E. B. Moje, and P. P. Afflerbach (Eds.), Handbook of reading research, Vol. 4, pp.561-593. New York, NY: Routledge.

Coker, D.L and Kim, Y.G. (2017). Critical Issues in the Understanding of Young Elementary School Students at Risk of Problems in Written Expression: Introduction to Special Issue. *Journal of Learning Disabilities*.

Cremin, T., Flewitt, R., Mardell, b. and Swann, j. (eds) *Storytelling in Early Childhood: Enriching language, literacy and classroom culture*. London and New York. Routledge.

Culligan, B. (1997) Improving children's spelling: A guide for teachers and parents (2nd Ed.). Dublin: Elo press

Cunningham, P.M. and Allington, R.L. (1999). Classrooms that work: They can all read and write. New York, NY: Longman.

Dalton, B., and Strangman, N. (2006). Improving struggling readers' comprehension through scaffolded hypertexts and other computer-based literacy programs. In D. Reinking, M. C. McKenna, L. D. Labbo, and R. D. Keiffer. (Eds.), Handbook of literacy and technology (2nd ed.). Mahwah, NJ: Lawrence Erlbraum Associates Inc.

De Brún, J. (2007). Leabhair Ghaeilge do pháistí. Baile Átha Cliath: COGG.

Department of Education and Skills. (2011). Literacy and Numeracy For Learning and Life: The National Strategy to Improve Literacy and Numeracy among Children and Young People 2011-2020. Dublin, IRL: Department of Education and Skills.

Duke, N. K., Pearson, P. D., Strachan, S. L., and Billman, A. K. (2011) Essential Elements of Fostering and Teaching Reading Comprehension. In S. J. Samuels and A. E. Farstrup (Eds.), What research has to say about reading instruction (pp. 186-214). Newark, DE: International Reading Association.

Education Sciences, National Centre for Education Evaluation and European Commission (2012). EU High Level Group of Experts on Literacy: Final Report. Luxembourg: Publications Office of the European Union.

Eurydice Network (2011). Teaching Reading in Europe: Contexts, Policies and Practices. Education, Audiovisual and Cultural Executive Agency, European Commission

Fautsch-Patridge. T., McMaster. K. L., and Hupp. S. C. (2011) Are Current Reading Research Findings Applicable to Students With Intellectual Disabilities? In S. J. Samuels and A. E. Farstrup (Eds.), What research has to say about reading instruction. Newark, DE: International Reading Association.

Frederickson, J., and Collins, A. (1989) A systems approach to educational testing, Educational Researcher, l8 (9), pp. 27-32.

Gambrell, L. B., Malloy, J. A., and Mazzoni, S. A. (2011). Evidence-based best practices in comprehensive literacy instruction. In L. M. Morrow and L. B. Gambrell (Eds.). Best practices in literacy instruction (4th ed.) (pp 11–36). New

York: Guilford Press.

Gillanders, C., and Jimenez, R. T. (2004). Reaching for success: A close-up of Mexican immigrant parents in the USA who foster literacy success for their kindergarten children. Journal of Early Childhood Literacy (4) pp. 243-269.

Graves, M. F. (2006) The Vocabulary Book: Learning and Instruction. Newark DE: International Reading Association.

Guthrie, J.T. (2004). Teaching for literacy engagement. Journal of Literacy Research, 36(1), pp. 1–29. doi:10.1207/s15548430jlr36012

Hall K., Harding A. (2003). A systematic review of effective literacy teaching in the 4 to 14 age range of mainstream schooling. In: Research Evidence in Education Library. London: EPPI-Centre, Social Science Research Unit, Institute of Education.

Harris, J. & Ó Duibhir, P.(2011) Múineadh éifeachtach teangacha: sintéis ar thaighde : Tuarsacáil Taighde 13 CNCM

Hickey, T. (1991). Leisure reading in a second language: An experiment with audio-tapes in Irish. Language, Culture and Curriculum, 4(2), 119-131.

Hickey, T. & Ó Cainín, P. (2003). Léitheoirí óga na Gaeilge: Cothú agus cabhair. In R Ní Mhianáin (Ed.), Idir-lúibíní: Aistí ar an léitheoireacht agus ar an litearthacht (25-44). Baile Átha Cliath: Cois Life.

Hindman, A., Wasik, B. and Snell, E. (2016). Closing the 30 Million Word gap: Next Steps in Designing Research to Inform Practice. *Child Development Perspectives.* Vol 10 (2), 134-139.

Hoff, E., and Naigles, L. (2002) How children use input to acquire a lexicon. *Child Development,* 73(2) pp. 418-433.

Hornsby, D. (2000). A closer look at guided reading. Armdale: Eleanor Curtain.

Huttenlocher, J., Haight, W., Bryk, A., Seltzer, M. and Lyons, T. (1991). Early vocabulary growth: relation to language input and gender. Developmental Psychology, 27(2), pp. 236–48.

Jimerson, S.R., Burns, M.K., and Van Der Heyden, A.M. (Eds.) (2015). *The handbook of response to intervention: The science and practice of assessment and intervention*. New York: Springer.

Johnson, J., Christie, J. and Wardle, F. (2005). Play, Development and Early Education. New York. Allyn and Bacon.

Karweit, N., and Wasik, B. A. (1996). The effects of story reading programs on literacy and language development of disadvantaged preschoolers. Journal of Education for Students Placed at Risk, 1(4), pp. 319-348.

Kennedy, E. (2011). Raising literacy achievement in high-poverty schools; Empowering classroom teachers through professional development. Reading Research Quarterly. Vol 45 (4), 384-387.

Kennedy, E. (2010). Improving literacy achievement in a high-poverty school: Empowering classroom teachers through professional development. Reading Research Quarterly, 45(4), pp. 384-387.

Krashen, S. D. (1985). The Input Hypothesis. London, UK: Longman.

Krashen, S. D. (1988). Second Language Acquisition and Second Language Learning. Hemel Hempstead: Prentice Hall.

Krashen, S. D. (1989). Language Acquisition and Language Education. Hemel Hempstead: Prentice Hall.

Krashen, S. D. (2004). The power of reading insights from the research, Westport, CT: Libraries unlimited.

Landry, R., Allard, R. & Devau, K. (2007). Bilingual school of the Canadian Francophone minority: A cultural autonomy model. International Journal of the Sociology of Language, 2007 (185), 133-162.

Leipzig, D. H. (2000). The Knowledge Base for Word Study: What Teachers Need to Know. Scientific Studies of Reading, 11(2), pp. 105-131.

MacKay, T. (2006). The West Dunbartonshire Literacy Initiative: The Design, Achievement and Eradicate Illiteracy. Dunbarton: West Dunbartonshire Council.

McKay, M. (2006) Assessing young language learners. Cambridge: Cambridge University Press.

Miller, D. (2009) The book whisperer: Awakening the inner reader in every reader, San-Francisco: Jossey-Bass.

Morris, D. (2015). Preventing early reading failure, The Reading Teacher, Vol 68, 7, pp502-509.

Morrow, L. M., and Gambrell, L. B. (2011). Best practices in literacy instruction (4th ed.). New York NY: Guilford Press.

Morrow, L. M., Freitag, E., and Gambrell, L. B. (2009). Using Children's Literature in Preschool to Develop Comprehension: Understanding and Enjoying Books (2nd ed.). Newark, DE: International Reading Association.

Moss, B., and Young, T. A. (2010). Creating lifelong readers through independent reading. Neward, DE: International Reading Association.
Murray, B. A., and Steinen, N. (2011). W or d / m a p / p i n g: How Understanding Spellings Improves Spelling power. Intervention in School and Clinic, 46(5), pp. 299-304.

National Association for the Education of Young Children (1998). Learning to read and write: Developmentally appropriate practices for young people. A joint position statement of the International Reading Association and the National Association for the Education of Young Children.

National Council for Curriculum and Assessment. (2012). Literacy in Early Childhood and Primary Education (3 – 8 years). Dublin: NCCA.

Neuman, S. B., and Celano, D. (2001). Access to Print in Low-Income and Middle-Income Communities: An Ecological Study of Four Neighbourhoods. Reading Research Quarterly, 36(1), pp. 8-26.

Newlands, M. (2011). Intentional Spelling: Seven Steps to Eliminate Guessing. The Reading Teacher, 64(7), pp. 531-534.

Ní Dhiorbháin, Aisling (2014). Bain Súp As! Treoir Nua maidir le Múineadh na Gramadaí. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Ghrádaigh (Eag.), Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge (Breacadh, 2015 & 2017; www.maradearfa.ie)

Ní Ghrádaigh, Nóirín (Eag.), Liostaí Bhreacadh: Focail Choitianta sa Ghaeilge (Breacadh, 2007)

Nig Uidhir, G.(2013) Forbairt na Litearthachta agus Straitéisí luath-idirghabhála i nGaelscoileanna  CCEA, Béal Feirste

Oczkus, L. D. (2010) Reciprocal teaching at work: Powerful strategies and lessons for improving reading comprehension. Newark, DE: International Reading Association.

Ó Duibhir, P. & Cummins, J. (2012). Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3-12years). Research Report No.16. NCCA.

Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L., Ó Brolcháin, C., (2015). Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta. COGG agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Pearson, P. D. (1984) Handbook of Early Reading Research, New York: Longman.

Pearson, P.D., and Gallagher, M.C. (1983). The Instruction of Reading Comprehension. Contemporary Educational Psychology, 8(3), pp. 317–344.
Pétervary, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., agus Sheahan, J. (2014). Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta. COGG agus OÉ Gaillimh.

Pressley, M. and Allington, R. (2014). *Reading Instruction that Works: The Case for Balanced Teaching* (fourth edition). New York. Guilford Press.

Pressley, M., Mohan, L., Fingeret, L., Reffitt, K., and Raphael-Bogaert, L. (2007). Writing instruction in reading and effective elementary settings. In S. Graham, C. A., MacArthur, and J.Fitzgerald (Eds.), Best practices in writing instruction (pp. 13-27). New York: Guilford Press.

Raskinski, T. and Samuels, S.J. (2011). In Samuels, S.J. And Farstrup, A. (eds) What Research has to say about Reading Instruction, 4th edition, Newark, DE, International Reading Association.

Shanahan, T. (2008). Why balanced literacy is a problem? Shanahan on literacy. Retrieved from http://www.shanahanonliteracy.com/2008/09/whybalanced-literacy-is-problem.html.

Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., & Miller, D. (2011). The 2010 National Assessments of English reading and Mathematics in Irish-medium schools: Summary report. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas

Shiel, G., Cregan, A., McGough, A. and Archer, P. (2012). Oral language in Early Childhood and Primary Education (3-8years). Research report No. 14. NCCA.

Snow, C, E., Burns, M. S., and Griffin, P. (1998) Preventing Reading Difficulties in Young Children, Washington, DC: National Academy Press.

Snow, C. E., Griffin, P., and Burns, M. S. (2005). Knowledge to support the teaching of reading: Preparing teachers for a changing world. San Francisco, CA: John Wiley and Sons Inc.

Solity, J.E., Deavers, R., Kerfoot, S., Crane, G. and Cannon, K. (2000). The Early Reading Research: The Impact of Instructional Psychology. Educational Psychology in Practice, 16 (2), pp. 109-129.

Taylor, B., Raphael, T., and Au, K. (2011). Reading and school reform. In M. L. Kamil, P. D. Pearson, E. B. Moje, and P. P. Afflerbach (Eds.) Handbook of reading research, Vol. IV, pp. 594-628. New York, NY: Routledge.
Taylor, B.M., Pearson, P.D., Peterson, D.S., and Rodriguez, M.C. (2005). The CIERA school change framework: An evidence based approach to professional development and school reading improvement. Reading *Research Quarterly, 40*(1), pp. 40–69. doi:10.1598/RRQ.40.1.3.

Tyner, B. B. (2009). *Small-Group Reading Instruction: A Differentiated Teaching Model for Beginning and Struggling Readers* (2nd Ed). Newark, DE: International Reading Association.

U.S. Department of Education (2010). The Enhanced Reading Opportunities Study Final Report: The Impact of Supplemental Literacy Courses for Struggling Ninth-Grade Readers. Retrieved from http://ies.ed.gov/ncee/pubs/20104021/pdf/20104021.pdf

Van Kleeck, A. (2006). Fostering inferential language during book sharing with prereaders: A foundation for later text comprehension strategies. In A. Van Kleeck (Ed.), *Sharing books and stories to promote language and literacy* (pp.269-317). San Diego, CA: Plural.

Vellutino, F. R., Fletcher, J. M., Snowling, M. J., and Scanlon, D. M. (2004). *Specific reading disability (dyslexia): what have we learned in the past four*

*decades?* Oxford UK: Blackwell publishing.

Wade, B and Moore, M. (1998). An Early Start with Books: literacy and mathematical evidence from a longitudinal study. *Educational Review*, 50, pp.135-145

Wasik, B., Hundman, A. and Snell, E. (2016). Poor reading and vocabulary NEPS- Balanced Approach to Literacy Development in the Early Years- 2015- Revised March 2016 128 development: A systematic review. *Early Childhood Research Quarterly*. Vol 37 (4), 39-57.

Wasik, B. A., Bond, M. A., and Hindman, A. H. (2006). The effects of a language and literacy intervention on Head Start children and teachers. *Journal of Educational Psychology,* 98, pp 63-74.

Weir, S. and Denner, S. (2013). *The evaluation of the school support programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013*. Education Research Centre. Dublin.

Yopp, K. Y., and Yopp, R. H. (2000). Supporting phonemic awareness development in the classroom. *The Reading Teacher,* 54, pp. 130–143.